ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 26

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

27.06.2012

Síle Ní Bhraonáin ag plé fir agus a gcuid málaí
L. 28

Agallamh le fear lár-páirce Bhaile Átha Cliath, Eamonn Fennell
L29

www.gaelsceal.ie

Rinne Poots 'áibhéil' faoi chostas na Gaeilge sna cúirteanna

- **£200,000 le ligean do dhaoine Gaeilge a labhairt sna cúirteanna ó thuaidh a dúirt Edwin Poots**
- **£5,000 a dúirt Seirbhís Cúirteanna Thuaisceart Éireann**

Scéal Eisiach

Colm Ó Broin

Rinne Edwin Poots ón DUP áibhéal "suntasach" ar an gcostas a bhainfeadh le haitheantas a thabhairt don Gaeilge i gcúirteanna na Sé Chontae, de réir Seirbhís Chúirteanna Thuaisceart Éireann.

Mhaígh an t-iarAire Ealaíon, Cultúir agus Fóillíochta in 2007 go gcosnódh sé beagnach £200,000 in aghaidh na bliana dá ligfí do dhaoine Gaeilge a úsáid sna cúirteanna ó Thuaidh. Léiríonn cáipéisí atá faighte ag Gaelscéal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil an tSeirbhís Chúirteanna den tuairim go bhféadadh an costas a bheith chomh híseal le £5,000, áfach.

Rinne Poots an maíomh faoin £200,000 i dTionól Stormont ach dúirt an tSeirbhís nach ndeachaidh sé i gcomhairle leo faoin measúnú.

"*Our view is that this is a significant over-estimate,*" a dúirt oifigigh na Seirbhíse.

Dúradh leo níos déanaí go raibh measúnú Poots bunaithe ar fhoireann d'ochtar ag obair dhá lá sa tseachtain móide 'marcáil suas' 48% ar 'fhorchostais agus costais reatha'.

Rinne an tSeirbhís measúnuithe éagsúla ar an gcostas a bhainfeadh le cearta teanga do Ghaeilgeoirí sna cúirteanna.

De réir mheasúnú amháin a rinne siad in 2010, bunaithe ar chostais sa Bhreatain Bheag, chosnódh sé £20,000. Dúirt siad i mí Feabhra na bliana seo, áfach, go bhféadfadh an costas a bheith níos ísle fiú.

Ar lean ar leathanach 2

Iar-Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt, Edwin Poots.

Ráiteas Phil Hogan ag teacht salach ar thaifead Ghaelscéal

Mairtín Ó Catháin

TÁ ráiteas a rinne an tAire Chomhshaoil, Phil Hogan, sa Dáil ag teacht salach ar thuairisc i nGaelscéal faoi dhabhchanna séarachais.

Shéan an tAire Hogan go ndearna sé cáineadh ar an ngrúpa Glór na Tuaithe i dtaca le conspóid na ndabhchanna agus é sa gClochán le déanaí, ach léiríonn taifead a rinne an nuachtán seo nach amhlaidh atá.

D'fhreagair an tAire ceist Dála a bhain le hagallamh a thug sé ar 2 Meitheamh agus é ar cuairt chuig an mbaile in iarthar Chonamara. D'fhiafraigh an Teachta Eamon Ó Cuív den Aire cén fáth ar dhúirt sé go raibh an eagraíocht Glór na Tuaithe 'mífhreagrach' faoi chúrsaí uisce glan sa tír seo. Shéan an tAire go ndearna sé tagairt don eagraíocht, áfach.

"*Contrary to the Deputy's assertion, I did not make any comment regarding Glór na Tuaithe,*" ar seisean.

Bhí Glór na Tuaithe ag iarraidh bualadh leis an Aire le linn dó a bheith sa gClochán mar dhuine de phainéal cainteoirí faoi fhorbairt bailte móra. Fuair an eagraíocht scéala an trathnóna roimhe sin nach mbeadh an tAire sásta casadh leo.

Ar lean ar leathanach 3

NUACHT NÁISIÚNTA

‘Seans ar bith’ go mbeidh Acht Gaeilge ann - DUP

Anton Mac Cába

NÍL iomrá ar cheachtar den dá pháirtí Aontachtacha glacadh le hAcht Gaeilge. D’fhoilsigh Pobal liosta moltaí do reachtaíocht Teanga i Stormont inné, ach dúirt foinse sinsearach sa Pháirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) go raibh an cheist socraithe, dar leis.

“Táimid sásta a bheith ag obair ar stráitéis do theangacha mionlaigh. Níl seans ar bith go dtiocfadh le hAcht Gaeilge dul tríd an Tionól. Tá sé in am ag an mhuintir atá ag stocaireacht ar a shon bogadh ar aghaidh, agus rud éigean praiticiúil a fháil.”

Dar leis an DUP, tá an SDLP ag déanamh mioscaise do Shinn Féin trí thacaíocht a thabhairt d’Acht Gaeilge.

Níl an mórpháirtí Aontachtach eile, Páirtí Aontachtach Uladh, sásta tacaíocht a thabhairt ach an oiread. Tá sin ainneoin go luaitear leithéidí muintir McGimpsey agus Ian Adamson a bheith báúil leis an teanga.

Dúirt ionadaí tofa fadbhunaithe nach nglacfadh an páirtí le reachtaíocht.

“Go bunúsach, is é an Béarla an teanga coitianta, ó Thuaidh agus ó Dheas. Níl rud ar bith agamsa in éadán duine ar bith go bhfuil teanga mar chaitheamh aimsire acu, bíodh is gur Gaeilge nó Ultais í. Tá sin ar an gcoinníoll gurb iad na daoine gur mhaith leo tabhairt faoi a mhaoiníonn é.”

Cinnte, tá eagla ar líon súntasach den phobal Aontachtach go mbeidh an Ghaeilge á brú orthu.

Gheall Comhaontú Chill Rimín Acht Gaeilge. Níl iomrá ar an Acht san Northern Ireland (St Andrews Agreement) Act 2006 áfach, a rith Parlaimint na Breataine.

Deir sin: “(1)*The Executive Committee shall adopt a strategy setting out how it proposes to enhance and protect the development of the Irish language.*”

Tá gealltanas ar an dul céanna ann maidir leis an Ultais. De réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, caithfidh tacaíocht trasphobail bheith ag reachtaíocht chonspóideach ar bith. Bheadh ar 40% d’Aontachtaithe vótáil d’Acht Gaeilge.

“Ar ndóigh, chuir sé iontas orm na rudaí ar ghlac an pobal leo,” arsa fear an DUP.

Rinne Aire Cultúir, Ealaíona agus Fóillíochta an Tuaiscirt, Carál Ní Chuilín, moltaí nuashonraithe Pobal maidir le hAcht Gaeilge a sheoladh i mBéal Feirste inné.

Dúirt an tAire go raibh Roinn s’aici tiomanta do mholtaí d’Acht Gaeilge a thabhairt chun tosaigh.

“Tá obair leanúnach ar siúl ag feidhmeannaigh,” ar sise, “le reachtaíocht iomlán a thabhairt isteach, beidh comhaontú de dhíth ón bhFheidhmeannas agus ón Tionól. Tá súil agam go n-oibreoidh lucht tacaíochta na Gaeilge ar fad le céile chun an fiúntas a bhaineann le hAcht Gaeilge a chur ina luí ar an Tionól.”

Tá moltaí Phobail d’Acht Gaeilge i bhfoilseachán a thugann creat straitéiseach don reachtaíocht. Is uasdátú é ar dhoiciméad a foilsíodh ag tús na bliana. Ann, tá caibidil nua ón Ollamh Colin Williams (Ollscoil Caerdydd), agus ón Dr Fernand de Varennes (Ollscoil Murdoch, san Astráil, gur Frainciseoir ó Québec é).

Labhair Janet Muller, Príomhfheidhmeannach Phobal, le Gaelscéal roimh an seoladh. Dúirt Muller go raibh tromlach na moltaí a rinne Pobal san Acht a mhol siad seasmhacha ar fad.

“Tá forbairtí sa timpeallacht, gur cheart iad a chur leis an Acht,” ar sise. “Tá beart na Breatnaise ann mar aon le feidhmiú an Achta Gàidhlig in Alban. Leis, tá forbairtí sa Deisceart i gceist.”

Tá Muller ag amharc freisin ar fhorbairtí ar bhonn idirnáisiúnta. Tá tábhacht leis na forbairtí a tharla sna meáin, agus i dteicneolaíocht na faisnéise. Mar sin tá moltaí níos láidre ann maidir leis an gcraoltóireacht, is é sin go mbeadh sí ar chomhchéim leis an Bhreatnais nó le Gaeilge na hAlban.

Níl Muller cinnte an féidir tacaíocht a fháil ag leibhéal an Tionóil.

“Sílim go luíonn an fhreagracht le rialtas na Breataine i ndeireadh na dála,” ar sise. “Tá ceisteanna nach féidir a réiteach ag leibhéal an Tionóil. Tá seirbhísí Gaeilge i ngnóthaí coróineacha, cúrsaí cánach mar shampla, iontach tábhachtach ag pobal na Gaeilge.”

Is é rialtas na Breataine atá freagrach as na seirbhísí seo. Mar sin, dar léi go bhfuil dualgas orthu reachtaíocht a thabhairt isteach maidir leis na gnéithe sin den tseirbhís phoiblí. Tá Pobal le brú a chur orthu é sin a dhéanamh.

Rinne Poots ‘áibhéal’ faoi chostas na Gaeilge sna cúirteanna

Ar lean ó leathanach a haon

“It is very difficult to estimate costs, not knowing what the demand might be, but similar demand to that experienced in the Republic of Ireland could mean annual costs of £5,000.”

Tá an measúnú sin 40 uair níos lú ná measúnú Edwin Poots.

Caitheann an tSeirbhís Chúirteanna £5 milliún ar ateangaireacht agus aistriúchán in aghaidh na bliana.

Tá cosc ar aon teanga seachas Béarla i gcúirteanna an Tuaiscirt de bharr Acht Riar na Córa (Teangacha) 1737. Níl an tAcht i bhfeidhm in Albain ná an Bhreatain Bheag a thuilleadh.

Bhí aisghairm an Achta mar cheann de na moltaí a rinne scáth-eagras na Gaeilge ó Thuaidh, Pobal, inné, mar chuid d’aighneacht faoi reachtaíochta teanga don Tuaisceart.

“Is léir nach raibh bunús ar bith leis an figiúr a luaigh Edwin Poots,” arsa Janet Muller, Príomhfheidhmeannach Phobal. “Tá an chuma air gur dearnadh é ar chúl chlúdaigh.”

“Go minic luaitear ardchostas chun cearta a shéanadh ar phobal na Gaeilge ach is léir ón chás seo nach raibh ann ach leithscéal chun é sin a dhéanamh.”

Dúirt Muller gur cheart d’eagraíocht neamhspleách measúnú a dhéanamh ar chostais a bhainfeadh le seirbhísí ar chur ar fáil do phobal na Gaeilge ach nach bhféadfaí airgead a úsáid mar chúis chun cearta teanga a shéanadh.

Thug an ceoltóir aitheanta, Caoimhín Mac Giolla Catháin, dúshlán Acht 1737 in 2009 ach dhiúltaigh an Ard-Chúirt i mBéal Feirste dó. Dúirt na breithimh go raibh an cosc ar theanga dhúchais na hÉireann inghlactha toisc go raibh Béarla ag formhór ollmhór an phobail ó thuaidh.

Léiríonn cáipéisí eile a fuair Gaelscéal go bhfuil an tAire Dlí ó thuaidh, David Forde, ag diúltú bualadh le Pobal faoi Acht 1737 ó ceapadh é sa phost in 2009. Thug státseirbhísigh treoir don Aire de chuid Pháirtí an Chomhaontais gan bualadh le scáth-eagras phobal na Gaeilge toisc nach raibh sé ar intinn aige an tAcht a aisghairm ceal straitéis iomlán don teanga a bhí aontaithe ag páirtithe an Tionóil.

“Tá sé uafásach nuair a dhiúltaíonn Aire bualadh le sainghrúpa, go háirithe nuair atá siad ag iarraidh reachtaíocht atá leatromach ar an ngrúpa sin a phlé,” arsa Muller.

“Fiú mura bhfuil sé chun an reachtaíocht a aisghairm, ba cheart dó bualadh le grúpa chun haitheantas a thabhairt dóibh, go háirithe nuair is Aire ó pháirtí s’aige atá muid ag caint faoi, páirtí atá in ainm is a bheith ag cothú dea-chaidrimh idir an dá phobal.”

Saol an Mhadaidh Bháin

An tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, ag bronnadh bonn airgid ar son na carthanachta SPCA ar sheisear comhaltaí den Gharda Síochána, ar son a gcomhoibriú agus a gcúnamh nuair a bhí sé ag teastáil chun leas ainmhithe a chuir chun cinn. Sa phictiúir, in éineacht leis an Aire tá Fiona Tighe atá lonnaithe i gCarraig Dubh a tháinig ar fheirm madraí óga ina raibh an t-úinéir ag díol na madraí amach as a charr. GRIANGHRAF : PHOTOCALL IRELAND

Gaelscéal

European Newspaper AWARD

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Ráiteas Phil Hogan ag teacht salach ar thaifead Ghaelscéal

Ar lean ó leathanach a haon

Rinne Gaelscéal agallamh ar théipthaifeadán leis an Aire Hogan sa gClochán ar an lá agus fiafraíodh dó cén fath nach bhféadfadh sé bualadh leis an toscaireacht ó bhí sé i gConamara.

"No, I don't think it was appropriate. They have not been particularly helpful to this process and they have been irresponsible about water quality," arsa an tAire.

"I think the notion that an unused car and an old vehicle could be used as a septic tank is certainly not in the interest of good water quality and it sends out the wrong message.

"It is a very serious issue to have good quality water and this was treated as a joke." Ansin ceistíodh é mar seo:

"By whom" -

"By the local people - they thought it was a great idea...

"Who are these local people?"

"Well, the local people who have been involved - who were trying to meet me today - over the last number of months, who were very clear that this was great crack. It is not great crack..."

D'fhiafraigh an Teachta Ó Cuív don Aire Comhshaoil sa Dáil an raibh aon chruthúnas aige gur baineadh úsáid as seancharr mar dhabhach séarachais. Dúirt an tAire Hogan go raibh tuairiscí sna nuachtáin náisiúnta níos túisce i mbliana go raibh scéal faighte ag polaiteoir (nár hainmníodh) go raibh seancharr á húsáid mar dhabhach séarachais ag duine a thóg teach 20 bliain roimhe sin.

"Neither I nor my Department have any further knowledge of the matter," arsa an tAire.

Phil Hogan

An t-údar leabhra leanaí, Gerry Boland, ag léamh leabhair le slua leanaí i Leabharlann Thamhlachta ag an gcéad ócáid a bhí ag an bhfeachtas 'Léamh le Chéile' atá á reáchtáil ag club léitheoireachta Bhord Gáis. Lainseáil Bord Gáis an feachtas 'Léamh le Chéile' chun tacú le teaghlaigh a bheadh ag iarraidh a bheith ag léamh le chéile. Beidh ócáidí cosúil leis an gceann sin ag tarlú i leabharlanna ar fud na hÉireann in éineacht le húdair cáiliúla leabhar leanaí. Faigh noda spraíúla chun do leanbh a spreagadh chun léitheoireachta ag http://www.bordgaisenergybookclub.ie/readtogether. GRIANGHRAF : PHOTOCALL IRELAND

Ardú 10% ar líon na víosaí J1

Mairtín Ó Catháin

ARDÚ 10% ar a laghad atá tuartha ar an líon mac léinn as an tír seo a bhainfidh leas as na víosaí J1 d'obair shamhraidh i Stáit Aontaithe Mheiriceá i mbliana.

Dúirt urlabhraí in Ambasáid Mheiriceá i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo go bhfuil 7,200 víosa tugtha amach agus ceaptar go mbeidh roinnt céadta eile le cur leis sin sa deireadh.

Tháinig méadú ar an líon a bhain leas as an J1 as éadan aríst le blianta beaga anuas: 4,819 a tugadh amach in 2009, bhí sin ardaithe go dtí 5,012 in 2010 agus go dtí 6,507 anuraidh.

Tuairiscíonn Cónaidhm na nIonad Comhairleachta Imirce d'Éireannaigh i Meiriceá gur ar Chicago is mo atá triail na ndaoine óga i mbliana. Áirítear go raibh tuairim 2,300 mac léinn Éireannach tagtha ansin le beagán seachtainí agus súil le tuilleadh acu. Tuairiscítear 500 a bheith tagtha go dtí Ocean City i Maryland agus tá riar mhaith tagtha freisin go Bostún, San Francisco, San Diego agus Nua-Eabhrac.

Chuir Ambasadóir na hÉireann i Meiriceá, Michael Collins, ráiteas fáiltithe amach le gairid agus chomhairligh sé do mhic léinn socruithe cinnte a dhéanamh faoi lóistín. Tuairiscíonn an Emerald Isle Immigration Centre i Nua-Eabhrac go bhfhuil deacrachtaí ag roinnt mac léinn ag fáil áiteacha cónaithe.

Dá bharr sin, ní bhíonn fonn ar lucht árasáin agus tithe áit a ligean amach leo scaití. Dúradh i dtuairisc ó Ionad Aisling i Nua-Eabhrac go raibh súil acusan nach gcloisfidís drochscéalta faoi dhíobháil in áiteacha lóistín, ná faoi fhadhbanna óil ná drugaí an samhradh seo. Tá sé tárlaithe anois agus aríst gur tharraing eachtraí mar seo droch-cháil ar Éireannaigh óga a bhí ag caitheamh an tsamhraidh i Meiriceá.

Tháinig laghdú mór ar líon na mac léinn a fuair víosa J1 tar éis ionsaithe 9/11 i Nua-Eabhrac. Fuair 9,500 mac léinn víosa in 2001 ach thit sé seo go dtí 4,000 in 2004.

Shocraigh Ambasáid Mheiriceá i mBaile Átha Cliath go rachfaí amach chuig coláistí agus go bhféachfaí le borradh a chuir faoin scéim J1 in athuair. Thárla sin freisin mar gur tugadh amach beagnach 8,000 víosa J1 in 2005. Bhí luascadh anonn agus anall sna figiúirí ina dhiaidh sin ach tá an scéim faoi lán seoil aríst anois.

Comhordaitheoir Tionscadail in Anaclann Dúlra Phobail

Tá Comhordaitheoir Tionscadail ag teastáil ó Chomhaltas Pobail Charn Tóchair do "Thionscadal in Anaclann Dúlra Phobail Choill Dhroim nDamh" dá chuid. Is tionscadal oidhreachta pobalbhunaithe é seo a thabharfaidh faoi fhorbairt a dhéanamh ar Anaclann a chlúdóidh thart ar 200 acra agus a chuimseoidh mósáic gnáthóg, lena n-áirítear coillearnach, bogach, talamh féarach ar a bhfuil cuid mhór speicis le fáil agus níos mó ná míle de ghnáthóga bhruach na habhann.

Beidh an t-iarratasóir rathúil freagrach as comhordú agus as cur chun feidhme laethúil a dhéanamh ar an tionscadal, lena n-áirítear iniúchadh comhshaoil a dhéanamh ar na gnáthóga éagsúla laistigh den Anaclann agus Plean Bainistíochta 10 mbliana a ullmhú don Anaclann a leagfaidh amach .

Is ar feadh tréimhse 18 mí a mhairfidh an post seo ar dtús agus d'fhéadfaí é a leathnú faoi 6 mhí eile. Ní mór don iarratasóir céim tríú leibhéal nó a comhionann a bheith aige/aici mar aon le taithí oibre 3 bliana roimh ré san earnáil éiceolaíochta / oidhreachta. Ní mór don iarratasóir a bheith ábalta taispeáint ina (h)iarratas go bhfuil taithí chruthaithe aige/aici i measúnú éiceolaíochta ar ghnáthóga ársa / leathnádúrtha coillearnaí agus bogaigh, agus ar ullmhú pleananna/straitéisí bainistíochta gnáthóige. Ní mór don iarratasóir a bheith ábalta taispeáint go bhfuil taithí aige/aici ar obair as a stuaim féin agus taithí chruthaithe aige/aici i riarachán tionscadail dá shamhail.

Is féidir sonraí iomlána maidir le gach critéar riachtanach agus inmhianaithe agus foirm iarratais a fháil trí scríobh chuig: Comhaltas Pobail Charn Tóchair, An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha, Co. Dhoire BT46 5NH nó trí ríomhphost a chur chuig info@ancarn.org. Ní mór foirmeacha iarratais a chur ar ais faoi 12.00 ar an Luan an 16 Iúil 2012.

Tuarastal: £25,000-£29,000 sa bhliain, faoi réir taithí

Is fostóir comhdheiseanna é Comhaltas Pobail Charn Tóchair

NIEA Northern Ireland Environment Agency www.doeni.gov.uk/niea

heritage lottery fund LOTTERY FUNDED

an carn

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Gaeilge i mbaol dar le Google

Anton Mac Cába

TÁ an Ghaeilge ar an dé deiridh, dar le Google. San 'Google Endangered Languages Project', cuirtear síos ar an nGaeilge mar theanga "on the verge of extinction". Maíonn Google go bhfuil an togra ann le héagsúlacht teangacha a chaomhnú.

Dar le Google, níl ach 20,000 cainteoir dúchais Gaeilge ann. Is deacair i gcónaí a bheith cinnte faoi cheisteanna teanga, nó is féinmheasúnú a bhíonn i gceist. Mar sin féin, tagann figiúirí Google salach ar fhigiúirí an daonáirimh anuraidh. Dúirt 77,185 go labhraíonn siad Gaeilge achan lá, taobh amuigh den chóras oideachais. Dúirt 1.77 milliún, nó 41% den phobal, go dtig leo Gaeilge a labhairt. Níl na figiúirí ón daonáireamh anuraidh ó Thuaidh ar fáil go fóill.

Measann 22% den phobal, nó beagáinín níos mó ná milliún duine, go bhfuil siad in ann comhrá a bheith acu i nGaeilge, de réir thorthaí a d'fhoilsigh suirbhé Eorabharaiméadair an tseachtain seo caite. Dúirt 17%, nó 780,000 duine, go raibh siad in ann comhrá Fraincise a bheith acu.

Dar le Google go bhfuil canúintí Gaeilge ann, nach eol do dhuine ar bith eile a leithéidí: 'Meenawania', 'May' agus 'South May'. Luaitear, leis, canúintí atá anois marbh. Ina measc tá canúint an Bhlascaoid. Is cinnte go bhfuil sin marbh, mar thréig an pobal an Blascaod Mór in 1953.

Chuir Google an Ghaeilge ar aon chéim leis an Dgèrnésiais, teanga Gheansaí. Ní labhraíonn ach 1,327 duine an teanga sin, nó 2% díobh siúd atá ina gcónaí ar an oileán.

Níos aistí arís, dar le Google go bhfuil Gaeilge na hAlban agus an Bhriotáinis níos folláine. Dar le daonáireamh 2001, bhí Gaeilge na hAlban de chineál éigean ag 92,000 sa tír. Ba lú sin ná 2% den phobal. Ar bhealaí, tá cúrsaí níos measa ag an mBriotáinis. Tá laghdú 80% ar líon na gcainteoir le trí scór bliain anuas. Is thar an trí scór atá tromlach an 200,000 atá ann.

Ar ndóigh, ní ceisteanna beachtaíochtaí amháin atá le Google. Is é Google an t-ineall cuardaigh is mó a mbaintear úsáid as, ar fud an domhain. Baineann ar a laghad 300 milliún úsáid as gach lá. Cuireann Google seirbhísí eile ar fáil, mar shampla ríomhphost.

Tá ceisteanna faoin dóigh a mbaineann Google úsáid as an gcumhacht atá aige. Tá rialtóirí i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Eoraip á fhiosrú. Mar shampla, rinne TripAdvisor gearán le coiste de chuid Sheanad Stáit Aontaithe Mheiriceá gur bhagair Google nach mbeadh TripAdvisor mar chuid dá chuardach, mura gcuirfeadh TripAdvisor ábhar ar fáil do Google Places.

Tá Google Books conspóideach, ach go háirithe. Deir sé seo go bhfuil sé ar an leabharlann ríomhleabhar is mó ar domhain. Cuireann idir údáir agus foilsitheoirí i leith Google go bhfuil sé ag sárú cóipchirt. Bhronn cúirt i bPáras damáistí €300,000 ar bheirt fhoilsitheoirí in 2009 faoi shárú cóipchirt.

Foireann 'Threshold Abú!'. Tá peileadóir Bhaile Átha Cliath, Ger Brennan agus an imreoir rugbaí Laighean, Andrew Boyle, ag tabhairt dúshláin do Cassandra Cary (8) mar chuid de 'Trí-atalan Threshold'. Cláraigh inniu ag www.threshold.ie chun do thrí-atlan féin a eagrú agus faigh pacáiste Threshold saor in aisce chun cabhrú linn dul i ngleic le fadhbanna tithíochta agus chun cabhrú le daoine gan dídean in Éirinn.

Raidió Rí-Rá le craoladh go digiteach

Seosamh Ó Braonáin

TOSÓIDH Raidió Rí-Rá ag craoladh beo i bPort Láirge agus i mBaile Átha Cliath ar an gcóras digiteach craolta (DAB) ar an 1 Iúil. Beidh sé ar fáil ar an gcóras DAB i gCorcaigh agus i Luimneach roimh dheireadh na bliana seo freisin, agus go náisiúnta amach anseo.

Ag labhairt dó faoina bhforbairt nua, dúirt Traic Ó Braonáin, Cathaoirleach Raidió Rí-Rá: "Bhí Raidió Rí-Rá ag treabhadh an ghoirt ag soláthar sheirbhís cheoil agus Ghaeilge d'aos óg na tíre seo ón gcéad lá riamh, trí stáisiún iomlán ar líne a fhorbairt, trí fheidhmchlár iPhone in aisce a chur ar fáil dár n-éisteoirí, trí leas a bhaint as líonrú shóisialta ar nós Twitter agus Facebook, agus anois trí dhul ar an gcóras úr DAB.

"Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rogha na Gaeilge ar fáil d'aos óg na tíre seo mar chuid d'aon thogra cumarsáide nua de leithéid DAB, agus tá súil ag Raidió Rí-Rá scoth na seirbhíse raidió lánaimseartha a chur ar fáil go náisiúnta ar an gcóras DAB, FM agus teilifíse digití amach anseo."

Comórtas

Tá neart leabhair ildaite do ghasúir ó Chló Mhaigh Eo againn san oifig. Má tá sibh ag iarraidh iad a bhuachaint freagair an cheist thíos:

Cén cineál oibre a dhéanann Cló Mhaigh Eo?





Seol an freagra, in éineacht le d'ainm, do sheoladh poist agus d'uimhir gutháin chuig patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie roimh an Aoine, 29 Meitheamh 2012.

Difríochtaí móra ó thaobh iontráil do scoileanna gramadaí

Anton Mac Cába

TÁ difríochtaí móra le braith i líon na bpáistí a n-éiríonn leo i scrúdaithe do scoileanna gramadaí éagsúla sa Tuaisceart. Tá beagnach gach dalta ag pasáil scrúdaithe i scoileanna áirithe agus tá os cionn leath de na páistí ag teip i scoileanna eile.

Faoin seanchóras ó Thuaidh fuair páistí áit i 'scoil gramadaí' má d'éirigh leo i scrúdú an '11+' agus iad aon bhliain déag d'aois. Théadh mionlach de pháistí chuig scoileanna gramadaí, agus théadh na páistí a theip sa scrúdú chuig scoileanna idirmheánacha.

Cuireadh deireadh leis an '11+' ach bhunaigh na scoileanna gramadaí trail chumais dá gcuid féin le theacht i gcomharbas air.

Tá difear mór idir an líon iarratas iontrála a n-éiríonn leo i scoileanna difriúla. Thug an tAire Oideachais, John O'Dowd, an t-eolas sa Tionól i bhfreagra ar cheist ón gcomhalta den Tionól Reachtach, Phil Flanagan.

Chuir 93 isteach ar Campbell College i mBéal Feirste. Níor diúltaíodh do dhuine ar bith acu. Ba mhar an gcéanna don 96 a chuir isteach ar Scoil Ghramadaí Naomh Pádraig i nDún Pádraig. I gcás Scoil Mhuire na mBráithre i mBéal Feirste, chuir 172 isteach ar áit agus ligeadh achan duine isteach.

Tá Scoil na Mainistreach ar an Iúr faoin bhainistíocht céanna, Iontaobhas Éamann Rís. Chuir 200 isteach ar áit sa scoil sin ach níor ligeadh isteach ach 71.

Diúltaíonn scoileanna áirithe do pháistí ar éirigh níos fearr leo sa triail chumais ná mar a d'éirigh le páistí a ligeadh isteach go scoileanna eile.

I measc na dteoiricí a mhíneodh an éagsúlacht mhór tá ceann a deir go bhfuil scoileanna faoi bhrú ó thaobh spásanna a líonadh de bharr an titim atá tagtha ar líon na bpáistí sa Tuaisceart.

Dúirt Brendan Harron ó Aontas Múinteoirí Éireann go bhfuil na scoileanna gramadaí ag cur isteach ar inmharthanacht na scoileanna neamhroghnacha trí ghlacadh le suas le 50% d'iomlán na ndaltaí.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Le **hEoin Ó Murchú**

Vótaí Fhine Gael á n-aistriú go dtí Ó Cuív!

IS é an t-ábhar cainte is mó i bpasáistí Theach Laighean i ndiaidh an deireadh seachtaine ná na hathruithe toghcheantair agus a dtionchar ar thodhchaí na dteachtaí faoi seach.

Níl aon pháirtí níos dona as ná páirtí eile is cosúil, agus cothóidh na hathruithe deacrachtaí d'Fhine Gael i Maigh Eo agus i mBaile Átha Cliath Theas, do Shinn Féin i gCo. Laoise, agus don Lucht Oibre i mBaile Átha Cliath Theas. Ach beidh sé níos éasca ag Fianna Fáil i gCiarraí agus i nDún na nGall, cé go bhfuil siad buailte chomh trom sin nach ndéanfaidís an oiread sin difir gan méadú mór ar bhuntacaíocht an pháirtí.

Is é an scéal is truamhéilí, b'fhéidir, ná cás Alex White (Lucht Oibre). Tá a Dháilcheantar siúd laghdaithe ó chúig shuíocháin go dtí trí, agus tá leath dá vóta le haistriú amach as an Dáilcheantar go dtí Baile Átha Cliath Thiar Theas.

Éamon Ó Cuív

Maidir leis an nGaeltacht, níl mórán tionchair ag na hathruithe ansin. I nDún na nGall, faoi láthair, tá dhá Dháilcheantar, sé shuíochán, agus beirt as an nGaeltacht (Dinny McGinley agus Pearse Doherty).

Sa toghcheantar nua, tá cúig shuíochán. Coinneoidh Doherty agus a chomhghleacaí i Sinn Féin, Pádraig Mac Lochlainn, a gcuid suíochán gan stró, ach tá sé deacair a fheiceáil go mbeidh beirt ag Fine Gael mura seasann McGinley arís (beidh sé seachtó bliain d'aois faoi thráth an olltoghcháin seo chugainn).

Ní cóir go mbeadh an Ghaeltacht thíos ámh, mar beidh seans láidir ag Fianna Fáil go dtógfaidh Brian Ó Domhnaill suíochán.

I gCiarraí, beidh tionchar leithinis Dhuibhneach agus Leitriúigh treisithe, agus seans níos fearr acu ar shuíochán, cé nach bhfuil aon chinnteacht faoi sin cheal iarrthóir láidir áitiúil.

Agus i nGaillimh Thiar, is dócha go dtreiseoidh na vótaí nua atá á n-aistriú ó Mhaigh Eo an bonnáit atá ag Éamon Ó Cuív thar dhuine ar bith eile, fiú más vótóirí Fhine Gael cuid mhaith acu faoi láthair.

Is mó i bhfad an ceangal atá ag Ó Cuív le deisceart Mhaigh Eo ná mar atá ag Seán Kyne nó Fine Gaelach ar bith eile.

Seanadóirí ar buille faoina ndíshealbhú

Tá todhchaí an tSeanaid idir dhá cheann na meá.

TÁ taibhse ag taithiú ar an Seanad ar ndóigh, taibhse a lánscoir, mar atá beartaithe ag an rialtas. Chuir sé isteach go mor ar an Seanad, mar sin, go raibh a seomra á úsáid Dé Luain na seachtaine seo le haghaidh seimineár faoi leasuithe parlaiminte, agus ról an dara tí ach go háirithe.

Tháinig 60 eolaí polaitíochta ó gach cearn den domhan chuig an seimineár, ach is éard a chuir as do na Seanadóirí abhus ná nach iad a bhí ag leagan síos comhthéacs an phlé seo ach na 'saineolaithe' anaithnid.

Mar a tharla, ní hé seo an chéad uair ar tháinig Cuibhreannas na hEorpa um Taighde Pholaitiúil go hÉirinn le haghaidh seimineár den tsórt seo. Dhá bhliain ó shin, bhí 600 i láthair in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le haghaidh seimineáir - ach ní raibh aon chaint an uair úd faoin Seanad a scor.

Ach dúirt foinse rialtais amháin liom go mbeadh sé níos fearr ag na Seanadóirí argóintí fiúntacha a chur ar aghaidh faoi na cúiseanna ar cheart an Seanad a choinneáil. Dar leis an duine seo, léiríonn an 'chipiléireacht amaideach' seo - mar a thug sé (nó sí) air - cén fáth gur chóir deireadh a chur leis an Seanad agus airgead a shábháil.

Ní mar sin, ámh, a smaoiníonn fiú na Seanadóirí a cheap an Taoiseach féin, agus cé nach féidir leis an Seanad aon reifreann a stop, is féidir moill a chur air.

I bhfianaise na bhfadhbanna móra eile atá romhainn - san eacnamaíocht ach go háirithe - níl aon chinnteacht ann nach mbeidh Seanad fós i seilbh an tseomra bhreá sin tráth an olltoghcháin seo chugainn!

McGinley faoi bhrú sa Seanad i dtaobh an Bhille Gaeltachta

ÁBHAR cainte eile ar ndóigh ná an Seanad. Tá an rialtas meáite ar dhul ar aghaidh le deireadh a chur leis, ach ní léir gur féidir leo Seanadóirí an rialtais féin a thabhairt leo.

Agus mar a tharla, bhí ceann de na díospóireachtaí ba bhríomhaire faoi chúrsaí Ghaeilge sa Seanad. Tháinig an tAire Stáit, Dinny McGinley, faoi bhrú mór mar gheall ar mBille Gaeltachta. Cáineadh go géar é as comhaltaí an Údaráis le bheith tofa gan toghchán.

Dúirt an Seanadóir as Conamara, Trevor Ó Clochartaigh, Sinn Féin, nach féidir béim a leagan ar riachtanais phobail i dtaobh na Gaeilge agus daonlathas an Údaráis a bhaint de.

Agus dúirt an Seanadóir neamhspleách as Coláiste na Tríonóide, Seán Barrett, gur chloigín báis don teanga deireadh a chur leis an bpróiseas daonlathach i gceapadh an Údaráis. Ach dúirt an tAire nach ndéanfadh sé aon leithscéal as cúig céad míle Euro a shábháil trí thoghchán a chur ar ceal.

Ní mó na sásta ach an oiread atá na Seanadóirí mar gheall ar an easpa ama a tugadh dóibh le leasuithe agus eile a chur le chéile, agus is dócha go mbeidh sé ina raic arís amárach nuair a phléifear an Tríú Céim den Bhille.

Dinny McGinley.

Ar na hábhair atá ag cur as dóibh, tá ról na n-eagraíochtaí stáit sa nGaeltacht. Dúirt Ó Clochartaigh nach bhfuil siad ag glacadh lena gcuid dualgas i leith na teanga cheana féin, is go gcaithfí a bheith cinnte nach laghdófaí an dualgas atá orthu sa gcaoi go bhfuil an Bille scríofa.

Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh teo.
www.cflt.ie

Tá Bainisteoir á lorg ag Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh Teo chun dul i mbun cúraimí forbartha i gClochán Bhréanainn.

An Post:

- Bainistiú a dhéanamh ar an gComharchumann agus ar tograí an chomhlachta
- Tacú le pobal na Gaeltachta chun an Ghaeilge a chuir chun cinn tré scéimeanna teanga a fheidhmiú
- Tionscnaimh áitiúla a spreagadh agus tionscail na turasóireachta chultúrtha a fhorbairt
- Plean forbartha an Chomharchumainn a fheidhmiú agus taighde a dhéanamh ar riachtanais forbartha agus teanga an cheantair
- Deighleáil go leanúnach le Eagraíochtaí Stáit d'fhonn an Comharchumann agus an ceantar a chuir chun cinn.

Cáilíochtaí:

- Ard-chaighdeán scríofa agus labhartha na Gaeilge
- Taithí phraiticiúil agus cumas i riaradh gnó nó taithí oibre i gcúrsaí forbartha pobail
- Taithí ar fhoireann a bhainistiú
- Ard- scileanna idirphearsanta, eagrúcháin agus cumarsáide
- Ard-scileanna ríomhaireachta

Is conradh bliana atá á thairiscint i dtosach.

Seoltar iarratais mar aon le CV roimh **4ú Iúil 2012** chuig:

An Cathaoirleach
(Post Bainisteora – Comharchumann an Leith-Triúigh Teo)
Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh
Halla Le Chéile, Bréanainn
Trá Lí, Contae Chiarraí

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

An bhfuil tú réidh le

Le Seosamh Ó Braonáin

Leis an gcóras nua digiteach seo, Saorview, gheobhaidh tú pictiúr i bhfad níos fearr na mar a bhí le fáil ina lán áiteanna leis an seanchóras analógach.

Ar an 24 Deireadh Fómhair seo chugainn, cuirfear deireadh go hoifigiúil leis an gcraoladh analóige teilifíse in Éirinn agus athrófar go dtí an córas nua digiteach ar a dtugtar Saorview. As sin ar aghaidh, ní bheidh fáil ar na cainéil Éireannacha mura mbeidh an córas Saorview curtha i bhfearas agat nó go mbeidh fáil agat orthu ó fhoinse eile - Sky nó a leithéid.

Cé an t-athrú sin ach ceithre mhí uainn faoin tráth seo, meastar go bhfuil suas le 200,000 teach fós gan aistriú go dtí an tseirbhís nua, rud a chiallaíonn nach bhfuil ach 15% den phobal ullmhaithe ag an bpointe seo, rud a d'fhéadfadh sciob sceab a tharraingt ar fhearais níos faire don am agus an baol ann go n-ardóidh praghsanna dá bharr sin.

Deir an tAire Cumarsáide, Pat Rabbitte, go bhfuil an rialtas ag iarraidh a chinntiú nach mbeidh aon duine fágtha ar an ngannchuid nuair a thiocfaidh an córas nua teilifíse i bhfeidhm agus chuige sin táthar ag tabhairt faoin gcéim dheiridh den fheachtas bolscaireachta trí leabhrán eolais a sheoladh chuig gach teaghlach sa tír.

Meastar gurb iad na ndaoine atá os cionn 55 bliain d'aois, ina gcónaí leo féin nó ina gcónaí in áiteacha iargúlta sa tír, nó meascán den trí chás, an dream is leochailí i dtaca leis an tseirbhís nua seo. Chun cuidiú leo sin, tá an Clár For-rochtana Pobail um an Athrú Digiteach (Community Outreach Digital Switchover Programme) á reáchtáil i ngach contae. Comhpháirtíocht é sin idir an scátheagraíocht d'eagraíochtaí pobail agus dheonacha, The Wheel, agus Nasc Tuaithe na hÉireann le maoiniú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá an Clár seo in ann deontais bheaga, idir €50 agus €200, a chur ar fáil do dhreamanna atá ag iarraidh ócáid bheag speisialta a eagrú, nó cur le hócáid atá eagraithe cheana féin, chun eolas agus comhairle a thabhairt do dhaoine áitiúla faoi na roghanna éagsúla atá acu don tseirbhís nua. Le cur isteach ar an deontas seo níl ann ach foirm ghairid (aon leathanach amháin) a líonadh agus í a sheoladh chuig an Oibrí For-rochtana Digitigh atá ag feidhmiú sa cheantar.

I nGaillimh, roghnaíodh Aodán Mac Donncha agus Chomhlacht Forbartha an Spidéil sa Márta seo caite, chun feidhmiú in iarthar an chontae agus faoi láthair tá siad i dteagmháil le dreamanna éagsúla ar fud Chontae agus Chathair na Gaillimhe a mbeadh suim acu cúnamh a thabhairt do dhaoine leochaileacha ina gceantar féin chun an t-athrú seirbhíse teilifíse seo a eagrú dóibh.

Nuair a labhair Gaelscéal le hAodán faoin obair atá ar siúl acu i leith na seirbhíse seo, mhínigh sé gur comhairle agus eolas ó bhéal, seachas ó fhógraíocht nó leabhráin, is mó atá daoine a iarraidh óna thaithí féin, go háirithe daoine atá imithe in aois agus atá ina gcónaí i gceantair scoite gan mórán teagmhála acu le daoine eile ó lá go lá.

Dar le hAodán, níor cheart go mbeadh aon duine sa gcontae fágtha gan seirbhís nuair a thiocfaidh an córas Saorview i bhfeidhm ar fud na tíre, mar gurb é an córas teilifíse an t-aon sólás agus an t-aon cheangal atá ag cuid mhaith daoine leis an saol mór.

Chuige sin, tá sé i dteagmháil le grúpaí pobail agus eile in iarracht le gach cabhair a thabhairt do dhaoine an t-athrú a dhéanamh roimh dheireadh an fhómhair.

Fiú má tá a gcóras féin curtha i bhfearas ag daoine cheana féin, tá Aodán ag iarraidh go rachaidís i dteagmháil le comharsana nó cairde nach bhfuil ullmhaithe go fóill, nó am a thabhairt chun cuidiú go deonach le daoine a mbeadh ag iarraidh cabhrach sa chomharsanacht.

Má tá aon cheist agat faoin gcóras nua seo, is féidir glaoch ar Aodán ag 091 553666 (oifig) nó ar 087 7508107, agus fiú mura bhfuil cónaí ort i nGaillimh b'fhéidir go mbeadh sé in ann tú a threorú go dtí an duine nó an dream a chuideodh leat. Tá roinnt eolais ar fáil ar líne agus ag www.saorview.ie, agus tá cuimse eolas le fháil i nGaeilge faoin athrú go dtí an córas digiteach ar 1890 940 970, i mBéarla ag 1890 940 980 nó ar an suíomh idirlíon g http://www.goingdigital.ie.

An tAthrú chuig an gCóras Digiteach

Ach, céard go díreach atá i gceist leis an athrú seo agus cén chaoi ar féidir a chinntiú go mbeidh seirbhís cheart agat tar éis an dáta athraithe? Má tá tú ag fáil na gcainéal Éireannach ó Sky ó UPC nó ó chóras satailíte éicínt eile faoi láthair, ní gá duit aon rud a dhéanamh, mar leanfar de do sheirbhís.

Ach más ó aeróg atá an tseirbhís á fháil agat, beidh ort dul níos faide leis an scéal. Ar dtús, cinntigh go bhfuil an aeróg cheart agat, os rud e gur tríd an aeróg a thiocfaidh an córas nua Saorview agus ní trí phláta satailíte.

Má tá tú ag fáil TG4 agus TV3 trí aeróg faoi láthair is ionann agus cinnte go mbeidh tú in ann an córas nua a fháil leis an aeróg chéanna. Mura bhfuil agat faoi láthair ach RTÉ 1 agus RTÉ 2, beidh ort aeróg nua a fháil.

Nuair a bheidh an aeróg deimhnithe agat ní mór aghaidh a thabhairt ar an teilifís ina dhiaidh sin. Mura bhfuil do theilifís os cionn dhá bhliain d'aois d'fhéadfadh go bhfuil an fearas Saorview feistithe ann cheana féin - cinnte ba chóir go mbeadh sé in aon teilifís a ceannaíodh le bliain go leith anuas.

Ach mura bhfuil Saorview sa teilifís féin caithfidh tú bosca speisialta a cheannach agus ba chóir go mbeadh tú in ann ceann acu sin a fháil ar €60 nó mar sin.

Ar ndóigh, bealach eile leis an gcóras Saorview a fháil ná teilifís nua a cheannach más é sin is fearr leat agus tú in acmhainn é a dhéanamh.

Dála an scéil, ná téigh mórán níos daoire ná €60 leis an mbosca Saorview mar is é an rud céanna a dhéanann siad ar fad - ní bheidh aon stáisiún breise ar cheann daor. Freisin, má bhíonn ort an bosca agus an aeróg a cheannach agus duine a fháil lena fheistiú is beag a bheas fágtha agat as €300 ar deireadh thiar agus is cinnte gurb shin ceann de na cúiseanna a bhfuil daoine drogallach tabhairt faoin aistriú, gan trácht ar a luach a bheith ag cuid mhaith acu lena dhéanamh.

An Córas Saorview

Leis an gcóras nua digiteach seo, Saorview, gheobhaidh tú pictiúr i bhfad níos fearr na mar a bhí le fáil ina lán áiteanna leis an seanchóras analógach. Cheana féin tá RTÉ le fáil in HD agus tuigtear go bhfuil TG4 ag dul sa treo sin freisin faoi dheireadh na bliana.

Lena chois sin, tá na fhuaim níos fearr ar an gcóras nua, beidh eolaí teilifíse 7 lá le fáil ar an scáileán, beidh 9 gcainéal teilifíse agat - RTÉ 1, RTÉ 2, TV3, TG4, RTÉ News Now, 3e, RTÉjr, RTÉ One+1 agus Aertel10 - mar aon le 10 gcinn de sheirbhísí raidió le scoth na fuaime.

An Córas Freeview

De bhreis ar an mbosca a thugann an córas Saorview, is féidir boscaí a fháil a bhfuil an córas Freeview orthu, chomh maithe le Saorview, agus cosnóidh siad sin idir €120 agus €200 nó mar sin, ag braith ar an leibhéal deiseanna a bheidh tú a iarraidh - deis taifeadta agus eile, mar shampla.

haghaidh Saorview?

Bí cinnte go dtuigeann tú an difríocht atá idir an dá chóras, Saorview agus Freeview, áfach.

Mar atá ráite thuas, is ar aeróg a thagann an córas Saorview chugat ach is le mias satailíte a fhaightear Freeview agus mura bhfuil mias agat cheana féin caithfidh tú ceann a fháil chun teacht a bheith agat ar an gcóras breise seo a sheolann na stáisiúin ar fad atá le fáil in aisce ón satailít - na cainéil ar fad atá ag BBC, UTV, Channel 4, Channel 5 agus go leor eile nach iad.

An Córas Saorsat

Cé go mbeidh an córas aeróige oiriúnach d'fhormhór an phobail chun Saorview a fháil, beidh daoine ann nach mbeidh sin oiriúnach dóibh mar gheall ar an áit a bhfuil cónaí orthu, easpa seirbhíse ón tarchuradóir is gaire dóibh nó gan aon tseirbhís a bheith ar fáil mar gheall ar chnoc mór nó eile a bheith idir iad féin agus an tarchuradóir.

Sa gcás sin, b'fhéidir go gcaithfí dul i muinín na satailíte, mias a chur in airde agus feidhm a bhaint as an gcóras Saorsat - sin é córas Freesat atá in Éirinn.

Beidh sé seo cuid mhaith níos costaisí ná an córas aeróige, áfach, agus rud eile ní mó a chinntiú leis an soláthróir áitiúil go mbeidh fáil ar an tseirbhís satailíte san áit ina bhfuil tú i do chónaí.

An rud faoin gcóras seo go gcaithfidh an mhias agus an satailít a bheith ar aghaidh a chéile agus gan aon chonstaic a bheith eatarthu.

Fágann sin go bhféadfadh roinnt daoine sa tír a bheith gan seirbhís de bharr sliabh nó cnoc ard idir iad féin agus amharc na satailíte. Ach sin ráite, tuigeann na húdaráis go bhfuil na fadhbanna sin ann agus tá siad ag iarraidh a theacht ar réiteach ionas nach bhfágfar aon teach amuigh as an gcóras.

Ní bheifear cinnte go hiomlán, áfach, cé mhéad teaghlach nó ceantar beag a bheas faoi mhíbhuntáiste nó go seolfar an córas Saorview go hiomlán ar an 24 Deireadh Fómhair, tráth a múchfar an córas analóige agus a n-ardófar an chumhacht tarchurtha ar an gcóras digiteach, rud a tabharfaidh sin roinnt daoine breise isteach sa chóras ag an am sin.

Príomhphointí Saorview:

- Córas digiteach teilifíse agus raidió (stáisiúin na hÉireann)
- Saor in aisce (seachas aon chostas tosaigh)
- Ardchaighdeán fuaime agus físe
- Cainéil bhreise ag dul leis an tseirbhís
- Ar fáil anois ach riachtanach tar éis 24 Deireadh Fómhair 2012.

Aodán Mac Donnacha, an tUachtarán Micheál D Ó hUiginn agus a bhean chéile Sabina ag Comdháil Nasc Tuaithe na hÉireann a bhí ar siúl i Leitir Fraic mí ó shin.

Fiontar

DCU

'SCOLÁIREACHTAÍ AR FÁIL'

10 Scoláireacht de luach €1,000 an ceann le fáil do mhic léinn a chláraíonn ar cheann de na céimeanna seo:

BA Gnó agus Gaeilge, DC118
BA Gaeilge agus Iriseoireacht, DC239

Bronnfar na scoláireachtaí ar na mic léinn a fhaigheann an marc is airde i nGaeilge san Ardteist agus bronnfar ar a laghad 3 scoláireacht ar mhic léinn a bheas inghlactha ar ár gclár rochtana "Access"

Áiteanna in árasáin na mac léinn in DCU á dtairiscint, ar na gnáth-tháillí, do bhuaiteoirí na scoláireachtaí

Bí chun tosaigh ar dhaoine eile! Roghnaigh Fiontar ar an CAO!

Breis Eolais: fiontar@dcu.ie 01 700 5614 Spriocdháta CAO: 1 Iúil 2012

www.dcu.ie/fiontar

Dublin City University
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Céard atá i ndán don Aontas Eorpach?

Angela Merkel - Saoiste nua na hEorpa?

Seán Ó Tuairisg

Ní hí ceist na Gréige feasta í. Ná na Spáinne. Ná na hIodáile. Tá i bhfad Éireann níos mó i gceist! Rogha amháin: go dteipfeadh ar an iarracht pholaitíocht, agus ar an euro, ar a mbeadh an-chuid mórdheacrachtaí polaitíochta agus eacnamaíochta, mar thoradh uirthi.

An t-aon rogha eile: aistriú ollmhór saibhris trasna theorainneacha na hEorpa uile, agus mar mhalairt air sin, go ngéilleadh baill uile an Aontais an-chuid dá gcuid flaitheas nó ceannais. I mbeagán focal mar sin, chuile thír aisti féin, nó Ollchumhacht mór amháin.

Le cuid is mó de 3 bliana anois, tá ceannairí na hEorpa ag éalú leo ón rogha sin. Deir siad gur ar mhaithe le neamhspleáchas an Aontais é, (ach gur mhaith leo, le fada, An Ghréig a ligean le sruth).

Go dtí seo, níl ceannairí saibhre Thuaisceart na hEorpa, faoi cheannas agus faoi threoir na Gearmáine, toilteanach nó sásta íoc, glan amach as togra dá leithid seo, agus níl fonn dá laghad ar thíortha sleamchúiseacha mífhreagracha agus imeallacha dheisceart na hEorpa, glacadh le hordaithe uathu siúd ó thuaidh.

Seo uile tar éis na 60 bliain seo caite. Tá sé tagtha go dtí an pointe anois go gcaithfidh tíortha uile an Aontais Eorpaigh tabhairt faoin togra ollmhór seo a shábháil, le chéile...ar fad. Agus caithfidh sé a bheith dleathach agus follasach. Mura bhfeicfear go bhfuil sé dleathach, ní éireoidh leis.

Teist ollmhór don Ghearmáin. Creideann a lán anois go bhfuil polasaí neamhchinnte na Gearmáine, agus Angela Merkel go háirid, ag lagú an Aontais Eorpaigh. Deir saineolaithe airithe go bhfuil an costas tarrthála ag dul ó smacht, ach i ndeireadh na dála is i mBeirlín a socrófar an seasfaidh an tAontas nó nach seasfaidh. Is léir le fada anois, go gcaithfear na bancanna a athchaipitliú. Is léir freisin, go gcaithfidh Banc Ceannais na hEorpa cabhrú i bhfad níos mó leis na bancanna. Caithfear scaoileadh leis an aon-smaoineamh seo gur ciorruithe, fút agus tharat, an leigheas atá agus a bhéas ar gach trioblóid amach romhainn.

Dar liom go bhfuil an t-am tagtha go gcaithfidh an tAontas Eorpach seasamh leis na bancanna, trí eurabhannaí a chur ar fáil, agus na fiacha uile a roinnt ar na baill éagsúla, de réir a gcumas iad a aisíoc. An deireadh a bheadh leis an scéim seo ná Feidearálachas: focal a chuireann eagla ar a lán. Is seans atá ann, agus tá an t-am ag éirí an-ghearr.

Ceapaim go cinnte anois, agus le fada, go raibh gach aon tír ag tochas go géar ar a ceirtlín féin, ón tús, agus gurb é 'An Plean Mór' atá thíos leis an stráitéis sin. Cé nach dtaitneoidh sé seo a leanas lena lán, seans, ceapaim go bhfuil, agus go raibh ón tús, bailiúchán tíortha difriúla, lena bhflaitheas féin ag gach aon cheann acu, ar an iliomad bealach, ag tarraingt glan i gcoinne choincheap ardnósach ar nós Aontas Eorpach.

OK, cuireadh cómhargadh ar siúl agus Conradh Schengen agus an euro. Ach níor facthas ag an am, nó má facthas níor cuireadh sa gcomhaireamh ceann é, go mbeadh mórfhadhbanna rompu amach, maidir le saorghluaiseacht daonra, fadhbanna slándála, fadhbanna fostaíochta, sláinte, leasa shóisialaigh, árachais, agus mar sin de. Tá Banc Ceannais na hEorpa bacach ón tús, mar níl ceannas aige, cé go bhfuil freagracht an euro air.

Má fheiceann tusa na lochtanna sin anois, ar an ECB, (agus chonaic a lán ón tús iad) cén fáth nach bhfaca na polaiteoirí iad ón tús, agus a bhfuil de chomhairleoirí agus de státseirbhísigh ag leanacht dóibh de lá is d'oíche, le lán gabháil de pháipéir i chaon láimh?

Chloígh Éire, tríd is tríd, le rialacha an euro, agus an Spáinn freisin, go dtí gur bhuail Taom na Tógála iad. Níor fógraíodh orthu. Níor cuireadh fainic orthu ach oiread. Bhí féasta "airgid saor " ar siúl, agus bhí na mór-bhancanna lán sásta leis an ealaíon sin, agus na ceannairí polaitiúla, i ngach aon tír.

Maidin amháin, thit an t-aer ar an talamh, agus tá muid ar an talamh ó shin, agus iad siúd a bhronn an t-airgead boigsí orainn ag ól "champs"ar a gcuid luaimheanna i bhfad ó bhaile, faoi theas na gréine!

Dar liom go bhfuil an t-am tagtha go gcaithfidh an tAontas Eorpach seasamh leis na bancanna, trí eurabhannaí a chur ar fáil, agus na fiacha uile a roinnt ar na baill éagsúla, de réir a gcumas iad a aisíoc. An deireadh a bheadh leis an scéim seo ná Feidearálachas: focal a chuireann eagla ar a lán. Is seans atá ann, agus tá an t-am ag éirí an-ghearr.

Agus cé a bhí freagrach as an scaipeach sin airgid a cheadú? Cá raibh Ceannasaí an Bhainc Ceannais? Nó céard a bhí ar siúl aige? Níl go leor eolais ag an bpobal, ná ní bheidh, faoi na cúrsaí seo. Céard a bhí ar siúl ag an Rialtas ag an am? Banc Ceannais hEorpa? Ag an Roinn Airgeadais? Éist liom a dhuine chóir; ná creid gur tharla an mhísc chomh tapaidh sin gurbh éigin sórt cruinniú rialtais a ghairm, ar an teileafón, i lár na hoíche!

Inis dom, a chara na gcarad: an bhfuil ár gcuid polaiteoirí ciontach? Céard faoi na státseirbhísigh sinsearacha? Bainisteoirí na mbancanna éagsúla? Na tógálaithe, idir bheag agus mhór? Ardcheannas an ECB? Arb é an pobal frí chéile is ceart íoc as an mhísc seo? Agatsa atá an freagra ar na ceisteanna sin.

Deir tú: "Cén fáth a bhfuil sé ag tarraingt anuas na seanstaire sin in athuair". Mar seo. Ní chreidim go bhfuil, ná go mbeidh sé indéanta smidiríní ghnóthaí an Aontais Eorpaigh a shníomh ina chéile, agus Eoraip Aontaithe a chruthú as an aoileach sin, mar ba mhaith le Wolfgang Schauble, Aire Airgeadais na Gearmáine.

Dar liomsa gurb é struchtúr scaoilte na hEorpa is cúis leis seo uile, agus ní hiad na fiacha leo féin. Gach aon ní san áirimh, tá bail níos fearr ar eacnamaíocht na hEorpa dá dhonacht í, lena fiacha poiblí de 87% den Olltáirge Náisiúnta, i gcomparáid le breis agus 100%, atá ar na Stáit Aontaithe.

Má tá an Ghearmáin chun na fiacha damanta seo uile a sheasamh, tá roinnt athruithe móra uaithi, nach dtaitneoidh le daoine abhus nó thall. Sin córas lárnach polaitiúil, córas cánach comhdhlúite, Coimisinéirí na hEorpa a bheith tofa agus sraith cumhachtaí láidre a bheith ag Parlaimint na hEorpa. Tá na glúinte ar cuimhin leo an Dara Cogadh Mór ag imeacht leo. Tá an saol athraithe go mór ó shin. Níl an tábhacht céanna le stair, ná le léitheoireacht.

Tá sé cineál sa bhfaisean anois a bheith iomlán clamhsánach i dtaobh an Aontais Eorpaigh. Fiú amháin, níl mé cinnte nach bhfuil go leor daoine nach bhfuil an-cheanúil ar an euro. Theip ar Chonradh Nice sa tír seo. Ansin glacadh leis.

Theip ar Liospóin, agus aríst ar ais, glacadh leis. Theip ar 10 rialtas na gealltanais a thugadar dá gcuid saoránach, athbhreithniú bunreachta a chur ar reifrinn, agus tá Parlaimint na hEorpa i bhfad ó bhaile.

Ceist amháin, an féidir leis an nGearmáin, an Ostair, an Ollainn, an Fhionlainn a bheith toilteanach leanacht orthu, de shíor, ag peataireacht ar an nGréig, ar an Spáinn, ar an bPortaingéil, ar an Iodáil, agus ar an tírín seo againne? Ní dóigh liom go bhfuil. Mo chuimhne agus mo dhearmad, céard faoin mBreatain?

Ná déan dearmad: Dáta deiridh don 'athrú intinne' - 1 Iúil 2012 @5.15in

Patricia Uí Fhlaithearta

Tá na scrúdaithe Ardteiste thart agus tá súil agam gur éirigh go geal libh uilig. Ná déan dearmad gurbh é 1 Iúil 2012 @5.15pm an dáta deiridh chun "Athrú Intinne" a dhéanamh ar chúrsaí atá roghnaithe agat cheana fhéin chun freastal ar choláistí tríú leibhéal tríd an CAO.

Tá an tseirbhís seo ar fáil ón 1 Bealtaine agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an sprioc dáta thuasluaite. Níl aon chostas ar an tseirbhís "Athraithe Intinne" seo.

Tugann sé seo seans duit, más maith leat, ord do chuid cúrsaí a athrú ar líne ag www.cao.ie Seoladh foirm "Athraithe Intinne" chuig gach iarratasóir an mhí seo caite agus is féidir an fhoirm seo a úsáid anois le cúrsaí a athrú más gá.

Ag athrú d'intinn tríd an post

Má sheolann tú foirm "Athraithe Intinne" isteach chuig an CAO, ansin seolfaidh siad admháil i "bhFoirm ar Ráitis Taifead Iarratais" chugat. Ba cheart duit fótachóip den "Athrú Intinne" a choinneáil agus deimhniú postála a fháil.

Tá leathanach ag deireadh an Lámhleabhair CAO chun stampa deimhniú a fháil ó Oifig an Phoist. Mura bhfuil an "Ráiteas ar Thaifead Iarratais leasaithe" faighte agat roimh 07 Iúil, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an CAO láithreach agus cóip den "Athrú Intinne" chomh maith leis an deimhniú postála a chur ar fáil dóibh.

Ag athrú d'intinn ar line

Má athraíonn tú d'intinn ar líne, agus má tá seoladh ríomhphoist curtha ar fáil agat seolfaidh an CAO admháil ríomhphoist go dtí an seoladh sin. Úsáid "M'Iarratas" ar an suíomh CAO lena chinntiú go bhfuil do rogha cúrsaí nuashonraithe i gceart roimh an 15 Iúil ag 5:15in.

Is féidir leat do rogha cúrsaí a athrú chomh minic agus is maith leat gan aon chostas suas go dtí 5:15in ar an 1 Iúil 2012. Beidh d'uimhir iarratas (8 ndigit) ag teastáil uait chun é seo a dhéanamh. Sin an uimhir a fuair tú ón CAO nuair a chláraigh tú leo ar dtús.

Mar a luaigh mé an tseachtain seo caite, ní ghlacfar le hiarratais ar Chúrsaí Teoranta ag an bpointe seo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh institiúidí áirithe coinníollacha eile a chur i bhfeidhm i gcás athrú intinne d'earnálacha áirithe iarratasóirí.

Beidh scrúdaithe Ardteistméireachta ag críochnú Dé hAoine.
GRIANGHRAF: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

Athrú Intinne - Eisceacht i leith an Amchláir:

Sprioc-lá eisceachtúil le glacadh le hiarratais: 5:15 p.m., an 22 Iúil 2012.

Is féidir le mic léinn fochéime in aon chúrsa in aon cheann d'Institiúidí CAO agus a fuair áit ar an gcúrsa sin trí chóras an CAO, Athrú Intinne a dhéanamh i bhfoirm páipéir amháin. Caithfidh an t-iarratas seo a bheith in oifigí an CAO roimh 5.15in ar an 22ú Iúil 2012.

Caithfidh an tAthrú Intinne a bheith stampáilte ag an Oifig Iontrála den Institiúid Ardoideachais ar a bhfuil an t-iarratasóir ag freastal.

Ar an lámh eile, mura bhfuair tú áit ar an gchúrsa ina bhfuil tú faoi láthair trí chóras an CAO, caithfidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifig Iontrála na hInstitiúide ar mian leat iarratas a dhéanamh ina leith agus inseoidh an Oifig Iontrála sin duit an féidir leat Athrú Intinne a sheoladh isteach nó nach féidir.

Próiseas speisialta

Tá próiseas speisialta ann i gcás iarratasóirí a bhí nó atá ina mic léinn i gColáiste na Tríonóide, i gColáiste Mhuire gan Smál, nó in Ollscoil Luimnigh, agus a dteastaíonn uathu aistriú go dtí cúrsa éigin eile sa choláiste céanna anois.

Ní mór d'iarratasóirí den saghas seo teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Iontrála sa choláiste cuí chun eolas a fháil maidir le céard go díreach a chaithfidh siad a dhéanamh.

Má tá iarratasóirí ina mic léinn in institiúid eile agus má theastaíonn uathu iarratas a sheoladh chuig aon cheann de na trí choláiste atá luaite, caithfidh siad fhoirm "athraithe intinne" i bhfoirm páipéir a sheoladh chuig an CAO.

An Múinteoir Ann Meehan ag breathnú ar thorthaí Ardteisméireachta dhaltaí ó Scoil Chuimhsitheach Bhaile Munna i mBaile Átha Cliath.
GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Athrú ar Eolas Pearsanta/ Scrúduithe:

Is féidir leat do chuid sonraí pearsanta, mar shampla, ainm, seoladh, srl., a athrú ar líne nó i bhfoirm páipéir. Má dhéanann tú athruithe ar do chuid sonraí pearsanta nó ar scrúduithe, seolfaidh an CAO Ráiteas ar Taifead Iarratais nua amach chugat mar admháil ar na hathruithe sin. Mura bhfuil an Ráiteas ar Thaifead Iarratais leasaithe faighte agat roimh an 7 Iúil, nó laistigh de seacht lá ón dáta a chuireann tú sa phost é chuig an CAO, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an CAO láithreach.

Má dhéanann tú athruithe ar do chuid sonraí pearsanta ar líne, agus má tá seoladh ríomhphoist curtha ar fáil agat, seolfaidh an CAO admháil chuig an seoladh sin.

Tá súil agam go ndéanfaidh tú na roghanna ceart. Go n-éirigh libh uilig sa todhchaí.

Tá tuilleadh eolas ar fáil ó www.cao.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

An Banríon agus an 'Border'

Caibidil eile i scéal Aontachais Chaitlicigh na hÉireann

Máirín Hurndall

Nach iontach an míbhinneas de scéalta nuachta a thagas as gach foinse in Éirinn na saolta seo, ag "moladh" athruithe mhóra i meon mhuintir na tíre seo! Tá mé ag tagairt, ar ndóigh, dá bhfuil ann de "muintearas nua" á chruthú idir muid agus ár sean-namhaid - an Ríocht Aontaithe.

Bhí an "cruthúnas" seo ag bailiú nirt go measartha gasta an choicís seo caite. Bhí sé ann anuraidh, gan dabht, nuair a moladh go hard na spéire cuairt Bhanríon Shasana ar Éirinn, sa mhéid is gur balsam ar aoiseanna de chos ar bolg a bhí ann, lena ndíbirt go deo na ndeor. Nárbh eisceachtúil na ceithre fhocal de Ghaeilge a tháinig óna beola? - Mo léan, a amadáin, an ndearna sibh dearmad go bhfuil an Bhean sin i gceannas ar Stát a ghabhas seilbh ar choir a bheith ceathrú chuid d'ár náisiún? Nó, gur éirigh léi teanga s'aicise a chur ar an trí ceathrú chuid eile.

Ní stadann an t-athléamh ar stair ansin, áfach. Le gairid, tugadh pardún dóibh siúd a thréig Arm na hÉireann le clárú in Arm an Stáit céanna a d'ardaigh a mbratach orainn agus a mharaigh Éireannaigh a sheas i gcoinne na forghabhála seo. Ní hé go raibh sé i gceart, dar liom, na daoine seo a chrá ná a mhaslú, go háirithe agus iad aosta, ach i ndeireadh na dála, ba thréigtheoirí iad.

An rud is suntasaí, anois, ná go bhfuil an contagion seo spréite go dtí na Sé Chontae.

D'fhoilsigh an Belfast Telegraph pobalbhreith seachtain ó shin ar an "Teorainn", a léirigh nach raibh ach 7% de Chaitlicigh ag iarraidh Éire Aonaithe i láthair na huaire agus, dá n-amharcfá ar spriocdháta 2032, fiú féin, níor ardaigh an céatadán ach go dtí 41%.

Mar sin de, cad is cúis leis an "athrú" seo? Nó, an raibh sé, le fírinne, ariamh anall mar sin? Más fíor don phobalbhreith, is é an pracas a rinne Rialtais éagsúla den gheilleagar ó Dheas is mó atá freagrach. Ach fáth diúltach é sin.

Taobh leis, arbh fhéidir a rá gur cúiseanna "dearfacha" atá i gceist lena chois? Gur maith leis an bpobal Caitliceach an Stáitín Beag seo, mar go mbeadh leathchuid den chumhacht acu go síoraí? Gurb é an t-aon rud a d'éiligh siad siar in 1968 ná a gcuid cearta agus is ansin a mhínítear patrúin vótála Shinn Féin?

Nach raibh gá, go fírinneach, leis an daichead bliain de phian, a dtug muid 'Na Trioblóidí' air, riachtanach ar chor ar bith? Murach gur cuireadh i gcoinne mhórshiúl na Gluaiseachta Cearta Sibhialta, ag Droichead Bhun Tolaide, agus dá mbeadh tithe flúirseach agus vótaí ar fáil an t-am sin, an mbeimis san áit ina bhfuil muid anois?

Banríon Shasana, Éilís II, ag labhairt leis an bpobal i gCorcaigh i mí na Bealtaine seo caite.Grianghraf: Photocall Ireland/GIS.

Baineadh geit asam nuair a dúradh liom anuraidh ag Ollamh clúiteach Gaeilge go dtéadh an Córas Oideachas agus Sláinte ó Thuaidh chun tairbhe na gCaitliceach, go fiú le linne réimis Chaoga Bliain na nAontachtaithe i Stormont. D'úsáid siad é agus ba iad a fuair an mhórchuid de na postanna, mar dhlíodóirí, mar shampla. Níor bhain tromlach na bProtastúnach úsáid as chun a leas féin.

Tá athruithe sóisialta eile tagtha, a chuireas leis an dearcadh seo chomh maith. Chonaic muid an creideamh ag dul i léig le tamall anuas go háirid i measc daoine óga ar an dá thaobh - agus go suntasach i measc Gaeilgeoirí. Gan an saghas "bagáiste" a thagas le treibheachas, níl na "seanfhírinni" tábhachtach níos mó agus anuas air sin, tá cuid mhór idir-phósadh ar bun, rud a bhaineas tuilleadh den "bhagáiste".

B'shin é an Teorainn. Ar ais liom arís chuig an mBanríon. Tá sí chun

Nach raibh gá, go fírinneach, leis an daichead bliain de phian, a dtug muid 'Na Trioblóidí' air, riachtanach ar chor ar bith? Murach gur cuireadh i gcoinne mhórshiúl na Gluaiseachta Cearta Sibhialta, ag Droichead Bhun Tolaide, agus dá mbeadh tithe flúirseach agus vótaí ar fáil an t-am sin, an mbeimis san áit ina bhfuil muid anois?

"Cóisir Gáirdín" a eagrú ag Stormont do 20,000 duine agus thiocfadh libh bhur dticéid a chur in áirithe ar Ticketmaster, beag beann ar chúrsaí slándála an t-am seo. Cén fáth, n'fheadar? Ar ndóigh, níl na heasaontóirí ina mairtírigh nadúrtha sa dóigh a bhfuil antoiscigh Ioslamacha. Mar sin, is dócha go measann siad nach mbeidh fadhb ann. Ní hamháin sin, ach beidh áthas an domhain ar gach éinne í a fheiceáil, nach mbeidh? Caitlicigh, go deimhin.

Bí cinnte de go mbeidh a mhacasamhail de chéatadán Caitlicigh ann is atá sa phobalbhreith. B'fhéidir na cailíní óga sin ó Bhóthar na bhFál a labhair liom faoin dóigh ar thit siad faoi "dhraíocht" na Bainise Ríoga bliain ó shin. Gach seans...iad siúd... na mná meánaosta ar mhaith leo cístí glas, dearg is bán a shamplú.

Ní bheinn féin ann.

Ach, tá cuma ar an scéal go mbeidh Martin McGuinness ann. Bhí sé ag pleanáil an lámh sin a chroitheadh le tamaill fada. Deir sé go bhfuil meas mór aige do dhaoine a thugas ómós dí. Sin fíorbhrí Poblachtachais, is dócha. Dearmad a dhéanamh de fhorghabháil na tíre, agus an Afganastáin agus an Iaráic....creidiúint i bpostanna corónaithe a fháil as siocair an teaghlaigh inar rugadh thú...Páláis mhóra a bheith agat agus d'achan ball de do chlann....saibhreas go leor agus amhrán náisiúnta a iarras tuilleadh dí (tá amhrán gach tíre eile ag moladh spiorad a muintire nó áilleacht a dtíre).

Ionchollú de luachanna Shasana atá sa Bhanríon - míleatacht, impireacht, aicme, adhradh daoine faoi leith...rudaí ar fuath liom féin iad.

Agus an "Comhlathas"? Seo rud a léiríonn nach bhfuil gá le Impireacht níos mó, óir tá an obair déanta. Tá teanga s'acusan, na Sasanaigh, á labhairt ag na huile stáit bhrathadóracha seo atá páirteach agus a ghlacas le Coróin Shasana mar Cheannasaí ar gach aon cheann díobh.

Cad is ciall leis an "Sinn" i Sinn Féin anois? Na hoileáin seo? Máirtín agus Peadar?

Is iad sin an chlann a dhíol a máthair féin.

Bain sult as an Jamboree, gabh mo leithscéal, an Jubilee.

Ní leagfaidh croitheadh láimhe na ballaí idir an dá phobal

Eoghan Ó Néill

Balla Síochána i mBéal Feirste.

Diúltaíonn an tOrd Oráisteach ligean dá bhaill lámh a chroitheadh le haon duine i Sinn Féin. Diúltaíonn Peter Robinson, go poiblí cibé ar bith, lámh a chroitheadh le Martin McGuinness.

Agus tá liosta fada de neamhchroitheoirí lámh ar thaobh na nAontachtach.

Is fada Sinn Féin ag cáineadh na neamhchroitheoirí céanna agus mar sin ba dheacair acu gan lámh Eilís II a chroitheadh nuair a cuireadh an cás ina dtreo an tseachtain seo.

Ach cad is ciall le Martin McGuinness a bheith ag croitheadh láimhe le Banríon Shasana, Ardcheannasaí ar Fhórsaí Armtha na Breataine, an tseachtain seo?

An croitheadh láimhe é den tsórt a dhéanann lucht gnó? Croitheadh láimhe pragmatach, dea-mheasa, a thugann le fios go dtig le beirt gnó a dhéanamh lena chéile.

An croitheadh láimhe é den tsórt a dhéanann daoine nuair a thugann siad aighneas chun deiridh agus a chuireann in iúl gur mhaith leo tosú ar athmhuintearas?

An croitheadh láimhe é a thugann le fios go bhfuil Martin McGuinness ag croitheadh láimhe (go meafarach) le gach Aontachtaí sa Tuaisceart nuair a chroitheann sé láimhe le duine dá gceannairí?

Nó an croitheadh láimhe é a thugann le fios gur 'géillsineach' de chuid Bhanríon Shasana anois é Martin McGuinness agus go n-aithníonn sé ceart Bhanríon Shasana chun na Sé Chontae a rialú?

Beidh a thuairim féin ag gach duine againn faoi.

Ar an mhéid is fiú mo thuairim-se, dúirt mé cheana féin gurbh fhearr liom nach ndéanfadh sé anseo in Éirinn é ach thall sa Bhreatain.

Ach déanann Sinn Féin agus rialtas na Breataine a gcinneadh ar bhonn a leasa agus a suimeanna féin, ar mhaithe leis an bpoiblíocht agus leis na vótaí, agus ar mhaithe le buntáiste a bhreith ar an fhreasúra.

Déanfaidh Banríon Shasana an rud a éilíonn rialtas na Breataine uirthi - déanfaidh Martin McGuinness an rud a éilíonn Sinn Féin air.

Ní thitfidh an tóin as an saol mar gheall ar chroitheadh láimhe agus má chuidíonn sé le meas a chothú ag naimhde ar a chéile ní olc an rud é.

Ach san fhíorshaol beidh Béal Feirste chomh deighilte i ndiaidh croitheadh na lámh sin agus a bhí sé roimhe.

Nó an croitheadh láimhe é a thugann le fios gur 'géillsineach' de chuid Bhanríon Shasana anois é Martin McGuinness agus go n-aithníonn sé ceart Bhanríon Shasana chun na Sé Chontae a rialú?

Ba mhó tairbhe dúinn é dá mbuailfeadh Martin Mc Guinness agus Bhanríon Eilís Shasana le chéile Dé Céadaoin ag ceann den 40 balla deighilte sa chathair agus duine as a chéile go ndéanfadh siad an balla a ionsaí le hord.

Ach seachas a bheith ag iarraidh na ballaí a leagan, is amhlaidh go bhfuil go leor de na maithe móra ó Thuaidh ag iarraidh na ballaí a choinneáil.

Níl an PSNI ag iarraidh fáil réidh leo go luath mar chiallódh sin go mbeadh orthu níos mó péas a chur ar dualgas sna ceantracha sin, go háirithe le linn shéasúr na mórshiúlta Oráisteacha.

Níl polaiteoirí Aontachtacha áirithe ag iarraidh go n-imeodh na ballaí mar bhogfadh go leor náisiúnach isteach i gceantracha Aontachtacha láithreach bonn agus d'athródh sin an leagan amach polaitiúil sna ceantracha sin.



Martin Mc Guinness.

Mar sin, coinnítear plódú i gceantracha Náisiúnacha ar mhaithe leis an status quo a choinneáil i gceantracha Aontachtacha.

Agus níor suim le Invest NI ná a macasamhail go mbainfí anuas na ballaí go luath.

Dá dtarlódh sin, bheadh orthusan monarchana a thógáil ar an talamh bán; rud a chiallódh go mbeadh orthu dul amach a lorg jabanna do cheantair íseal-aicmeacha i mBéal Feirste Thiar/Thuaidh.

Agus tá a fhios againn cé chomh maith agus atá Invest NI i mbun an ghnó sin!

Ach cad faoi na háisinteachtaí turasóireachta, srl?

Bhuel, tá na ballaí deighilte agus na múrphictiúir thart timpeall orthu, ar na tarraingtí turasóireachta is mó i mBéal Feirste agus níor mhaith le lucht turasóireachta fáil réidh leis na ballaí cionn is gur sócmhainn luachmhar turasóireachta iad.

An fhírinne atá ann ná nach bhfuil aon mhórbhrú ó aon dream chun fáil réidh leis na ballaí seo.

Agus ní leagfaidh 'noiméad Kodak' ná gimicí den tsórt a fheicimid an tseachtain seo, oiread agus balla amháin den 40 balla sin.

An t-aon dóchas amháin a fuair mise faoin gceist seo le déanaí, tháinig sé ó ghrúpa de dhaoine óga in Iarthar Bhéal Feirste. Chuir siad rompu féin na ballaí uilig a bhaint anuas idir seo agus 2019 - 50 bliain go cothrom ó tógadh an chéad bhalla in 1969.

Sin rud arbh fhiú i bhfad níos mó é ná croitheadh láimhe ar mhaithe leis na meáin.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Níos mó lochtanna ná buanna ag an mBille Gaeltachta

Níl Bille na Gaeltachta 2012 gan buanna nó suáilcí - ach is reachtaíocht lochtach é mar sin féin agus d'fhéadfadh sé dochar buan a dhéanamh don Ghaeltacht faoi mar atá aithne againn uirthí. Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach gcruthaíonn reachtaíocht 'Gaeltacht'. Bhí Gaeltacht Mhúscraí ann i bhfad roimh Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Gaeltacht) 1956.

Más amhlaidh go gcinneann an tAire seo nach bhfuil ceantar Gaeltachta ag cloí leis na critéir - a bhfuilimid fós ag fanacht orthu - ar cad, ina thuairim, is Gaeltacht ann, agus má bhaineann an tAire sin an stádas oifigiúil den nGaeltacht, beidh Múscraí nó pé Gaeltacht é fós ina Ghaeltacht agus beidh choíche.

Is den chiall go mbeadh critéir theangeolaíocha ceangailte le stádas Gaeltachta. Ach cad is ciall le 'stádas' Gaeltachta? Uaireannta ceapaim go mbíonn eagrais agus tráchtairí róghreamaithe leis an bhfocal stádas nach bhfeiceann siad go bhfuil cibé buntáiste a bhíodh ag gabhail leis an stádas á n-ídiú leo. Tá Scéim Labhairt na Gaeilge imithe. In áit an €260 in aghaidh na bliana a bhíodh le fáil ag teaghlach as a bheith ag labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá pacáiste tacaíochta ar fáil nach fiú €20 é. Ní le dímheas ar an leabhar a d'eisigh Comhluadar nó Rabhlaí Rabhlaí, an leabhar agus CD d'amhráin do pháistí, a deirim sin. Is é sin an praghas, sin an méid, agus níl aon dul thairis sin.

Tá deireadh ag teacht le scéimeanna eile de réir a chéile agus is ar éigean go bhfuil an iarlais féin fágtha tar éis gadscaoileadh na linne seo. Sin an fáth nach bhfuilim ar son ceantair a chaitheamh amach as an nGaeltacht nó fiú an catagóiriú tuatach atá déanta ar thoghranna Gaeltachta ag an 'A,B agus C'. Go mbeire an diabhal an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus a chuid údar ar fad mar gheall ar na trí cheannlitir sin a bhronnadh orainn!

Is mó ná iarlais Údarás na Gaeltachta, áfach, agus ba mhór an chailliúint é dá scorfaí é nó dá ndéanfaí créatúr polaitiúil amach agus amach as. Is é an tÚdarás an buntáiste is mó a bhaineann leis an nGaeltacht; foireann dhíograiseach, chumasach agus éifeachtach ag obair chun cur le beatha eacnamúil na gceantracha cúnga seo trí ghnónna a mhealladh agus a spreagadh ann. Anuas air sin, tá an teagras freagrach as gréasán forbartha pobail a chuimsíonn na comharchumainn agus go leor eile, is iad na heagrais phobalbhunaithe atá sa chéad líne catha ó thaobh pleanáil teanga de ach gan an tÚdarás ní bheadh an cumas acu tada a dhéanamh. Tá go leor béime leagtha ar an gcinneadh deireadh a chur le toghcháin dhíreacha do Bhord an Údaráis. Is cosúil gur ar mhaithe le sábháilt airgid atá sé seo beartaithe. Tá coigiltis eile arís i gceist le laghdú a dhéanamh ar líon an Bhoird ó scór cloigeann go dosaen. Roghnóidh an tAire seachtar agus roghnóidh an Chomhairle Contae i gceithre chontae Gaeltachta (Ciarraí, Gaillimh, Maigh Eo agus Tír Chonaill) ball amháin an contae. Beidh ar Ghaeltachtaí Chorcaí, na Mí agus na nDéise ball a ainmniú ar feadh trian den tréimhse sé bliana agus sealaíocht a dhéanamh ar a chéile.

Is socrú míphraiticiúil é seo do na Gaeltachtaí beaga - agus do Bhord an Údaráis. Ar éigean go mbeidh a chosa faoin mbord ag Ball Mhúscraí sula mbeidh air eirí ón gcathaoir agus é a fhágáil don iarrthóir ón Mhí nó ó na Déise. Tá tábhacht siombalach leis anuas air sin. Anois tá sé soiléir go bhfuil Gaeltacht ar dhá luas againn, na Gaeltachtaí móra agus na Gaeltachtaí beaga. An oiread is go raibh sé de cheart ag Rialtas na hÉireann, an rialtas a bhfuil an tAire seo páirteach ann, a bheith ag troid in éadan Eoraip ar dhá luas, tá sé de cheart againn cur i gcoinne an tsocraithe lochtach seo a bhrú ar na Gaeltachtaí beaga.

Is measa arís an modh atá luaite le toghchán d'ionadaithe na gComhairlí Contae. Beidh an chéad rogha ag na Comhairlí féin comhairleoir a roghnú - chun an 'nasc daonlathach' mar dhea a choimeád beo - agus ina dhiaidh sin cuirfear é ar thairiscint phoiblí.

Ceann de na suáilcí aonaracha a bhaineann leis an mBille ná go dtugann sé cead don Aire diultú d'iarrthóir atá gan Ghaeilge. I bhfírinne, is ceap magaidh é sin mar chritéar. Cinnte, ba cheart Gaeilge a bheith ag ball de Bhord Údarás na Gaeltachta (dhéarfainn gur ceart Gaeilge a bheith ag gach ball de gach bord Stáit mar léiriú go bhfuair siad oideachas críochnúil) ach ba cheart go mbeadh go leor eile sa CV freisin a chuirfeadh le luach agus le héifeacht an Údaráis. Mura bhfuil toghchán le bheith ann, ba cheart comórtas poiblí trí Choimisiún na gCeapachán Poiblí a bheith ann don Bhord ina iomláine. Is dea-chleachtas é agus tá an iomarca den 'pholaitíocht' feicthe againn go dtí seo ag imirt tionchair ar bhoird. Ní gá ach féachaint ar Fhoras na Gaeilge chun míbhuntáistí an treo sin a thabhairt faoi ndeara. Is é an cuid is measa den scéal seo ar fad, go bhfuil an cath seo nach mór caillte fiú is go bhfuil tú á léamh seo. Cuireadh an Bille faoi bhráid an tSeanaid ar an Déardaoin seo chaite. Bhí céim an Choiste ann an tseachtain seo agus beidh sé ina dhlí roimh scor na Dála.

Ní bille gan buanna é, mar a dúirt ag an tús, agus is fiú na moltaí atá déanta maidir le Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus líonraí Gaelacha. Ina iomláine, áfach, is Bille é a mbeidh pobal na Gaeltachta agus pobal na tíre ag díol as ar feadh na nglúinte.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Troid agus Ól – Tréithe an Éireannaigh?

Donncha Ó hEallaithe

Dhá scór bliain ó shin. ina cholún rialta san Irish Times, 'An Chaint sa tSráidbhaile', chaith Breandán Ó hEithir (1927-91) a shúil ghrinn ar na tréithe náisiúnta a shamhlaítear leis an Éireannach thar lear. Ar ndóigh, mí roimhe sin, bhí muintir na hÉireann tar éis a shocrú, i reifreann ar an gceist, le móramh 4 in aghaidh a 1, ballaíocht a thógáil sa gComhphobal Eorpach mar a tugadh air ag an am.

Tar éis a bhfuil de phoiblíocht idirnáisiúnta tugtha d'eachtraí na nÉireannach a thaisteal chuig an bPolainn le gairid chun 'Na Boys in Green' a ghríosadh, níor mhiste an cheist a chur faoi na tréithe a shamhlaítear a bheith ag an Éireannach sa lá atá inniu ann.

Mar shampla, céard a cheapann an gnáthGhearmánach fúinn anois, tar éis dóibh an bratach 'Angela Merkel Thinks We're At Work' a bheith ar an gcéad leathanach den nuachtán Bild sa Ghearmáin? An bhfuil mórán athruithe sna tréithe a shamhlaítear le muintir na hÉireann sa lá atá inniu ann, seachas mar a bhí nuair a ghlacamar go fonnmhar le ballraíocht san Eoraip 40 bliain ó shin?

Irish Times, 22 Meitheamh, 1972

Na Tréithe Náisiúnta Seo

'Níl lá dá n-éiríonn orm le dhá mhí nach léim óráid a thug gaota éicint, in áit éicint ó Mhálainn go Mágh Chromtha, ag cur síos ar na tréithe náisiúnta atá le bronnadh againne ar an gComhphobal Eorpach. Déanann na cainteoirí seo talamh slán de gur ann do na tréithe seo agus go rachfidh siad chun tairbhe don Chomhphobal.

Gliogar go leor den chaint seo ach ní mhiste í scrúdú mar galar tógáileach an ghlafairt agus is cinnte go gcloisfear tuilleadh di.

Ar an gcéad dul síos scrúdaíodh muid an cineál pictiúir intinne atá ag an ngnáth Mhór-Roinneach dínne. Nuair a deirim gnáth Mhór-Roinneach ní chiallaím an Herr Dr. go bhfuil fhios aige go bhfuil trí cinn de chanúintí Gaeilge ann agus nach n-imrítear iománaíocht i Longphort.

Castar a leithéidí seo ar chairde liom ar a siúlta. Daoine comónta atá i gceist agam, a léann páipéir agus a fhéachann ar an dtelefís. Rinne mé amach an liosta seo de na rudaí atá ar eolas acu i dtaobh na hÉireann. Measann siad go bhfuil...

1. Éirinn glas-uaithne
2. Caitliceach
3. Fliuch.

Measann siad freisin go bhfuil pobal na hÉireann....

1. Tugtha don ól
2. Tugtha don troid
3. Cineál greannmhar (ait gan a bheith craiceáilte)
4. Ar nós cuma liom i dtaobh cúrsaí an tsaoil seo....

Níl an liosta seo liomsa iomlán ach níl sé i bhfad as marc ach oiread. Tá mé cinnte de sin mar go bhfuil na tréithe náisiúnta seo ag baint liom: táim fiosrach, cabach agus tugtha de bheith ag bualadh bleid ar dhaoine. (Dúirt cara liom tráth gurb é an t-aon bhua a b'fhacthas dó bheith ag baint le ceard an iriseora ná gur thug sé deis dó caint a chur ar dhaoine ar shlí a thuilleadh téarma príosúntachta don ghnáth-dhuine.)

Bíonn díomá ar chuid maith Éireannaigh nach mbíonn níos mó eolas ag pobal na Mór -Roinn in ár dtaobh ná mar atá. Is ceart dóibh a mheabhrú nach bhfuilid chomh fiosrach faoin saol agus faoi dhaoine agus atá sinne. Ina theannta sin tá siad féin i lár an aicsean agus tá sinne i bhfad thiar ar chúl an ardáin ag grinneadh ar ár ndícheall. Is daille fós an gnáth-Shasanach i dtaobh cúrsa ar bith ach cúrsaí a oileáin féin. Is furast a thuiscint cén fáth agus ní gá dhul doimhin ann anseo. Sé tuairim an gnáth-Shasanaigh ionraic go bhfuil sinne tugtha don ól, don troid agus go bhfuilimid mí-chúramach (salach a bheadh i gceist dáiríre)....

Cén tuairim atá againne dínn féin? An gceapann muide nach bhfuil sa gcaint seo ar fad faoi muide a bheith tugtha don ól ach eitheach a scaip ár naimhde....'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ní bhíonn margaí réasúnach i gcónaí

BHÍ an teoiric gur cheart gach rud a fhágáil ag na margaí ina dhia beag le 30 bliain anuas. Bhí bunfhadhb leis an teoiric sin, áfach, ghlac sé leis go bhfuil na margaí réasúnach.

Ach níl sna margaí ach gníomhaíochtaí idir daoine, agus mura bhfuil daoine réasúnach i gcónaí níl cúis ar bith go mbeadh margaí réasúnach i gcónaí ach an oiread.

Le linn an Tíogair Cheiltigh, bhí eacnamaithe a rá nár cheart a bheith buartha go raibh praghsanna tithíochta ag ardú as cuimse. An chúis a bhí leis an ardú ná go raibh an-éileamh ann i measc an phobail. An réiteach a mhol siad, mar sin, ná an soláthar tithíochta a ardú.

Níor chuir siad san áireamh, áfach, gur féidir le héileamh a bheith neamhréasúnach agus neamh-inmharthana. Nuair a bhí gnáthdhaoine ag rá go raibh praghsanna agus méid na hearnála tógála ag dul ar mire bhí an ceart ar fad acu, mire a bhí ann agus ní féidir aon chur síos eile a dhéanamh air.

Chonaic muid toradh amháin den mhire an tseachtain seo nuair a d'fhógair Nama go raibh siad chun árasáin i Longfort a scrios. Ní mór don phobal a bheith ar an airdeall maidir leis an gcinneadh seo óir tá sé ar leas Nama, agus go leor dreamanna cumhachta eile sa tír seo, go n-ardódh praghsanna tithíochta in athuair trí sholáthar a laghdú.

Má fhéachtar ar na tíortha a bhíonn ar bharr na liostaí domhanda i dtaca le saibhreas, sláinte, oideachais agus iomaíochais, feicfear go leor tíortha ina bhfuil eacnamaíocht na margaí i bhfeidhm, ach ní thugtar cead a gcinn iomlán d'fhórsaí an mhargaidh.

Cuirtear srianta ciallmhara orthu lena chintiú nach dtéann siad ar mire, agus ní mór don tír seo an ceacht sin ó ré an Tíogair Cheiltigh a fhoghlaim.

Daonlathas san Éigipt

FÓGRAÍODH Dé Domhnaigh seo caite go raibh an bua ag Mahamad Mursi ón mBráithreachas Moslamach sa chéad toghchán daonlathach uachtarántachta a bhí san Éigipt riamh.

Go hiondúil, is ábhar ceiliúrtha é nuair a reáchtáiltear toghchán tar éis do phobal bata agus bóthair a thabhairt do dheachtóir brúidiúil. Ach tá roinnt imní ann an dtacaíonn an Bráithreachas Moslamach leis an daonlathas a thug cumhacht dóibh.

Níor cheart áibhéil a dhéanamh ar an mbaol seo, áfach. Ní hionann an Bráithreachas agus na páirtithe 'Salafí' atá ag iarraidh córas na hAraibe Sádaigh a chuir i bhfeidhm, rud a bheadh ina thubaist damanta do mhná agus do Chríostaithe san Éigipt.

Tá sé ráite ag Mursi go mbeidh sé ina Uachtarán do chách, agus tá léirithe ag an mBráithreachas sa Túinéis go bhfuil siad sásta cumhacht a roinnt le páirtithe saolta.

Pé scéal é, níl rogha ar bith againn ach tacú leis an daonlathas san Éigipt - ní féidir tacaíocht a thabhairt do dheachtóir ar nós Hosni Mubarak ar eagla go mbeadh a chomharba níos measa.

Ní mór, freisin, cur in aghaidh antoisceach san Eoraip ar nós Anders Behring Breivik agus a leathbhádóirí a bhaineann úsáid as an méid a dhéanann antoiscigh Ioslamacha chun fuath a ghríosadh in éadan gach duine Moslamach.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

An Bille Gaeltachta

A chara,

Ó bhliain an 2000 i leith, tá na milliúin Euro caite ag Rialtas na hÉireann ag coimisiúnú taighde ar chás na Gaeilge mar theanga bheo pobail sna ceantair Ghaeltachta.

Sa tuarascáil 'An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht', a foilsíodh beagnach 5 bliana ó shin, dúradh nach raibh fágtha ach idir 15 agus 20 bliain ag an nGaeilge mar theanga bheo sa gcuid is láidre den Ghaeltacht, murar féidir an patrún teanga a chasadh ar mhalairt treo. I bhfocail eile, tá géarchéim ann nach mór dul i ngleic léi ar bhonn práinne.

Is é Bille na Gaeltachta 2012, atá os comhair Sheanad Éireann faoi láthair, freagra an rialtais ar an ngéarchéim sin. Ní leor é. Tá sé chomh lag mar fhreagra nach bhfeictear dúinn gur fiú a bheith ag iarraidh é a leasú.

Ní hamháin go gcuireann sé deireadh leis an ngné dhaonlathach a bhain le roghnú bhord Údarás na Gaeltachta ón tús ach chomh maith leis sin, is ar éigean go luaitear an t-oideachas agus ní luaitear beag ná mór an phleanáil tithíochta sa mBille, amhail is nach bhfuil ról ar bith ag na gnéithe sin i dtodhchaí na Gaeilge sa nGaeltacht. Is cuspóir náisiúnta é, ó bunaíodh Conradh na Gaeilge i 1893, go gcoinneofaí an Ghaeilge beo sa nGaeltacht, gan caint ar í a leathnú ar fud na tíre. Leis an mBille seo, tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil an rialtas ag ní a lámh maidir leis an gcuspóir náisiúnta sin, chomh fada is a bhaineann sé leis an nGaeltacht, trí ualach chaomhnú na teanga a chur ar eagraíochtaí pobail nach acmhainn dóibh an t-ualach a iompar fiú dá mba mhian leo sin. Idir an dá linn, beidh ról ag an dá eagras stáit, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta, ar an taobhlíne mar mhaoirseoirí. Tuigtear dúinne, a bhfuil ár n-ainmneacha leis seo, nach leor Bille na Gaeltachta 2012 leis an taoille in aghaidh na Gaeilge a chasadh fiú amháin sa gceantar is láidre Gaeilge sa tír. Ar an mbonn sin, molann muid go dtarraingeofaí siar an Bille. Níor mhór do Bhille na Gaeltachta plé le gach gné den saol a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga pobail. Níor mhór dó a bheith cuimsitheach, réadúil, dóthaineach le dul i ngleic leis an ngéarchéim teanga sa gcuid bheag den Ghaeltacht ina bhfuil an Ghaeilge fós in úsáid ar bhonn laethúil.

Ar an ábhar go gcreideann muid nach dtugann Bille na Gaeltachta 2012 aon seans don Ghaeilge maireachtáil inár gceantar féin, Conamara Theas, ní bheidh muide sásta a bheith páirteach sa gcur i ngéill a thiocfas as, in aon bhealach.

Is muide,

Páid Ó Donnchú, Na Forbacha.
Donncha Ó hÉallaithe, Indreabhán.
Ruaidhrí Ó Tuairisg, Indreabhán.
Paula Nic Cionnaith, Indreabhán.
Greg Ó Braonáin, Indreabhán.
Deboragh agus Brian Ó Gibne, Indreabhán.
Bob Quinn, Béal a' Daingin.
Seán Ó hAodha, Indreabhán.
Feargal Ó Béarra, An Spidéal.
Fearghas Mac Lochlainn, An Spidéal.
Páraic Ó Giobúin, Camus.
Gearóid Ó Murchú, Indreabhán.
Máirtín Ó Cadhain, An Spidéal.
Gearóid Ó Fátharta, Indreabhán.
Uinsionn Mac Thómais, Pleanálaí Teanga.
Máire Ní Fhlatharthaigh, Rúnaí Chumann Forbartha Chois Fharraige.

Máire Mhac An tSaoi Aoi

Gaoth aniar is tuar chun fearthaine
Báisteach thiar ós cionn na mara san
Seasamh go fóill faoi scairt is fairfeamna
Siúl an cheatha de dhroim na farraige.
Dúchaint sháile faoi chlár tairngre
Scáth ag rás na bplánta leathana
Géarléas aonair trí spéir scamallaigh
Clúid ar gréin- anuas an chlagarnach...

Bhí clár ana shuimiúil ar siúl ar Radio 1 ar an Domhnach seo caite agus b'í Máire Mhac An tSaoi Aoi speisialta a bhí faoi agallamh ag Miriam Uí Cheallacháin. Tá an bhean álainn sin, Máire a bhí pósta le Conor Cruise Ó Briain, ins na nóchaidí in aois anois agus intleacht cruinn, beacht mar bheannacht aici go fóill, bail ó Dhia uirthi.

Bhuel, is file oillte, grámhar í an bhean seo agus ós rud é go bhfuil an bháisteach mar chompánach laethúil an tSamhraidh seo linne go léir, thogh mé dán le Máire Mhac An tSaoi atá ag tabhairt omóis speisialta don bhraon bhaistí! Táim ag féachaint amach ar "siúl an cheatha de dhroim na farraige" agus mé ag scríobh cúpla focal in onóir do Mháire Mhac An tSaoi...

Mise le scáth fearthaine!

Eilís Uí Bhriain
Caisleán Uí Liatháin, Contae Chorcaí

'Repositioning' Raidió na Gaeltachta

A chara,

D'fhoilsigh bainistíocht RTÉ cáipéis le gairid ina ndúradh go bhfuil "repositioning" le déanamh ar Raidió na Gaeltachta. Tá sé tugtha le fios go bhfuil fonn ar bhainistíocht RTÉ go nglacfadh 10 ball foirne de chuid RnaG le hiomarcaíocht dheonach nó €750,000 de chiorrú a dhéanamh trí chostais foirne nó trí bhealaigh eile.

Tá doiléire go leor faoin scéal agus ní foláir soiléiriú a chur ar fáil. Is iontach an méid a chuireann Raidió na Gaeltachta le cultúr sainiúil na hÉireann agus le caomhnú agus seachadadh shaoiliúlacht na Gaeilge, an teanga náisiúnta a bhfuil dualgas reachtúil ar RTÉ ina taobh faoi na hAchtanna Craolacháin.

Ba thubaiste do chultúr na tíre seo dá lagófaí RnaG, atá sách buailte cheana féin, tuilleadh. Nach mb'fhearr féachaint ar chodanna eile de sheirbhísí RTÉ nach ndéanann ach athchraoladh ar ábhar atá ar fáil ar stáisiúin eile pé scéal é. Muna bhfaigheann Raidió na Gaeltachta Cothrom na Féinne, rud nach bhfuil sé ag fáil faoi láthair, ní bheidh in RTÉ tríd is tríd ach feithicil athchraolta, saghas YouTube ar chostas an íocóra cheadúnais seachas craoltóir náisiúnta.

Is mise le meas,

Dáithí Mac Cárthaigh
Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Contae na Mí

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

An tAontas Eorpach - RIP

Páidí Ó Lionaird

Tá an Eoraip tagtha ag crosbhóthar cinniúnach.

Nach bhfuil sé deacair a shamhlú gurb é seo ceann de na sibhialtachtaí is ársa ar domhan agus a gcéad Uachtarán daonlathach díreach á cheapadh anois acu?

Sin mar atá san Éigipt anois agus Mohamed Mursi ceaptha mar Uachtarán na tíre sin i ndiaidh bliain chorraitheach a thaispeáin an treo do thíortha eile thuaisceart na hAfraice agus a thiomáin an feachtas frith-dheachtóireachta - i gcás na hÉigipte, réimeas Hosni Mubarak.

Tá dúch an cholúin seo caite cheana féin agam ag scríobh faoi mar a tháinig iarthar agus oirthear na Gearmáine le chéile siar in 1989 agus an tionchar a bhí ag an eachtra amháin sin ar chreimeadh an chumannachais ar fud na hEorpa.

Más ea, nach iomaí athrú atá tagtha ar an ord domhanda anois agus sinn trí bliana fichead ar aghaidh ón eachtra sin?

Nílim cinnte. Táim ag teacht de tuairim go bhfuil gach rud timthriallach nó i bhfocail eile, cuma cad iad na botúin atá déanta ag glúin nó sliocht amháin, cuma cén áit ar domhan, tá an cine daonna sásta dearmad a dhéanamh ar dhonas na mbotún sin atá déanta ag a gcomharsain agus dul le haithris a dhéanamh orthu.

Nílim chun iarracht a dhéanamh ar cheacht staire a thabhairt daoibh, mar is bocht an cheacht a bheadh ann, ach le rá go bhfuil tréithe ag an gcine daonna a léiríonn a laghad dul chun cinn atá déanta againn le 200,000 bliain anuas.

Táimíd fós ar dhomhan a bhíonn de shíor ag strachailt le cearta daonna agus cine. Tá leath an domhain faoi smacht deachtóirí agus an leath eile faoi smacht córais polaitíochta 'daonlathacha' atá i bhfad ó bheith foirfe agus i gcásanna áirithe, lochtach fiú.

Agus ní sna tíortha rógairí amháin a tharlaíonn a leithéid. An cuimhin libh Florida sa bhliain 2000? Toghchán Uachtarántachta Mheiriceá, George W Bush Vs Al Gore, agus an comhaireamh mícheart? Ní fios d'éinne cad a tharlaíonn sa Rúis ach is cinnte nach daonlathas atá ann de réir an tsainmhínithe foclóra.

Nuair a bhí Berlusconi i réim san Iodáil, bhí a fhios ag cách nach raibh gach ní ceart agus cóir.

Agus níl Éire ina heiseamláir daonlathais ach an oiread.

Bímíd fós ag ceiliúradh agus ag maíomh go bhfuil ár gcóras féin gan smál anseo nuair atá a fhios ag madraí an bhaile go bhfuil an córas lofa nó mura bhfuil sé lofa go bhfuil sé leonta ar a laghad. Ná bac le finscéalta faoi chorpáin a chaith vóta nó fúthu siúd a chaith vóta go luath agus go minic - tá córas ar bith ina bhfuil páirtithe polaitíochta lochtach.

B'fhearr i bhfad an sórt córais atá sa Fhrainc - áit a mbíonn fealsúnachtaí éagsúla san iomaíocht d'fhaofacht na ndaoine.

Faigheann fealsúnacht amháin an cheann is fearr ar fhealsúnacht eile agus ansin roghnaítear na daoine is fearr sa tír le dul i mbun na nathruithe a bhoinn molta sa bhfealsúnacht bhuacach a chur i bhfeidhm, fiú más ón earnáil phríobháideach iad. Simplí!

Tuigim go bhfuil 'páirtithe polaitíochta' sa Fhrainc - ón eite chlé tá na Sóisialaigh, na Cumannaigh, na Glasaigh agus éagsúlacht mionpháirtithe radacacha. San eite dheis tá na Caomhaigh go príomha, le héagsúlacht páirtithe Poblachtacha.

Ní mar a chéile iad lenár lagiarrachtaí anseo. Níl siad chomh fréamhaithe i stair dheighilteach na tíre agus atá ár gcuid.

Idir na luascáin agus na sleamhnáin, is deacair a rá cá seasann staid polaitíochta na hÉireann i measc 'daonlathais' eile an domhain, nó na hEorpa fiú, ach is léir go bhfuil amhras ar thíortha na mór-roinne seo faoina chéile. Amhras agus easpa muiníne agus easpa measa.

Ní dócha go bhfuilim im' aonar leis an íoróin a bhain leis an gcluiche sacair sa bhabhta ceathrú ceannais de Chraobh na hEorpa a thárla idir an Ghréig agus an Ghearmáin Dé hAoine seo chaite?

An Ghréig briste, brúite agus fiú gan ceannaire fós in oifig, in aghaidh na Gearmáine - pámháistrí na hEorpa lena leagan féin den "Iron Lady" in Angela Merkel i láthair ag an gcluiche in Gdansk, í ag coimeád súil ghéar ar gach pas agus feall. I bhfírinne, d'fhéach sí amhail is go raibh sí ag seiceáil cén t-airgead póca a bhí ag lucht tacaíochta na Gréige.

Léiríonn eachtraí Silvio Berlusconi nach bhfuil daonlathas foirfe san Eoraip.

Ach i ndairíre, tá an Eoraip tagtha ag an gcrosbhóthar is eisíoch (eisíoch i gcomhthéacs Nietzsche nó Kierkegaarde) ina stair chomhaimseartha.

An féidir a theacht ar fhoirmle cosúil le Stáit Aontaithe Mheiriceá do thíortha na hEorpa? Chaithfeadh an socrú seo aontas a dheimhniú dá mhuintir ar fad - aontas dlí, airgeadais agus cánach.

Chaithfeadh an t-aontas seo a bheith sásta go gcabhródh na stáit láidre, rachmasacha leo siúd atá níos lú agus níos laige - go hairithe in am an ghátair.

Chaithfí a dheimhniú nach mbeadh an tsaint atá feicthe againn ó Mherkel nó a cuid ginearáil go dtí seo i gcomhthéacs na Gréige, na Spáinne, na Portaingéile nó go deimhin i gcomhthéacs na hÉireann.

Mar sin, agus in uireasa a leithéid de shocrú, an féidir a rá go bhfuil teipthe ar an dtogra sin ar a dtugann siad an tAontas Eorpach? Is léir gur féidir!

Éagóir uafásach an Stáit ar pháistí na tíre

Conall Ó Móráin

Níorbh fhéidir liom iomlán na tuairisce faoin méid a tharla do na páistí óga, a bhí faoi chúram an Stáit, a léamh nuair a foilsíodh í an tseachtain seo caite. Tá mé róbhog. Is fuath liom scéalta ina ngortaítear páistí. Gortaíonn sé mise freisin. Seo faoi thuairisc an Grúpa Neamhspleách Athbhreithnithe ar Bhás Leanaí. a thaispeáin gur cailleadh 196 páiste a bhí 'faoi chúram' Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS).

Cuirim i gcamóga an téarma, mar cén sórt cúraim é nuair a faigheann beagnach dhá chéad páiste bás, breis agus a leath acu le deich mbliana anuas? Níos measa fós, agus tá mé cinnte go bhfuil an scéal i bhfad níos casta ná mar a foilsíodh sna ceannlínte, ní raibh páipéarachas ag baint le an-chuid de na cásanna seo - amhail is gur chuma leo siúd a bhí i bhfeighil ar an gcúram ar tugadh tuarastal dóibh chun é a dhéanamh.

B'fhéidir gurb é an pointe is measa faoin scéal ná gur seoladh an t-iniúchadh seo ar an gcéad dul síos mar nach raibh an FSS in ann a rá leis an Aire Sláinte cé mhéad páiste, faoina gcúram, a bhí tar éis bás a fháil. Dochreidte.

Scéal eile, atá ag teacht chun críche go han-mhall, ná scéal na neachtlanna Maigdiléana. Arís tá neart scríofa agus craolta faoin scéal uafáis seo, nuair a cuireadh gnáthdhaoine óga, go minic agus iad i mbaol, faoi chúram an Stáit, ag obair i neachtlanna Maigdiléana. Nuair a deir mé 'óg' bhí roinnt de na páistí seo nach raibh fiú tar éis an deichiú lá breithe acu a shroicheadh. Ní cóir an téarma 'obair' a úsáid mar go bhfuil sé i bhfad ródheas faoin méid a d'fhulaing páistí, fulaingt shíoraí dóibh uilig, agus iad ag sclábhaíocht faoi réir oird rialta, mná rialta de ghnáth.

Ba é an Stát seo againne, Stát na hÉireann, a chuir na leanaí leochaileacha seo ag sclábhaíocht agus ar fhaitíos go mbeadh seans acu a theacht saor ar an ngéibheann inar daoradh iad, níor tugadh aon oideachas dóibh, ach iad ag obair suas le dhá uair an chloig déag sa lá. Cúram?

I gceann bliain go leith déanfar comóradh ar scannal eile. Faoi dheireadh, in 1994, d'admhaigh an tSeirbhís Fuilaistriúcháin go raibh siad tar éis fuil a bhí éillithe leis an víreas Heipitéitis C, a thabhairt do bhreis agus 1,000 duine, mná a bhformhór. Shéan an tSeirbhís Fuilaistriúcháin an scéal, chuir siad gach bac ab fhéidir ar iarrachtaí a theacht ar an fhírinne ach faoi dheireadh bhí orthu é a admháil.

Loit an fhuil saol na ndaoine a fuair an víreas agus fuair na céadta bás go díreach nó go hindíreach dá bharr. De réir Bhinse Lindsay, a chaith na blianta ag iniúchadh an scéil, tugadh an fhuil éillithe do dhaoine fiú nuair a bhí a fhios ag na húdaráis nach raibh an fhuil sábháilte. Maraíodh daoine go díreach de bharr faillí áisíneachta eile Stáit.

Ní fios cé mhéad leanbh a gortaíodh thar na blianta de bharr míúsáid ghnéis ar leanaí ag a gcuid múinteoirí, ina raibh an chléir go mór sa mhóramh. Cé go raibh a fhios ag gníomhairí an Stáit, cigirí scoile, Gardaí, oibrithe sóisialta, go raibh a leithéid ag tarlú chuir an chléir bac ar an bhfírinne agus go minic chabhraigh an Stát go hindíreach chun an t-uafás a choimeád faoi cheilt.

Ní raibh sé oiriúnach don Stát go bhfoilseofaí a leithéid mar go mb'fhéidir go mbeadh ar an Stát céanna úinéireacht a ghlacadh ar scoileanna na tíre, scoileanna arb iad saoránaigh na tíre a dhíol astu. Tabhair faoi deara nárbh iad cigirí an chórais a thug an fhírinne dúinn ach na híospartaigh féin, iad siúd a bhí scriosta de bharr an mhéid a bhí déanta leo a d'inis an scéal dúinn. Theip ar an Stát arís.

Arís léiríodh gurbh iad Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte nach raibh ag cloí lena ndualgais nuair a rinne an t-iardhochtúir, Michael Neary 129 histireachtóimí, nuair a ba gnách gur 5 nó 6 histireachtóimí a dhéanfadh dochtúir le fad seirbhíse agus taithí Neary le linn na tréimhse cleachtaidh a bhí aige. Níor cheart go dtarlódh a leithéid riamh, agus ba cheart go mbeadh an míchleachtas tugtha faoi deara ag na húdaráis.

Loit Neary beatha (agus sláinte) na mban seo agus arís níor chosain an Stát iad. Go deimhin, ceann de na fáthanna a ndearnadh an Dochtúir Neary a leithéid ná nach raibh cead aige ó na mná rialta a bhí i bhfeighil an ospidéal, steiriliú a chleachtadh. Seo ceart daonna atá ceadaithe sa Stát ach níor chuir an Stát aon iachall ar na húdaráis é a cheadú?

Níos deireanaí ná sin, is Neary eile, Patrick Neary, agus mare ina Rialtóir Airgeadais, nár choimeád súil ar a raibh ag tarlú i mbancanna na tíre. Oifig an-sinsearach, le cumhachtaí láidre aige, a bhí ag Neary, ach ar son an Stáit ní dhearna sé a chuid oibre. Loiteadh na bainc, an geilleagair agus saol na mílte agus na mílte gnáthdhaoine, mórán acu imithe ar imirce anois. B'fhéidir nach ndearna an Neary seo seirbhís ar son an Stáit ach ba Státseirbhíseach é agus míchosúil leis na mílte duine eile atá banc scriosta tá sé ag bailiú a phinsin go fóill.

Fiú le leathbhliain anuas, agus níl iontu ach sampla de rudaí atá tarlaithe agus atá fós ag tarlú trasna na tíre, tá úinéirí árasáin i Halla Prióireacht, i dTuaisceart Chathair Baile Átha Cliath, fós gan dídean dá gcuid féin mar nach ndearna gníomhaire eile de chuid an Stáit, an Chomhairle Contae áitiúil, iniúchadh ceart ar na hárasáin agus iad á dtógáil, cé gurb shin an dualgas atá orthu, ionas go bhfeicfeadh siad nár chloí an tógálaí leis na rialacha tógála. De bharr neamhchúram an Stát, agus de réir rialacha an Stát fhéin, níl cead cónaí ag na húinéirí ina gcuid tithe.

D'fhéadfainn eachtra i ndiadh eachtra eile a lua, scannal na mairteola nuair a dhíol Larry Goodman feoil lofa leis na Rúisigh, nó na príosúnaithe i bPríosún Mhuinseó nach bhfuil fiú a leithris féin acu sa lá atá inniu ann.

Tá an liosta fairsing agus fada. Ceann de na hoibleagáidí atá ar an Stát ná an dlí a dhéanamh agus a chur i gcrích. Níl sé go maith ag an chéad cheann agus go hiomlán lofa ag an dara ceann. Anois, an cheist agamsa ná, más mar sin atá, cén fáth go mbíonn an oiread sin fonn ar dhaoine go mbeadh níos mó cumhachta ag Stát nuair is léir nach dtugann an Stát sin cúram ceart dá gcuid saoránach?

An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgearld, in éineacht le húdar na tuairisce a rinne an Ghrúpa Neamhspleách Athbhreithnithe ar Bhás Leanaí, Dr Geoffrey Shannon, ag Leabharlann Náisiúnta Bhaile Átha Cliath, áit ar lainseáil siad an tuaraisc a dhéanann cur síos ar leanaí a fuair bás agus iad faoi chúram an Stáit. GRIANGHRAF: /PHOTOCALL IRELAND.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie

Bhailigh 70 Gaeilgeoir le chéile do dheireadh seachtaine fada le déanaí ag an deichiú imeacht de Scoil Gheimhridh Sydney san Astráil. Tháinig siad ó Adelaide, Brisbane, Melbourne, Canberra, Perth agus Sydney chun an teanga a fhoghlaim agus a cheiliúradh. Cuireadh tús leis an deireadh seachtaine go hoifigiúil ar an Aoine le Caitríona Ingoldsby , Ard-Chonsal na hÉireann in Sydney, ag labhairt faoin bhfeabhas beag atá ag teacht ar chúrsaí in Éirinn le déanaí. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúil i rith an deireadh seachtaine bhí tráth na gceist, ceol, amhránaíocht, damhsa, díospóireacht,ióga, ranganna agus aifreann Gaeilge.

Antoine Ó Curraoin ag caint ar chlár Iris Aniar a craoladh beo as Tigh Dhurcáin an tseachtain seo caite.

Bronnadh Ghradaim Ghnó na nDéise 2012. Sa ghrianghraf ó chlé, tá: Tadhg Ó Maoileoin, Cathaoirleach Chomhlacht Forbartha na nDéise; Jenny Beresford ó Chumann Tráchtála Dhún Garbhán & Iarthar Phort Láirge; Joan Clancy ó Dhánlann Joan Clancy sa Rinn, a bhuaigh gradam do Sheirbhísí trí Ghaeilge; Cormac O'Dwyer ó Ghrúdlann Dhún Garbháin, a bhuaigh gradam do Sheirbhísí & Nuálaíocht; Mary Fenton-Morrissey ó Mary FM Fashions, an Lios Mór, a bhuaigh gradam as ucht a cuid iarrachtaí ar son G-Day an Leasa Mhóir; Máire Seosaimhín Breathnach, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Phort Láirge agus Colm Nagle, Eagarthóir an Dungarvan Leader, a bhí mar urraitheoir ar dhuaiseanna Ghradam Gnó na nDéise.
[GRIANGHRAF: DAVID CLYNCH PHOTOGRAPHY]

Bridie Ann agus Nigel Ó Fearraigh as Gaoth Dobhair i gcuideachta an Athar Mícheál Mac Suibhne a rinne Iubhaile Órga a oirnithe a cheiliúradh ar na mallaibh.

Na filí, Gabriel Rosenstock agus Liam Ó Muirthile, agus iad ag caint le carachtar áitiúil i mBaile Mhic Andáin le déanaí.

Breandán Ó Tuairisg agus Jimí Chearra ag caint le hEibhlín Ní Chonghaile ar an gclár Iris Aniar a bhí ag craoladh beo as Siopa an Phobail an tseachtain seo caite.

An tAire Stát sa Roinn Ealaíon , Oidhreachta agus Gaeltachta, Dinny McGinley ag seoladh an Galley ag Céibh Ghlais na nUamhan i dTír an Fhia an tseachtain seo caite.

Breandán Mac Ardghail, Ciara Nic Oscair, Nóirín Ní Laighin, James Maher, Lisa Nic an Bhreithimh, Eibhlín Walsh, Caitríona Ní Chadhain, Gearóid Ó Duinn , Rhona Ní Chearbhaill, Dr. Nioclás Mac Cathmhaoil a bhain amach dámhachtainí Fullbright Dé hAoine seo caite.

Yanto Carrothers agus Martin Mc Garvey ag ligean a scíth ag lá oscailte Scoil Eoin Pól, Loch an Iúir. D'ardaigh siad an dara brat glas sa scoil an tseachtain seo.

GRIANGHRAF : EOIN MC GARVEY

Daltaí, oibrithe scoile agus daoine áitiúla ag lá oscailte agus ag ardú an dara brat glas ag Scoil Eoin Pol Loch an Iúir an tseachtain seo.

GRIANGHRAF : EOIN MC GARVEY.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cearca fraoigh á gcosaint i gConamara

Mairtín Ó Catháin

DHÁ ghrúpa atá gníomhach anois i gConamara ag cosaint na gcearc fraoigh - ceann acu amach taobh an Chlocháin agus ceann eile i gceantar Chill Chiaráin. Faoi scáth an Irish Red Grouse Association (IRGA) atá na grúpaí seo ag obair. 'The Glenaruid Wildlife Conservation Society' an teideal atá tugtha ag an eagraíocht náisiúnta don dream atá ag gníomhú sna cnoic ó thuaidh de Chill Chiaráin, i réimse sléibhe Ghleann na Rud.

D'éirigh ceist na gcearc fraoigh conspóideach i gConamara roinnt blianta ó shin nuair a tugadh ordú go laghdófaí an líon caorach ar na cnoic. Rinneadh seo le deis fáis a thabhairt don sliabh ar mhaith leis na cearca fraoigh.

Cearc fraoigh.

I Márta na bliana seo a bunaíodh Cumann Ghleann na Rud agus thugadar tuairisc faoin obair atá déanta acu go dtí seo ag seimineár a d'eagraigh an IRGA i gCo. Laoise an deireadh seachtaine seo caite.

Dúirt ball den choiste go raibh cúig nó sé de chearca fraoigh tugtha faoi deara acu i gceantar Ghleann na Rud san earrach agus go mbeidh siad ag tógáil cuntais aríst faoi cheann cúpla mí. Bheidís ag súil go mbeadh éanacha beaga ann - sin má tháinig na huibheacha slán ó shlad. Sciobann an sionnach agus éanacha bradacha na huibheacha leo as neadracha na gcearc má fhaigheann siad seans ar bith.

Smachtú sionnach agus éanacha a bhíonn ag fiach ar neadracha na gcearc fraoigh an obair is mo atá déanta ag an gcoiste i nGleann na Rud agus sna réimsí sléibhe sa gceantar sin. Tá os cionn 200 caróg agus roinnt scórtha snag breac maraithe acu le ráithe. Cuireann an eagraíocht náisiúnta na trapanna ar fáil leis na héanacha seo a sháinniú. De réir na dtuairiscí, tá caróga thar á bheith fairsing sa gceantar. Dúradh sa gcáipéis a d'ullmhaigh an IRGA go dtugann na coillte in aice láithreach áit chosanta agus chónaithe do charóga agus gur contúirt é sin don chearc fhraoigh.

Tá an Irish Red Grouse Association ag leagan béime ar fhásra ceart sa sliabh; teastaíonn fréamhacha beaga fraoigh le beathú a thabhairt don chearc fraoigh agus teastaíonn fraoch toirtiúil le foscadh agus cosaint a thabhairt di.

Dúirt baill de Choiste Ghleann na Rud nach bhfuil siadsan ag iarraidh aon bhlas a chur as d'fheilmeáraí ná do lucht bainte móna. Is féidir, a dúradh, na cearca fraoigh a bhí tréan ar an gcriathrach sin san aimsir a caitheadh a chosaint agus, san am céanna, leas a bhaint as an sliabh.

Tionscail an phósta ag fás ar Inis Bó Finne

GO dtí seo i mbliana tá beagnach scór cúpla tar éis seoladh go hoileán Inse Bó Finne le pósadh ansin...agus tá tuilleadh ar an mbealach. Níl a fhios go barainneach cén draíocht atá ag baint leis an oileán amach ó chósta thuaidh Chonamara ach tá an rómánsaíocht ag cuidiú go mór leis an eacnamaíocht áitiúil.

"Cuidíonn sé leis an tseirbhís sin againne," a deir Pádraig Ó Coinceanainn atá i bhfeighil an bháid farantóireachta idir Inis Bó Finne agus an Cloigeann ar an mórthír. "Cuidíonn sé go mór freisin leis na trí óstán ar an oileán; tá an t-airgead ag scaipeadh thart agus, ar ndóigh, cuireann na hócáidí uilig beocht san áit".

Bhíodh corr chúpla ag triail ar Inis Bó Finne in imeacht na mblianta le cuing an phósta a cheangal ansin ach is le beagán blianta a thosaigh an sruth láidir rómánsaíochta ar an oileán.

Chuir an fhorbairt a rinneadh ar cheann de na hóstáin - Inishbofin House - borradh faoin líon póstaí. Tá spás suite do 150 ann, rud a thugann deis le bainis sách mór a eagrú. Ó thaobh lóistín de, tá dhá óstán eile ar an oileán chomh maith le tithe le ligean agus cúpla áit leaba agus bricfeasta. Áirítear gur féidir lóistín a thabhairt do 300 cuairteoir ar Inis Bó Finne.

"Is iondúil gur ar an Satharn a bhíonn an pósadh féin i séipéal an oileáin," a deir Pádraig Ó Coinceanain. "Feicfidh tú cuid mhaith acu ag teacht amach trathnóna Déardaoin; beidh a bhformhór ag filleadh ar ais ar an Domhnach."

"Is deacair a shamhlú," arsa Pádraig, "nach gcaitheann daoine idir €150 agus €200 an duine, ar meán, ar an oileán. Bheadh idir 120 agus 170 ag freastal ar chuid de na bainiseacha móra; bainiseacha beaga a bhíonn ann scaití eile."

An sáinnítear dream bainise ar an oileán de bharr drochaimsire? "Uair sa gcéad," a deir Pádraig Ó Coinceanainn, "ach má sháinnítear féin déarfainn go nglacann siad leis mar shíneadh ar an saoire agus ar an ócáid!"



Síofra Barker agus DeAnna Blue a bhí páirteach sna ceardlanna scéalaíocht a reáchtáil Aisteoirí an Spidéil agus a d'aithris scéalta don chlár Iris Aniar a craoladh ón mBuilín Blasta mar chuid dá gcamchuairt sa cheiliúradh 40 bliain RnaG.

Naoi míle siar i bhfarraige atá Inis Bó Finne. Beagán le cois 160 duine atá ina gcónaí ann. Tá 18 ngasúr ag freastal ar an mbunscoil ansin ach níl meánscoil ar bith ar an oileán. Ní bhíonn mórán póstaí áitiúla ann.

"Ní dhéarfainn go bhfuil dream ar bith as an áit ag pósadh anseo i mbliana," a deir Pádraig Ó Coinceanainn. Údar imní é nach bhfuil mórán daoine ag bualadh faoin saol ar an oileán féin. *MÓC.*

Taispeántas d'Ealaín Sheán Uí Shéadhacháin

OSCLÓIDH taispeántas nua ealaín tíre ag deireadh na míosa seo in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, atá lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, Maigh Eo. Taispeántas de phictiúir de shaol na tuaithe le Seán Ó Séadhacháin atá ann. Tugann siad léargas ar leith ar go leor de na cleachtais fheirme agus tuaithe atá ar taispeáint sa Mhúsaem.

D'fhás Seán Ó Séadhacháin suas in iarthar Luimnigh agus chaith sé tamall ag obair mar oibrí feirme i nGaeltacht Chiarraí chun feabhas a chur ar a chuid Gaeilge. Chuaigh sé ar imirce go Meiriceá in 1927, áit ar oibrigh sé don chuid is mó dá shaol mar chógaiseoir.

Thosaigh sé ag péintéireacht nuair a bhí sé thart ar 60 bliana d'aois. Is é an tréith is láidre atá aige ná daoine agus radharcanna íocónacha as tuath na hÉireann a chur in iúl ar bhealach tarraingteach agus neamh-choinbhinseanúil.

Tá fráma gach pictiúir daite ag an ealaíontóir agus cruth ar leith curtha aige orthu. Tá saorchead isteach go dtí an taispeántas agus beidh sé ar siúl go dtí mí an Nollag. *KMG.*

'Babhtáil-Barter' don Iarthar

TÁ grúpa Google nua, 'Babhtáil-Barter', tosaithe ag daoine i nGaillimh atá ag iarraidh scileanna nó seirbhísí a mhalartú.

Rinne Tara Breathnach taighde air agus tháinig sí ar ghrúpaí den chineál sin i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile in Éirinn, ach níor tháinig sí ar cheann san Iarthar.

Má tá scil uait, is féidir an scil sin a fháil saor in aisce ó dhuine éigin má thugann tú scil éigin atá agat dóibh.

Criú OÉ Gaillimh ag deireadh rása luaimh timpeall na hÉireann an tseachtain seo caite.

Mar shampla, dá mbeadh duine ag lorg eolais conas fillteán tionscail a réiteach, is féidir leo an t-eolas sin a fháil saor in aisce má thugann siad a scileanna cócaireachta do dhuine éigin a bhfuil eolas acu ar fhillteáin tionscail.

"Sílim go bhfuil deiseanna ann, go háirithe sa lá atá inniu ann agus airgead gann," a deir Breathnach, "tá muid uilig cáilithe i réimsí éagsúla."

Is féidir an grúpa a aimsiú trí chuardach a dhéanamh ar ghrúpaí Google agus iarratas a sheoladh le ballraíocht a ghlacadh nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig Tara Breathnach ar tazpoppy@hotmail.com nó babh-tail-barter@googlegroups.com agus cuirfidh sí ar an liosta thú. *KMG.*

Tara Breathnach.

Grúpa ag léiriú imní faoi fheirmeacha gaoithe

BHÍ an chéad chruinniú ag grúpa nua atá buartha faoi fheirmeacha gaoithe i mBéal na mBuillí, Co. Ros Comáin le déanaí. Bhí ionadaithe ó 13 chontae i láthair ag an gcruinniú de chuid CREW (Campaign for Responsible Engagement with Wind Energy) Éireann.

Bunaíodh coiste le linn an chruinnithe, le hionadaithe ó gach contae. Tá an grúpa ag iarraidh tacaíochta a thabhairt do dhaoine atá ag cur in éadan forbairtí gaoithe ina gceantair.

"Níl ach ceithre seachtainí agat le taighde a dhéanamh ar an ábhar nuair a chuirtear iarratas do chead pleanála isteach," a deir Yvonne Cronin ó CREW Éireann, "agus tá an-chuid eolais le léamh."

Breathnóidh an coiste ar na forbairtí gaoithe atá ag tarlú nó atá beartaithe timpeall na tíre. Deir an grúpa nach bhfuil siad i gcoinne feirmeacha gaoithe ach go bhfuil siad i gcoinne na rialacha pleanála a bhaineann le forbairtí. Labhair an Seanadóir John Kelly ón Lucht Oibre ag an gcruinniú agus vótáil an coiste tacaíocht a thabhairt do Bhille Seanaid atá molta aige chun an t-

Feirm Ghaoithe i gCo. Ros Comáin.

íosachar idir tithe agus tuirbíní gaoithe a mhéadú ó 500 meadar go dtí 1.5km. Bhí an tOllamh Alun Evans ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, i láthair freisin mar aon le gníomhaithe atá i gcoinne feirmeacha gaoithe.

Deir Cronin go bhfuil an chuid is mó de na pleananna atá ann d'fheirmeacha gaoithe i nGaillimh lonnaithe sna háiteanna is mó a bhfuil daoine. Beidh an chéad chruinniú ag an gcoiste ar an Satharn seo. *KMG.*

Campaí Samhraidh i gCois Fharraige

Katie McGreal

TÁ An Crann Taca agus Comharchumann Shailearna Teo ag eagrú dá champa samhraidh do ghasúir i gCois Fharraige. Beidh ceann ar siúl ón Luan, 2 Iúil go dtí an Aoine, 13 Iúil agus ceann eile ar siúl ón Luan, 16 Iúil go dtí an Aoine, 27 Iúil.

Beidh ceithre ghrúpa ag an dá champa; gasúir réamhscoile, naíonáin bheaga agus mhóra, ranganna 1, 2 agus 3 agus ranganna 4, 5 agus 6. Tosófar ag 9.30rn gach maidin agus críochnóidh siad ag 2.30in. Beidh costas €95 ar na campaí.

Le linn na gcampaí déanfar imeachtaí ar nós, ceardlann drumadóireachta, ceolchoirmeacha agus beidh seisiún traenála ag na gasúir leis an laoch peile Seán Ó Domhnaill agus imreoirí áitiúla eile. Eagrófar imeachtaí spóirt agus aclaíochta chomh maith le neart gníomhaíochtaí eile.

Beidh téama cumarsáide ag an gcampa do ranganna 4, 5 agus 6 agus beidh sé lonnaithe i Seanscoil Sailearna in Indreabhán. Clúdófar scileanna ríomhaireachta, iriseoireachta, aisteoireachta, taifead ceamara agus raidió agus scileanna láithrithe. Déanfaidh iarchéimithe cumarsáide Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge stiúradh ar an gcampa seo.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón gCrann Taca ar 091 593132 nó ó Chomharchumann Shailearna Teo ar 091 593017.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Taispeántas pictiúir ar fhilíocht an Ríordánaigh

BEIDH taispeántas pictiúr faoin teideal 'Nótaí Ciúnais', bunaithe ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin, le feiceáil i Músaem na Scríbhneoirí, Baile Átha Cliath, le linn mhí Iúil.

Cuirfear tús leis an taispeántas seachtain ó amárach, 5 Iúil ag 7.00in, agus beidh fáilte roimh chách ag an oscailt oifigiúil. Is é an scríbhneoir agus an file, Liam Ó Muirthile, agus an t-ealaíontóir as Árainn, Seán Ó Flait-

Músaem na Scríbhneoirí, Baile Átha Cliath.

hearta ea sheolfaidh an ócáid.

Léifidh aoichainteoirí éagsúla dánta de chuid Sheáin Uí Ríordáin le linn na hoscailte. Beidh na scríbhneoirí, Micheál Ó Conghaile agus Mícheál Ó Ruairc ann in éineacht leis an scríbhneoir agus iar-Ollamh le Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Alan Titley, na filí, Caitríona Ní Chléirchín agus Aifric Mac Aodha agus an file agus scríbhneoir, Colm Breathnach. Sa taispeántas seo, beidh thart ar 60 pictiúr le feiceáil a choimisiúnaigh na foilsitheoirí, Cló Iar-Chonnacht, don leabhar, 'Seán Ó Ríordáin: Na Dánta', a seoladh i mí na Nollag 2011 ag ócáid i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. *KMG.*

Lá hAthchúrsála saor in aisce

TÁ Lá Athchúrsála saor in aisce ar siúl ag Power City i mBaile na

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Cúlóige ar an Satharn seo, 30 Meitheamh, ó 10.00rn go dtí 4.00in.

Cuirtear fáilte roimh earraí leictreacha ón teach, aon rud le plugaí nó ceallraí. Clúdaíonn sé sin teilifísí, miasniteoirí, micreathonnta, citil, bréagáin le ceallraí agus neart rudaí eile.

POWER CITY

Fuaireadar tacaíocht ó Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath don imeacht seo agus is féidir pé méid rudaí gur maith leat a fhágáil ann saor in aisce. *KMG*.

An Lú

Laghdú ar bhailiúchán Oxigen i gceantair thuaithe

TÁ an comhlacht dramhaíola Oxigen ag laghdú a gcuid bailiúchán araidí dubha i gceantair thuaithe i gContae Lú. Bhíothas ag bailiú na n-araidí gach seachtain ach beidh siad á mbailiú gach coicís as seo amach.

Bailíonn Oxigen araidí glasa gach coicís faoi láthair agus beidh na haraidí dubha á mbailiú ar an lá céanna. Tá trucailí nua ceannaithe ag Oxigen a ligeann dóibh an dá shaghas dramhaíle a bhailiú san aon trucail amháin.

Sheol an comhlacht litreacha chuig a gcustaiméirí le déanaí ag rá leo go mbeadh an tseirbhís ag athrú.

Dúirt Oxigen go raibh an laghdú ar bun acu de bharr an ardaithe 24% atá tagtha ar chostais bhreosla le dhá bhliain anuas agus an t-ardú 333% atá tagtha ar an táille do líonadh talaimh a ghearrann an rialtas ó 2008. Mhaígh siad chomh maith go mbeadh "tionchar dearfach" ag na hathruithe ar an gcomhshaol toisc go laghdódh sé lorg charbóin an chomhlachta agus go n-ísleodh sé trácht sna ceantair atá i gceist.

Idir an dá linn tá sé fógartha ag an gcomhlacht dramhaíola Greyhound, go bhfuil siad chun táillí araide a ardú 16.5% ón Domhnach seo chugainn ar aghaidh.

Bhronn Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath conradh ar Greyhound níos luaithe i mbliana chun dramhaíl tí a bhailiú ó 140,000 teaghlach.

Ardóidh an táille d'araidí dubha 240L ó €6 go dtí €7 agus ardóidh an táille d'araidí 140L ó €3.60 go dtí €4.20. Íocfaidh teaghlaigh a úsáideanna málaí dubha €10.50 le haghaidh trí chlib seachas an €9 a ghearrtaí orthu go dtí seo.

Bailíonn Greyhound dramhaíl i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas freisin. Íocann custaiméirí de réir meáchain an dramhaíola agus ardóidh an táille ó 31c/kg go 33c/kg.

Chuir Greyhound an milleán faoi na hathruithe ar an ardú atá tagtha ar tháillí do líonadh talaimh chomh maith. *CÓB*.

Moill ar uasbhealach Chrois an Fhearainn Nua

TÁ moill curtha ar thógáil uasbhealach Chrois an Fhearainn Nua i ndeisceart Bhaile Átha Cliath de bharr na géarchéime airgeadais idirnáisiúnta, dar le Teachta Dála áitiúil.

Deir Robert Dowds ón Lucht Oibre go bhfuil sé tugtha le fios ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta go raibh deachrachtaí acu maoiniú príobháideach a fháil don togra de bharr na héiginnteachta airgeadais reatha san Eoraip.

D'fhógair an tAire Iompair, Leo Varadkar, mí na Samhna seo caite go raibh an fód le hiompú ar an uasbhealach ag tús 2012 ach deir an ÚBN go bhfuil siad ag súil go gcuirfear tús leis roimh dheireadh na bliana.

Dúirt an tAire Varadkar go raibh €100 milliún ar fáil ó Bhanc na hÉireann agus ón mBanc Infheistíochta Eorpach le haghaidh comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach chun an t-uasbhealach ag Crois an Fhearainn Nua agus débhealach idir an Inbhear Mór agus Ráth Naoi i gCill Mhantáin a thógáil.

Táthar ag súil go laghdódh an t-uasbhealach fadhbanna tráchta ar an N7-M7, an príomhbhóthair idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh agus Luimneach.

"Ba mhaith liom go gcríochnófaí an togra seo chomh luath agus is féidir," arsa Dowds, "ionas go gcuirfí deireadh leis an mbrú tráchta trí chiliméadair a fheictear beagnach gach tráthnóna ó thimpeallán na Bó Deirge go dtí an crosbhealach.".

Dúirt Dowds gur bhuail sé le hoifigigh ón ÚBN le déanaí agus gur dhúirt siad go raibh siad "muiníneach go leor" go gcuirfí tús le tógáil an togra roimh dheireadh na bliana. Dúirt sé chomh maith go raibh sé tagtha chun solais ag na cruinnithe go raibh moill ar iarrachtaí chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh don togra toisc go raibh imní ar infheisteoirí airgead a chaitheamh san Eoraip de bharr na géarchéime eacnamaíochta reatha. *CÓB*.



Íomhá ealaíontóra d'Uasbhealach Chrois an Fhearainn

Dioplóma sa Ghaeilge i gColáiste Cheatharlach

Katie McGreal

REÁCHTÁLFAR Cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge i gColáiste Cheatharlach arís i mbliana i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, agus leanfaidh sé thar thréimhse dhá bhliain. Chríochnaigh an cúrsa deireannach i Márta 2010 agus d'éirigh le thart ar 20 macléinn an dioplóma a bhaint amach.

Is cúrsa páirtaimseartha é an Dioplóma sa Ghaeilge le ranganna ar feadh trí huaire an chloig oíche amháin sa tseachtain.

Tá sé dírithe ar dhaoine a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu atá ag iarraidh cáilíocht a bhaint amach mar mhac léinn aibí. Tosóidh an chéad chúrsa eile i Méan Fómhair 2012 agus críochnóidh sé thart ar an Márta 2014.

Mar aon leis na ranganna i gColáiste Cheatharlach, beidh cúrsa deireadh seachtaine in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, sa chéad bhliain. Beidh deis ag na mic léinn tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht freisin.

Is iad aidhmeanna an chúrsa seo ná cur le cumas an mhic léinn an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh agus a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa teanga. Dírítear ar chruinneas na Gaeilge, cultúr agus ar litríocht Ghaelach na hÉireann agus meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú.

Fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine go bhfuil leibhéal pas bainte amach acu i scrúdú ardleibhéil Gaeilge na hArdteistiméireachta nó a shásaíonn Stiúrthóir Acadúil an Chúrsa go bhfuil caighdeán sásúil sroichte acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó 059 9158105 nó andiplomasagaeilge@oegaillimh.ie.

Idir an dá linn, beidh SULT, oíche shóisialta trí Ghaeilge, ar siúl san oíche amárach i dTeach Dolmain i mBaile Cheatharlach. Tagann SULT le chéile uair sa mhí ach is é seo an ócáid dheireannach roimh bhriseadh an tsamhraidh.

Laura White agus Mary Lynch ar an mbealach chuig féile Body and Soul a bhí ar siúil i mBaile Átha Cliath an deireadh seachtaine seo caite . PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Ionad cultúrtha molta do Shean-ospidéal an Daingin

Breandán Mac Gearailt

TRÍ bliana ó shin bhí coiste áitiúil ag scaipeadh an scéil gur cheart ospidéal nó láthair sláinte do sheanóirí an cheantair a lonnú sa sean-ospidéal sa Daingin, tamall tar éis na hothair, 42 acu, a aistriú go dtí an ospidéal nua, 72 leaba.

Nuair a thosaigh caint go mbeadh slí san ospidéal nua d'fhormhór sheanóirí laga an cheantair, mhoilligh ar an iarracht i leith an tsean-ospidéil. Ach is baolach ná fuil agus gur dócha ná beidh 72 leaba choíche in úsáid san ospidéal nua, mar ní fada tar éis é a bheith tógtha, críochnaithe, go ndúradh gur 68 an líon is fearr a d'oirfeadh. Ach is baolach gur fada as, atá an líon san othar.

"Níl," arsa urlabhraí ó Coiste Sláinte Chorca Dhuibhne, "ach idir 40 agus 44 leapa in úsáid san ospidéal nua. "Deirtear", ar sé, go mbeidh 46 ann sara fada. Ní róshásta atá cuid den fhoireann, mar go bhfuil cúigear tar éis scor go dtí seo, agus tátar á rá go gcaithfear an obair chéanna a dhéanamh agus a deintí nuair a bhí foireann iomlán ann le freastal ar 40 leaba agus anois beidh sé leaba bhreise in úsáid. Ach cad faoi na leapacha eile?

Ospidéal an Daingin

"Má chreideann tusa nó aon duine eile go bhfuil sé i gceist ag an Údarás Sláinte 68 leaba a bheith in úsáid, tá breall mór ort," ar sé. San idirlinn tá coiste eile tagtha ar an saol a mheasann go mba cheart an sean-ospidéal, atá folamh, a úsáid mar láthair chultúrtha agus ealaíona. Measann Wendela Rosenberg Polock, léiritheoir agus stiúrthóir drámaí go bhfuil scata daoine ar a haithne a mheasann go mba cheart 'Láthair Ealaíona' a dhéanamh den sean-ospidéal mar go bhfuil sé folamh agus ag sileadh taise, de thoradh a bheith díomhaoin le dhá bhliain. "Is láthair bhreá an sean-ospidéal," arsa Wendela, Sasanach mná atá ag cur fúithi sa cheantar le tamall maith blianta, ach má tá aon áis eile pobail níos fearr a d'oirfeadh bheimis sásta, ach is é an feall é foirgneamh breá go bhfuil stair éachtach ag baint leis, siar go dtí An nDrochshaol, nuair a bhí cúig mhíle duine lonnaithe sa bhfoirgneamh agus i mbotháin timpeall air de thoradh plá agus gorta."

"Pé sceal é, leanfam lenár bhfeachtas mar caithfidh bogadh a theacht sa saol eacnamaíoch uair éigin," ar sí. Is dócha ná fuil aon teora le dóchas.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

1,700 cláraithe do chúrsaí i gCorca Dhuibhne

CÉ go bhfuil laghdú beag ar líon na scoláirí a bheidh ag freastal ar Chúrsaí Gaeilge Samhraidh de chuid Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo, tá an scéal i bhfad níos fearr má mar a mheas scata, de réir Chathaoirleach an chomharchumainn Tomás Mac Gearailt.

"Tá timpeall 1,700 scoláire cláraithe do chúrsaí an Chomharchumainn an samhradh seo," arsa Tomás. Tá láithreacha na gcúrsaí scaipthe ar fud an cheantair mar Lios Póil, Cill Chuáin, Coláiste Íde, Fionn Trá agus Baile an Fheirtéaraigh." Bíonn cúrsaí an Mheithimh 'lán', a dúirt sé, ach bíonn fadhb le huimhreacha daltaí ar choláistí Gaeilge ar fud na tíre do chúrsaí Lúnasa. *BMG.*

Bainisteoir nua do Choláiste Íde

LE déanaí bhí agallaimh ann faoi stiúir bhainistíocht Choláiste Íde i mBaile an Ghóilín, le bainisteoir a cheapadh. is í Máirín Uí Chonchúir ó Chathair Bó Sine, atá ceaptha. Tá tamall de bhlianta caite ag Máirín mar bhainisteoir ar Chomharchumann an Leitriúigh.

Mar a aontaíonn fia agus fiolar, dhein sí gaiscí arís agus arís eile.

Is í Máirín an séú bainisteoir ar an gcoláiste cáiliúil seo le deich mbliana. Is é an fear éachtach, Mícheál Ó Muircheartaigh, atá ina chathaoirleach ar Bhord Stiúrtha Choláiste Íde, ceann den chúpla coláiste cónaithe lánGhaelach do chailíní, atá sa tír. Ba anseo a bhí Tiarnaí Talún Fhionn Trá ag cur chuchu ar feadh dhá chéad bliain. *BMG.*

Coláiste íde.

Saoire Chomhluadar i gCorca Dhuibhne

BEIDH Saoire Ghaeltachta Chomhluadar ar siúl ón Satharn, 11 Lúnasa go dtí an Satharn, 18 Lúnasa i mBrú na Gráige i gCorca Dhuibhne, Ciarraí.

Úsáidfear an Brú mar cheannáras don tseachtain. Tá cistin, seomra sóisialta agus seomra spraoi ann agus is féidir leaba nó spás campála a fháil ann freisin ach tá spás teoranta. Tá rogha lóistín eile ar fáil sa cheantar, idir óstáin, tithe saoire, bia agus lóistín agus mar sin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh Fáilte Ireland, www.discoverireland.ie.

Níl an tsaoire teoranta do dhaoine gur féidir leo seachtain iomlán a chaitheamh ann. Beidh fáilte roimh dhaoine cúpla lá a chaitheamh ann, más é sin a oireann dóibh.

Cuirfidh Comhluadar imeachtaí éagsúla ar siúl le linn na seachtaine, ar nós turas báid, spóirt uisce, potadóireacht, ceardlanna cruthaíocha agus bearbaiciú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Nicole ar imeacht@comhluadar.ie nó 01 4789191.

Idir an dá linn, tosóidh grúpa nua tuismitheoirí agus leanaí in Inis i gContae an Chláir ar an Aoine, 6 Iúil.

Tosóidh grúpa nua tuismitheoirí agus leanaí in Inis i gContae an Chláir ar an Aoine, 6 Iúil.

Casfaidh siad le chéile den chéad uair ar an Aoine sin ag 10.30 ar feadh uair an chloig san Caifé Rowan Tree ar Rae an Chairdis agus cuirfear fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa le páistí faoi aois scoile. *KMG.*

Siúlóid do dhílleachtlann san India

BEIDH Siúlóid Charthanachta ar son dílleachtlanna san India ón nDaingean go dtí Barr Conrach ar an Satharn seo chugainn, 30 Meitheamh. Ina dhiaidh sin, beidh dinnéar agus rince in Óstan na Sceilge. Is iad Máiréad agus Brian de Staic, an seodóir, a chuir tús leis an bhfeachtas seo le hairgead a bhailiú don dílleachtlann. Is leis an athair Singh atá i mbun na háite a bhíonn muintir de Staic ag plé.

"Fear iontach 'sea é," arsa Mairéad, "agus tá súil againn go mbeidh sé in Éirinn sara fada."

Thosnaigh Muintir de Staic ag cabhrú leis an nDílleachtlann seo ceithre bliana ó shin. *BMG.*

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Cúrsa ríomhaireachta do dhaltaí idirbhliana

CÚRSA i réimse na ríomhaireachta do scoláirí idirbhliana atá á bheartú ag Siobhán Ní Dhuibhir, i nDún Chíobháin sa bhfómhar. Is cúrsa seachtaine cónaithe, a bheadh i gceist agus measann sí go gcabhródh sé go mór le haon duine óg a bheadh san idirbhliain.

Is le hOllscoil Chorcaí Dún Chíobháin agus tá, is léir, socruithe réitithe ag Siobhán le muintir na hOllscoile faoin gcúrsa. "Bíonn siad anchabhrach aon uair a iarraimid cúnamh orthu," ar sí.

Is é Iarthar Duibhneach, dar le Siobhán, an ceantar tuaithe is oilte sa tír i gcúrsaí ríomhaireachta. Eascraíonn san cuid mhaith as an líon mór cúrsaí ríomhaireachta atá reáchtáilte faoi scáth Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo agus FÁS le blianta. Bhí baint ag Siobhán le scata de na cúrsaí sin. *BMG.*

Lucht leanúna Westlife, Abbie Murphy as Corcaigh agus Charlene Bell as an Muillean gCearr ar a mbealach chuig ceolchoirm Westlfe i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath. Sasko Lazarov/Photocall Ireland.

Ciorcal Comhrá na nDéise i dTigh Mhuirithe i Heilbhic, Contae Phort Láirge, an tseachtain seo caite. Beidh ciorcal comhrá eile ag tosú i nDún Garbhán i mí Meán Fómhair. Tuilleadh eolais ó Chabríní de Barra ar 087 6532044 nó cabrini01@gmail.com.

Con Durham ar shlí na fírinne

Breandán Mac Gearailt

BEAGÁN le cois chúig bliana fichead ó shin a bheartaigh an Baile Átha Cliathach, Con Durham, bualadh siar ó dheas go hIarthar Dhuibhneach. Seachas geábhad ar an mbaile agus ar ócáidí ceoil, is thiar a d'fhan sé, gur bhuail an bás é ar an Aoine seo caite in aois a chaoga cúig bliain.

Bhí sé breoite le hailse le ceithre bliana, ach ar feadh tamaill measadh go raibh sé leigheasta. Throid Con an galar agus bhí sé ag siúl timpeall go dtí an nDéardaoin, nó an lá sular éag sé. Bhí meas ag an saol mór ar 'Con an Píobaire', mar a thugtaí air. Bhí Gaolainn ar a thoil aige agus anscoláire staire ab ea é. Is minic a chas sé féin agus Tomás Ó Conchúir ó Bhaile Reo ceol le chéile i dtábhairní agus ag iliomad ócáid sa cheantar. Dar le Tomás gurbh é an duine ba chneasta agus ba shibhialta a casadh riamh air é.

Ar feadh na mblianta bhíodh sé féin agus Feargal Mac Amhlaoimh, píobaire agus veidhleadóir, i mbun seisiúin cheoil gach Aoine i dTábhairne Bhruic ar an Riasc. Dar leis an gConchúrach go raibh bua faoi leith ag Con le daoine óga a mhealladh i dtreo an cheoil.

Tháinig na sluaite ó chian agus ó chóngar agus bhí ceol á chasadh gan staonadh mar chomhartha ómóis do Chon. Ar an Aoine, bhí scata mór ceoltóirí ag seinnt i dTábhairne Bhruic. Bhí cúigear agus fiche ag casadh le chéile ann ar feadh tamaill, ach bhí a dhá oiread ná féadfadh slí cheart a aimsiú le seinnt. Bhí ceol ag Aifreann na Marbh ar an Satharn agus ag taobh na huaighe.

Oíche Dé Sathairn, bhí na ceoltóirí ag casadh i dTigh na Cúirte sa Daingean agus Dé Domhnaigh, sa Mharíne.

Bhí slua mór ó Bhaile Átha Cliath i láthair don adhlacadh, ag áireamh an fhir ghroí, Pól Ó Gréacháin, a chuir aithne ar Chon nuair a chaith sé seal i nDuibhneach.

"Baile Átha Cliathach go gcaithfeá a bheith mórálach as," arsa Pól. "Ní chuala riamh é ag cáineadh, ach é coitianta dearfach cleachtúil, socair, síochánta. Cuireadh Con i gcré na cille i reilig Bhaile an Mhuilinn ar an Satharn. Maireann ceathrar clainne leis, beirt mhac agus beirt iníon, a chomrádaí Áine agus máthair a chlainne Emer, beirt dhearthár agus deirfiúr.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Dún na nGall

Meenamara Developments le leachtú

TÁ creidiúnaithe comhlachta tógála i nGaeltacht Dhún na nGall chun buaileadh lena gcéile Dé Máirt seo chugainn le leachtaitheoir a cheapadh. Beidh an cruinniú maidir le Meenamara Developments san Glackin Business Institute, Cúirt na Canálach, Leitir Ceanainn.

Is iad an bheirt stiúrthóirí atá ar Meenamara Developments ná Con agus Noreen O'Donnell a bhfuil seoladh acu beirt i Mín na Manrach.

De réir cáipéisí a comhdaíodh san Oifig Um Clárú Cuideachtaí, is leis an gcomhlacht talamh ag Bóthar an tSéipéil ar an gClochán Liath, agus ag Mín Beannaid, An Céide agus Béal Cruite.

De réir na gcúntas a comhdaíodh, rinne Meenamara Developments brabach €721,683 don bhliain 2010. B'shin an bhliain dheireannach ar comhdaíodh cúntas. Bhí acmhainní €2,176,166 ag an chomhlacht agus ba talamh breis agus €2 milliún de sin. Bhí iasachtaí banc de €1,374,520 acu agus tá muirir ag Banc na hÉireann agus Banc Uladh ar an gcomhlacht. *AMC.*

Béal Feirste

£2.5m do Bhunscoil Bheann Mhadagáin

D'FHOGAIR John O'Dowd, Aire Oideachais an Tuaiscirt, maoiniú £2.5milliún (€3.1milliún) do Bunscoil Bheann Mhadagáin i mBéal Feirste ar an Luan seo caite. Fágfaidh sin go mbeidh an scoil ábalta foirgneamh nua a thógáil ar an 'Cricky' (páirc imeartha ar Bhóthar Cliftonville).

Beidh an céad naíonra lánaim-

seartha i dtuaisceart Bhéal Feirste leis an scoil chomh maith. Tá an scoil lonnaithe i seanhalla paróisteach ó bunaíodh í in 1993.

De réir measúnaithe, tá £600,000 riachtanach le deisiú práinneach a dhéanamh ar an bhfoirgneamh atá ag an scoil. Scríobh cigire go raibh seo "*...dilapidated and bleak; they are unsuitable and do not meet the needs of the children, teachers and other users, and do not contribute towards raising standards of education...inadequate and short of acceptable standards.*"

Tá thart ar 115 páiste ar an scoil. Déanann sí freastal ar Ard Eoin, An Seanpháirc agus Bóthar Cliftonville. Tá siad sin ar na ceantracha is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa chathair.

Dúirt Tarlach Mac Giolla Bhríde, Cathaoirleach Bhord na nGobharnóirí, go raibh an-áthas ar achan duine a bhí bainteach leis an scoil. "Tá súil agam méadú a chur leis an scoil anois," ar seisean.

Gheall O'Dowd, leis, maoiniú de £11.9miliún (€14.8milliún) do Choláiste Feirste, an mheánscoil Ghaeilge atá sa chathair. *AMC*.

Gaeilgeoir eile i dTionól Stormont

BEIDH Gaeilgeoir eile i dTionól Stormont tar éis cheapachán Rosaleen McCorley ó Shinn Féin. Tá sí ag teacht i gcomharbas ar Paul Maskey, atá anois ina Fheisire Páirliminte do Bhéal Feirste Thiar.

Bhí lámh ag McCorley i mbunú Ghaelscoil agus Naíscoil an Traonaigh i Lios na Scéithe, i gCo. Fhear Manach, tráth dá raibh sí ina cónaí sa cheantar. Sin an t-aon Ghaelscoil atá i bhFear Manach ar fad. Scríobh sí aighneacht Shinn Féin don tSamhail Nua Mhaoinithe agus is stiúrthóir í ar an gCiste Infheistíochta Gaeilge.

Is iar-chime poblachtach as Iarthar Bhéal Feirste í Rosaleen McCorley agus bhí sí páirteach i mír amháin den tsraith 'Mná an IRA' a craoladh ar TG4. Gabhadh í in 1990 agus í 32 bliain d'aois.

Shiúil sise agus fear thar carr phéas a bhí ar an tsráid. Nuair a chuir an fear an buama faoin gcarr, rith péas amach as teach agus ghabh siad iad. Ciontaíodh í as buama a chur faoi carr péas. Is léir go raibh eolas ag na fórsaí slándála faoin rud a bhí beartaithe.

Bhí sí difriúil ó cuid mhór eile a gabhadh. Bhí sí os cionn 30 bliain d'aois, agus post measartha maith aici mar Oifigeach Tithíochta leis an Northern Ireland Housing Executive. Tá sí ag obair le Sinn Féin ó scaoileadh saor í. *AMC*.

Doire

Sciath Mhic Giolla Bhríde do Scoil Mhuire

TÁ Sciath Mhic Giolla Bhríde buaite ag Scoil Mhuire, Machaire Fíolta , Co. Dhoire.

Comórtas cainte de chuid Chomhaltas Uladh do scoileanna gramadaí ó Thuaidh atá ann. Déantar moltóireacht ar chaighdeán labhartha Gaeilge na scoláirí GCSE le linn agallamh i mí an Mhárta.

"Tá áthas an domhain orainn an gradam iomráiteach seo a bhaint," a deir Wayne Mac Feilimí, Ceann Roinn na Gaeilge sa scoil.

"Tá sé mar chuspóir na roinne seo timpeallacht dhearfach, spreagúil a chur ar fáil do na scoláirí ina dtiocfadh leo an teanga a labhairt go laethúil.

Bhí Niall Comer, Uachtarán Chomhaltas Uladh, mar aoichainteoir ag an mbronnadh.

Bronnadh Sciath Mhic Giolla Bhríde ar Scoil Mhuire dhá uair ó tháinig sí ar an bhfód nócha bliain ó shin, b'shin sa bhliain 1995 agus arís in 2002. *KMG*.

Roibéard Mac Pharthaláin, Niall Comer (Comhaltas Uladh), Wayne Mac Feilimí (Ceann na Gaeilge) Scoil Mhuire, Nachaire Fíolta agus Caitríona Nic an tSaoir a bhain amach comórtas Sciath Mhic Giolla Bhríde an tseachtain seo caite.

Dún na nGall

Scoil Mhín na Manrach dúnta

Tomás Ó Cuireáin

DÉARDAOIN seo caite chuir Bernie Ní Dhuibhir, Príomhoide Scoil Mhín na Manrach, An Clochán Liath, an glas ar dhoras na scoile don uair dheireanach. Rinne an Roinn Oideachais an cinneadh an scoil bheag Ghaeltachta seo a dhruid de bharr nach raibh ach seachtar páistí ar na rollaí.

Bunaíodh an chéad scoil sa bhliain 1871 i mbaile fearainn Leitir Catha, leathmhíle siar an bealach mór, rud a chiallaíonn go raibh 140 bliain á cheiliúradh ag an scoil mar aonad oideachais anuraidh.

Bhí baint ag beirt scríbhneoirí mhóra na Gaeilge leis an scoil. D'fhreastal Mánus an Táilliúra, nó Fionn Mac Cumhaill, a scríobh leabhair ar nós 'Sé Dia an Fear is Fearr, Na Rosa go Bráthach, Maicín agus Gura Slán le m'Óige, ar an seanscoil. D'imigh sé go Meiriceá agus bhí sé ina dhornálaí proifisiúnta ina dhiaidh sin. Ba uncail leisean Pádraig Mac Cumhaill a scríobh an t-amhrán Mary from Dungloe.

An dara duine a bhí ag teagasc sa scoil ó 1917-1920 ná Séamus Fheidhlimidh Ó Grianna as Rann na Feirste. Eisean a scríobh leabhair mar Mo Dhá Róisín, Caisleáin Óir, Cith is Dealán agus Saoghal Corrach, ina bhfuil cur síos ar a shaol féin, agus a thréimhse i scoil Mhín na Manrach san áireamh.

Fuarthas ceann de na bailiúcháin is mó béaloidis sa tír ón scoil seo sna blianta 1937/1938 agus fuair an Máistir Mac Suibhne, a bhí sa scoil ag an am, duais aitheantais dá bharr sin.

Bernie Ní Dhuibhir, Príomhoide Scoil Mhín na Manrach i dTír Chonaill ag cur dhoras na scoile faoi ghlas den uair dheireanach.

Siúlóid Seandálaíochta i gCarn Tóchair

DÉANFAIDH an seandálaí, Pól Mac Cana siúlóid seandálaíochta dátheangach suas Cnoc Charn Tóchair ar an Domhnach, 1 Iúil ó 2in mar chuid d'Fhéile Charn Tóchair. Le linn na siúlóide, míneoidh sé na gnéithe seandálaíochta atá le feiceáil ar an gcnoc agus sa cheantar.

Is imeacht saor in aisce é seo agus críochnóidh sé thart ar 6in. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Phól ar 028 79549978 nó pol.maccana@ancarn.org.

Cuirfidh an tsiúlóid seo tús le Féile Charn Tóchair a bheidh ar siúl i nDoire ón Domhnach, 1 Iúil go dtí an Domhnach, 15 Iúil. *KMG*.

An tAthair Seamus Meehan, Bridget O'Donnell agus Dim Boyle ag an Rith Cuimhneacháin 5 Chiliméadar sa Chlochán Liath i nDún na nGall.

BEATHA

Féile Rás Aigéin Volvo

I nGaillimh a chríochnóidh Rás Aigéin Volvo na bliana seo agus beidh féile seachtaine ar siúl sa chathair le ceiliúradh a dhéanamh ar an ócáid, ón 30 Meitheamh – 8 Iúil

Katie McGreal

Tá muintir na Gaillimhe ag siúl le thart ar 800,000 cuairteoir sa chathair agus sa chontae ón Satharn, 30 Meitheamh go dtí an Domhnach, 8 Iúil, nuair a thiocfaidh deireadh leis an Rás Aigéin Volvo ansin.

Tosóidh an chéim dheiridh den rás domhanda seo i Lorient na Fraince agus críochnóidh sé i 'Sráidbhaile an Rása' a bheidh ullmhaithe chuige sna Duganna i nGaillimh. Críochnóidh an rás ar an Máirt, 3 Iúil agus cuirfidh muintir na Gaillimhe fáilte roimhe na hiomaitheoirí le ceolchoirm leis an mbanna áitiúil, The Sawdoctors. Beidh Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins i láthair freisin.

Beidh Kanyu Tree, Thin Lizzy, Sharon Shannon, Keywest agus neart, neart eile ag seinm ar stáitse amuigh faoin aer i Sráidbhaile an Rása le linn na féile. Ceolchoirmeacha saor in aisce a bheadh iontu sin ar fad. Cuirfidh an Youth West Ballet siamsaíocht ar fáil don phobal agus tabharfaidh drumadóirí ón mBrasaíl taispeántas freisin. Beidh compántas damhsóirí ón tSín le feiceáil ar an Máirt, 3 Iúil ag 1.00in agus beidh go leor drámaí sráide agus siamsaíocht eile ar siúl le linn na féile chomh maith. Beidh Sráidbhaile Domhanda eagraithe ar an gCladach i nGaillimh chomh maith. Cuirfear céilí mór ar siúl ann ar an Domhnach, 1 Iúil agus beidh seó fuirseoireachta le Dara Ó Briain ar siúl an oíche roimhe sin. Beidh comórtas 'Cath na mBannaí' ar siúl chuile lá ag 1.00in freisin. Beidh neart ceirneoirí éagsúla ag seinm ag amanna éagsúla sa tSráidbhaile Domhanda le linn na féile ó 5.00in gach lá.

Cuirfidh Ambasáid Mheiriceá 'Cóisir Mheiriceánach' ar siúl ar an 4 Iúil le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Neamhspleáchais Mheiriceá ar Bhóthar na Trá ó 8.00in.

Beidh deis ag daoine triail a bhaint as seoltóireacht le linn na féile agus beidh seó faisin ar siúl chomh maith. Beidh Cumann Húicéirí na Gaillimhe ón gCeathrú Rua i láthair ag an bhféile freisin agus beidh neart imeachtaí eile ar siúl timpeall na cathrach agus an contae le linn Fhéile Mhór Volvo.

Tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí uilig ar fáil ar www.volvooceanracegalway.ie.

Áras na nGael

Beidh deis ag turasóirí na Gaillimhe foghlaim faoi stair na Gaeilge agus cúpla frása i nGaeilge a fhoghlaim in Áras na nGael ar Shráid Dhoiminic ar an gCéadaoin, 4 Iúil ag meán lae, ag 2.00in agus arís ag 4.00in. Cuirfear taispeántas damhsa ar an sean-nós ar siúl freisin.

Mairfidh ceardlann ar stair na Gaeilge 15 nóiméad agus tabharfaidh sé léargas i mBéarla do na rannpháirtithe. Breathnófar ar an nGaeilge sa lá atá inniu ann agus na bealaí a bhfuiltear ag caomhnú na Gaeilge mar theanga bheo.

Breathnófar ar an eabhlóid atá tagtha uirthi ón am a tháinig sí go hÉirinn na mílte bliain ó shin. Breathnófar ar athbheochan na Gaeilge i gcaitheamh an chéid seo caite mar aon leis an stádas reatha atá bainte amach aici agus caithfear súil chun cinn ar an gconspóid faoina bhfuil i ndán dár dteanga dhúchais amach anseo. Caithfidh grúpaí ina mbeidh cionn cúigear áit a chur in áirithe trí ghlaoch a chur ar 091 567824.

Beidh gnáthimeachtaí Áras na nGael ar siúl le linn na seachtaine freisin. Beidh Úr Dé Máirt ar siúl ar an Máirt ag 8.00in.

Déantar ceiliúradh ar thalann nua na cathrach idir cheoltóirí, damhsóirí, filí agus neart eile le linn na hoíche seo.

Beidh taispeántas spleodrach de bhanna ilchultúrtha ar siúl ar an Déardaoin ag 8.00in agus cuirfidh na ceirneoirí, Will Softly agus Cian 'Intinn' Finn ceol ar siúl ó 10.30in ar an Aoine agus beidh saorchead isteach ag gach duine.

Cuirfidh 'Emerald Armada' as Béal Feirste ceolchoirm ar son na carthanachta, 'Sea Shepards' ar siúl ó 8.30in ar an Satharn. Seinnfidh Lewis Carroll agus Declan Guckian in éineacht leo agus beidh costas €5 ar an doras.

Tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí ar fad ar fáil ó 091 567824.

Traidphicnic

Chaith muintir an Spidéil an-chuid ama agus airgid ag eagrú agus ag ullmhú don Rása Aigéin agus faoi dheireadh, tá Traidphicnic beagnach linn!

Táthar ag iarraidh ceoil, damhsa agus siamsaíochta na Gaeltachta a thaispeáint do chuairteoirí an bhaile leis an bhféile seo. Tabharfar deis dóibh scileanna ceoil agus damhsa a thabhairt abhaile leo le ceardlanna bodhráin, spúnóga agus neart eile a bheidh ar siúl saor in aisce.

Beidh ceardlanna ceoil eile ar siúl do dhaoine áitiúla nó do dhaoine a bhfuil taithí acu sa ceol. Beidh neart seisiúin cheoil ar siúl i dtithe táb-hairne an bhaile leis na ceoltóirí Caoimhín Ó Raghallaigh, Peadar Ó Riada agus Martin Hayes, na deir-fiúracha, Liz agus Yvonne, The Bonny Men, Danny O'Mahony, Paul Bradley, Geraldine Bradley agus Ruairí Cun-nane a bheidh i láthair le linn na féile.

Cuirfidh Martin Hayes, Caoimhín Ó Raghallaigh ,Peadar Ó Riada agus Danny O' Mahony ceardlanna ceoil ar siúl agus beidh Seán Ó Coistealbha thart le labhairt faoi dhánta agus litríocht. Cuirfidh Marian Ní Chong-haile agus Seosamh Ó Neachtain ceardlann damhsa ar an sean-nós ar siúl.

Beidh taispeántas ealaíne ó Ealaíontóirí Chois Fharraige ar siúl thar an dá lá agus cuirfear seisiúinIóga ar siúl ar an trá, ag braith ar an aimsir. Cuirfear siúlóidí treoracha ar siúl freisin. Rachaidh na 'Wandering Minstrels' timpeall an bhaile le linn na féile, ag tabhairt ranganna Gaeilge neamhfhoirmiúla d'éinne a bheas á iarraidh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.traidphicnic.com nó traidphic-nic@gmail.com.

Taispeántas Ealaíne

Beidh taispeántas ealaíne le Grúpa Grianghrafadóireacht an Spidéil ar siúl i Seanbhalla na Cathrach (Old City Wall) in Ionad Siopadóireachta na Fhaiche Móire ón Déardaoin, 5 Iúil go dtí an Satharn, 21 Iúil.

Osclófar an taispeántas go hoifigiúil ar an Satharn, 7 Iúil ag 3.00in, ach beidh sé le feiceáil san ionad siopadóireachta ón Déardaoin roimhe sin.

Taispeántas é seo ina mbeidh os cionn 20 grianghraf mór a bheidh ag leiriú na n-ealaíon ar bhealaí difriúla.

Beidh neart siamsaíochta ar siúl le linn Féile Rás Volvo.

Sharon Shannon

Thin Lizzy

"Stuif nach mbeadh tú ag siúl leis," a deir Caroline Walsh, bunaitheoir agus uachtarán an ghrúpa.

Tá cónaí ar an seachtar gri-anghrafadóir a bheidh le feiceáil ann i nGaillimh; sin iad Caroline Walsh, Andrea Zipoli, Seth Deibel, Jim Leneghan, Richard Russell, Mark O Toole agus Johanna Ní Mháille.

Páirceáil agus taisteal chuig Rás Aigéin Volvo

Beidh seirbhís Páirceála agus Taistil ar fáil i gCathair na Gaillimhe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn Fhéile Rás Aigéin Volvo. Féadfar an carr a fhágáil ag Ráschúrsa na Gail-limhe i mBaile an Bhriotaigh ó 9.00rn go dtí 11.30in agus bus a fháil go Lár na Cathrach agus ar ais ar chostas €5 do dhuine fásta agus saor in aisce do sheanóirí agus do leanaí.

Cuirfear busanna ar fáil gach cúig nóiméad ón Ráschúrsa agus fágfaidh siad paisinéirí lasmuigh de Stáisiún Chóiste na Gaillimhe, atá lonnaithe ar Bhóthar Pháirc an Aonaigh, dhá nóiméad siúil ón bhFaiche Mhór.

Beidh na busanna ar fáil gach lá ó thús na féile, 30 Meitheamh, go dtí deireadh na féile, 8 Iúil. Cuireadh an tseirbhís seo ar siúl le linn Fhéile Rás Aigéin Volvo 2009 agus bhí an-tóir air. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Chomhair-le Cathrach na Gaillimhe ag www.gal-waycity.ie nó glaoigh ar 091 536400.

NUACHT Litríochta

'Ailfí agus an Vaimpír'

Le Orna Ní Choileáin
€8, Clúdach bog
Coiscéim

Léirmheas le Meadhbh Ní Eadhra



IS iomaí scéal atá scríofa faoi vaimpírí, agus tá spéis ag idir óg agus aosta sna scéalta sin le fada an lá. Éiríonn le Orna Ní Choileáin scéal nua-aimseartha, dea-scríofa a chur os comhair an léitheora i mbealach ealaíonta, agus is cinnte ag deireadh an scéil seo, go mbeidh an léitheoir ag iarraidh tuilleadh a fhoghlaim faoi Ailfí agus Marius, an vaimpír.

Tá 'Ailfí agus an Vaimpír' suite i mbaile beag in Éirinn. Is é an gasúr óg, Ailfí, an príomhcharachtar sa scéal seo, agus buaileann muid leis agus é fíorbhuartha faoina mháthair atá tinn agus ag fanacht i dteach altranais.

Nuair a chasann sé le buachaill 'mílítheach' atá gléasta ó bhun go barr in éadaí dubha, tá sé soiléir nach gnáthchairdeas a bheas eatarthu agus tá sé soiléir nach gnáth-vaimpír é Marius ach an oiread.

Is é an príomhaidhm atá ag Marius ná a thuismitheoirí a aimsiú, ach idir an dá linn ba mhaith leis a bheith chomh compordach agus is féidir leis, mar sin beidh cónra ag taisteáil uaidh le dul a chodladh ann.

Tá tréithe an vaimpír fite fuaite le tréithe an tsaoil sa lá atá inniu ann sa scéal seo. Agus is é sin a thugann deis don léitheoir tuiscint níos fearr a bheith acu ar shaol an vaimpír. Tá faitíos ar Mharius roimh mhuincí gairleoige, ní maith leis an ghrian agus tá géaráin ollmhóra aige! Ag an am céanna, feicimid gur scéal nua-aimseartha é seo ina bhfuil Ailfí ag cuardach tuismitheoirí Mharius ar a 'iPad', agus Linsí, cara le hathair Ailfí, ag iarraidh ingne bréige a thabhairt do Mharius lena lampa ultraivialait agus í i gcónaí ag brú tae luibhe air.

I rith an scéil, feicimid cairdeas Ailfí agus Mharius ag forbairt agus déantar forbairt ar chúpla foscéal ag an am céanna a léiríonn mothúcháin an déagóra ag streachailt le tinneas a mháthar.

Tá nasc cliste déanta ag an údar idir an teach altranais agus teaghlach Mharius, eachtra a thagann chun solais nuair a bhíonn na buachaillí ag toraíocht cónra. Tá greann, áibhéil agus teannas le braith tríd an scéal seo ach is cinnte go n-éiríonn le hOrna Ní Choileáin gnéithe de scéalta traidisiúnta agus eilimintí nua-aimseartha a chur taobh le taobh sa chuí is go mbeidh suim ag déagóirí ar fud na tíre seo i scéal Ailfí agus a chara nua Marius.

Thug údar Ailfí agus an Vaimpír, Orna Ní Choileáin, cuairt ar leabharlann Thír an Iúir mar chuid de Seachtain na Gaeilge i mbliana.

Thaitin an scéal seo go mór liom agus mholfainn é do dhéagóirí an samhradh seo, b'fhéidir go mbeidh scéal nó dhó acu féin tar éis cuairt a thabhairt ar scioból ag bun an ghairdín!

Aislingí Ceoil

Tony Mac Mahon, Noel Hill agus Iarla Ó Lionáird

(Gael Linn 2012)

Léirmheas le Méabh Ní Thuathaláin

TAIFEADADH de cheolchoirm a thug Tony Mac Mahon, Noel Hill agus Iarla Ó Lionáird in 1993 atá sa dlúthdhiosca seo. Is ceoltóirí den scoth iad uilig agus tá roinnt mhaith taifead déanta ag an triúr acu. Meascann de cheol fuinniúil gasta ar an chonsairtín agus ar an mbosca ceoil atá ann, mar aon le hamhráin mhalla i nGaeilge. Tá beocht ag rith tríd na píosaí ceoil ar fad, ceoil rithimiúil atá ann go smior. Tá luascadh deas leis na poirt agus dea-nós ag Hill agus Mac Mahon iad a sheinm roinnt mhaith uaireanta, rud a thaitníonn liom. Tá luas gasta ag na ríleanna agus cluintear scairteanna agus 'hupanna' ón lucht féachana agus iad ag baint suilt as an gceoil. Cloistear damhsóirí an tsean-nóis ag cothú rithimí lena sála agus lena gcosa chomh maith. Faoin am ar scread Tony Mac Mahon 'Call the dancers' amach i dtraic 12, bhí mé féin ag greadadh liom ar urlár na cistine.



Is minic a théim chuig ceolchoirmeacha ina mbíonn ceol traidisiúnta agus bíonn srian ar an lucht féachana. B'fhéidir go mbíonn na cosa ag cnagadh, corrdhuine ag bogadh an chloiginn leis an gceol, corrdhuine eile ag bogadh thart sna suíocháin ach is beag duine a bhíonn sásta dul amach ar an urlár ag damhsa. Ceol damhsa atá sa cheol traidisiúnta, ceoil a chuireann daoine ag bogadh, ag léimneach thart agus ag damhsa. Is cinnte nach raibh srian ar bith ar an lucht éisteachta an oíche áirithe úd agus cuireann siad go mór leis an fhuaim bhríomhar.

Bristear an ceol le glór galánta Iarla Uí Lionáird, glór a chuireann támhnéal orm, a thógann amach as an áit ina bhfuil mé agus a fháganns ar fónamh mé. Tá ceol agus amhráin den scoth le cloisteáil ar an éisiúint snasta seo le Gael Linn agus molaim go hard é!

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

‘Cá bhfuil an Éire Dhearg?’

CHUIR Séamus Ó Conghaile, Séamus Ó Lorcáin agus Liam Ó Briain tús le Páirtí an Lucht Oibre 100 bliain ó shin, cúig bliana i ndiaidh stailc na ndugairí agus na gcarraeirí i mBéal Feirste agus bliain roimh Fhrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath.

Fiosróidh Máirín Hurndall fís Uí Chonghaile agus an áit ina bhfuil sé anois le linn an chláir ‘Cá bhfuil an Éire Dhearg?’ a bheidh le cloisteáil ar Raidió Fáilte 107.1fm agus ar www.raidiofailte.com amárach, Déardaoin, 28 Meitheamh ag 10.00in. Tá Máirín ag iarraidh a fháil amach céard a tharla don fhís sin le linn na gcéad bliain atá imithe. Tá sí ag iarraidh a fháil amach an bhfuilimid céim níos gaire do ‘Pharthas Dearg an Oileáin Ghlais’.

Joe Higgins, Ceannaire an Pháirtí Shóisialaigh.

Labhair sí le réimse mór daoine ón eite chlé, an TD Joe Higgins, Ceannaire an Pháirtí Shóisialaigh, Erskine Holmes ó Pháirtí Lucht Oibre Thuaisceart Éireann (NILP), Pádraig Ó Mainnín ó Pháirtí Oibrithe na hÉireann (WPI), mar aon le hionadaithe ó Pháirtí Sóisialach na nOibrithe (SWP), Páirtí Cumannach na hÉireann (CPI) agus an Páirtí Aontachtach Forásach (PUP). Labhair sí leis an tráchtaire agus an t-údar, Aindrias Ó Cathasaigh freisin. “Bhí mé ag iarraidh na mná a lua,” a deir Máirín, “mar is beag tagartha a dhéantar ar na mná.” Luaitear na grúpaí sufraigéidí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus labhraítear le bean a d’oibrigh i ‘muilte sátanacha’ Bhéal Feirste - grúpa eile a d’eagraigh an Conghaileach.

Bhí an clár seo le cloisteáil ar Raidió Fáilte i mBéal Feirste ar an Luan seo caite agus déanfar athchraoladh air amárach.

Tá sé mar chuid de shraith seacht gclár, ‘Samhlaigh Sin/Imagine That’, a dhéanann staidéar ar ghluaiseachtaí agus ar imeachtaí idir 1912 - 1923, mar chuid de chomóradh 100 bliain ó thús na tréimhse sin. Beidh an tsraith iomlán le cloisteáil ar Raidió Fáilte ón Luan, 9.00 Iúil.

Fuarthas maoiniú don tsraith ón gComhairle um Chaidreamh Pobail agus ó Chiste an Chrannchuir Oidhreachta.

Maoiniú faighte ag dhá thogra Ghaeilge

D’FHÓGAIR Údarás Craolacháin na hÉireann an 12 léiritheoir neamhspleách agus na sé stáisiún raidió a fuair maoiniú sa bhabhta is deireanaí den scéim maoinithe ‘Sound & Vision II’. Tá dá chlár Gaeilge i measc na gclár sin.

Fuair Máiréad Uí Dhomhnaill €15,400 don tsraith ‘Scéalta - Fadó agus go Deo’ do Raidió na Gaeltachta. Breathnóidh an tsraith ar thraidisiún na scéalaíochta in Éirinn. Labhrófar le mic léinn, daltaí scoile agus scéalaithe ó chuile aois faoin traidisiún agus an tábhacht a bhaineann leis dóibh.

Fuair Judy Meg Ní Chinnéide maoiniú do shraith raidió eile, ‘Spioradáltacht ar an Imeall’ a bheidh le cloisteáil ar an stáisiún pobail i mBaile Átha Cliath, Raidió na Life. Tá €7,470 ar fáil do Judy chun an tsraith de chláir leathuair an chloig a chur le chéile.

Breathnóidh an tsraith ar spioradáltacht in Éirinn agus na creidiúintí atá ag daoine agus grúpaí áirithe.

Rachaidh an tuairisceoir go himeachtaí spioradálta agus cultúrtha agus labhrófar le daoine éagsúla a bheidh i láthair.

Bunaíodh an scéim ‘Sound & Vision’ le maoiniú a chur ar fáil do chláir ardchaighdeáin ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann. Táthar ag siúl go gcuirfidh an scéim feabhas ar litearthacht dhaoine fásta freisin.

Fuair an comhlacht léirithe ilmheánaigh i mBaile Átha Cliath, Athena Media, maoiniú do cheithre thogra.

Beidh na sraitheanna raidió, ‘Grassroots’ agus ‘Winning Women: Going for Gold in London’ le cloisteáil ar an stáisiún Newstalk 106 - 108FM.

Feicfear an clár faisnéise, ‘Beyond Limits’ ar Setanta Sports agus déanfar an tsraith, ‘Citizens Lockout 1913’ mar chomóradh 100 bliain ar Fhrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath in 1913.

Tá eolas faoi na cláir eile a fuair maoiniú ar fáil ar www.bai.ie in éineacht le heolas faoin sprioc d’iarratais don chéad bhabhta eile den scéim ‘Sound & Vision’.

Éist le:

RTÉ Raidió a haon: The Irish Eye Le linn na sraithe seo, breathnaíonn Brendan Balfe siar ar na 50 bliain atá slánaithe ag Raidió Teilifís Éireann . An tseachtain seo, breathnóidh sé ar RTÉ agus na cláir éagsúla a bhí ar siúl ann thar na blianta. Dé Sathairn @ 1.05in.

FM104: Deireadh seachtaine Bíonn neart ceoil agus craic le cloisteáil ó láithreoir an chláir Ghaeilge seo, Clíona Ní Mhuirí, chuile seachtain. Gach Domhnach @ 8rn.

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Laochra Spóirt Ar chlár na seachtaine seo, beidh Seán Bán Breathnach ag caint le hiarbhainisteoir Chontaetha an Chláir agus na Gaillimhe, Ger Loughnane. Labhrófar faoin tinneas a bhuail é tamaill ó shin agus gheobhaimid a thuairim faoin íocaíochtaí do bhainisteoirí Chumann Lúthchleas Gael chomh maith le neart nithe eile. Dé Domhnaigh @ 1.15in.

Ger Loughnane agus Seán Bán Breathnach

Féach ar:

TG4: Claíocha Cloiche Déantar ceiliúradh sa chlár seo ar thraidisiún na mballaí cloch in Éirinn. Tugtar léargas ar na bealaí éagsúla le claí a thógáil, na scileanna a theastaíonn agus an chaoi is féidir stair agus oidhreacht ár muintire a fheiceáil sa tírdhreach speisialta atá cruthaithe thar na glúnta. Dé hAoine @ 10.45in

RTÉ a haon: Saturday Night with Miriam Cuirfear tús an tseachtain seo leis an ochtú sraith den seó cainte seo le Miriam O'Callaghan. . Labhróidh Miriam faoi chúrsaí siamsaíochta, spóirt, ceoil agus cúrsaí reatha lena haíonna speisialta le linn na sraithe. Dé Sathairn @ 9.40in.

RTÉ a dó: The Walking Dead Sa chéad chlár den tsraith seo, tá Rick ag treorú grúpa ó Atlanta. Téann duine den ghrúpa ar iarraidh agus casann siad le neart contúirtí nach bhfaca siad riamh cheana. Dé hAoine @ 9.30in.

Inis Meáin

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Crosfhocal 27.06.2012



NODA

TRASNA

1 Saighdiúir deonach (6)
4 Stiurigh, déan mar líne gan chasadh (6)
7 Chun, i dtreo (2)
8 Leigheas, íoc (6)
10 Carraig nó ábhar nádúrtha ar féidir úsáid a bhaint as (6)
13 Déan grianghraf as claonchló (4)
15 Puisíní (4)
16 Blianta fada ó shin (4)
18 Goid, tóg gan chead le foréigean (6)
21 Tá ceann ag gach tír agus tá uaine, bán agus oráiste ar cheann na tíre seo (4)
25 Áit i ndiaidh báis nár mhaith leat dul... (7)
27 Éadan (5)
28 Toradh coitianta in Ard Mhacha (3)
29 Rogha: an ceann seo nó an ceann ___ (4)
30 Galánta, an-deas (6)

SÍOS

2 Easpa, easnamh (4)
3 Ráiteas (6)
4 Ar fud an domhain, trasna an domhain (8)
5 Lorg, rud fágtha i do dhiaidh (4)
6 Suí ar ubh le sicín a chruthú (3)
9 Cé chomh nua agus úr atá ábhar (4)
11 Am crua, in am an ghátair (4)
12 Roinn, deighil (4)
14 Déan éileamh, fiafraigh (4)
17 Na litreacha cearta i bhfocal a scríobh (6)
20 Bíonn siad le feiceáil ag teacht ar bharr na farraige (6)
21 Scrios, bris i smidiríní idir dhá chloch mhóra (4)
22 Láidir (mar iolra focail) (5)
23 Ól, caitheadh dí siar (4)
24 Gan aon luas, bogadh gan aon luas (4)
26 Cé chomh hóg, nó sean agus atá duine (4)

Crosfhocal
20.06.2012



Buaiteoir na Seachtaine seo:

Caitlín Ní Lorcáin, Co. na Gaillimhe.

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 02.07.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Arbh fhearr leat mála fir nó mála plaisteach?

IS iontach nach bhfuil aon bheirt ar an saol seo mar a chéile. Siúráilte, tá go leor rudaí i gcoiteann againn le daoine ach fós fhéin tá muid éagsúil. Is maith liom an bealach a smaoineann daoine faoi rudaí ar dhá bhealach atá iomlán difriúil.

Mar shampla, tháinig cuairteoir ag an doras agam oíche agus meangadh gháire ar a éadan agus is é a bhí in ard-form. Shuigh sé síos agus d'ól sé cupán tae. Faoina lámh bhí mála plaisteach, agus istigh sa mála plaisteach gorm seo, bhí a sparán, a dhialann agus a chuid spéaclaí.

Thug mé suntas don mhála mar gur cheap mé go raibh sé beagánín ait. Cén fáth nach raibh mála 'ceart' aige chun a chuid stuif a chrochadh thart leis? Sa lá atá inniu ann, níl tada ait faoi fhear má bhíonn mála ar iompar aige.

Murar theastaigh mála cáipéisí ceart uaidh, agus ba léir nár theastaigh mar nach ríomhaire a bhí sé ag crochadh thart, cén fáth nach raibh mála eile aige?

Nach bhfuil an 'mála fir' ag an gcuid is mó d'fhir na linne seo! Agus níl an fear seo seanfhaiseanta ach an oiread! Ar ndóigh thosaigh an gháire agus tosaíodh ag spochadh as. Bhí sé soiléir gur thug níos mó ná mé fhéin faoi deara an mála beag plaisteach gorm.

Cuireadh ina leith, mar jóc, nach raibh sé sásta a chuid airgid a chaitheamh ar mhála ceart. Is ansin ar thosaigh sé fhéin ag gáire agus mheabhraigh sé dhúinn gur chaith sé 22 cent an mála sin, agus gur mó úsáide a bhainfidh sé as an mála céanna ná ceann daor leathair. Dúirt sé gur féidir leis an oiread rudaí agus atá sé a iarraidh a chaitheamh isteach ann mar go bhfuil i bhfad níos mó spáis ann na i málaí eile. Freisin má tharlaíonn rud ar bith don mhála, nach cuma, níl ar cheann nua acu ach 22 cent eile! Chuir sé iontas air-san gur chuir an mála beag iontas orainne.

Mála fir.

Nach aige a bhí an cheart! Thaitin a loighic go mór liom. Is breá liom an bealach gurbh é an rud praiticiúil a bhí uaidh agus nach raibh baint ná páirt ag a íomhá leis. Bíonn in iomarca béime againn, ó am go chéile, ar tuairimí daoine eile. Anois, ní shin le rá go bhfuil mise réidh le dhul ag babhtáil mo chuid málaí álainne ar mhálaí plaisteacha, ach mheabhraigh sé aríst eile dom go mbíonn blas ar an mbeagán.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: An Scéim Saorthaistil

Ceist:

Tá mo dheartháir, ar baintreach fir é, díreach tar éis 66 bliain d'aois a shlánú. Is mian leis taisteal ar fud na hÉireann, agus Thuaisceart Éireann chomh maith. Conas a fhaigheann sé a Phas Saorthaistil agus an féidir liomsa taisteal leis chomh maith (nílim 66 go fóill)?

Freagra:

TÁ gach uile dhuine atá 66 bliain d'aois nó níos sine agus ar a bhfuil buanchónaí sa Stát i dteideal Pas Saorthaistil a fháil, faoin Scéim Saorthaistil. Tá fáil ar Shaorthaisteal ar iompar uile poiblí an Stáit (busanna, iarnród agus seirbhís LUAS Bhaile Átha Cliath) agus ar líon teoranta seirbhísí atá á n-oibriú ag cuideachtaí iompar busanna príobháideach.

Má tá pinsean leasa shóisialaigh á fháil ag do dheartháir, eiseofar an Pas Saorthaistil dó go huathoibríoch. Seachas sin, ní mór dó iarratas a dhéanamh trí fhoirm iarratais FT1 ar Shaorthaisteal a chomhlánú. Is féidir leis an fhoirm seo, agus faisnéis bhreise a fháil óna oifig áitiúil leasa shóisialaigh nó ar líne ó láithreán gréasáin na Roinne Coimirce Sóisialaí (www.welfare.ie).

Ní bheidh sé i dteideal ach chun Pas Saorthaistil Chomhpánaigh a fháil (a cheadaíonn compánach ainmnithe taisteal leis saor in aisce) murar féidir leis taisteal leis féin. Mura tusa a chompánach ainmnithe, beidh ort fanacht go dtí go mbaineann tú 66 bliain d'aois amach chun do Phas Saorthaisteal féin a fháil.

Chun taisteal i dTuaisceart Éireann saor in aisce ar an uile sheirbhís bus agus iarnróid, teastóidh cárta Pas Cliste Sinsearach uaidh agus is féidir leis é a fháil trí fhoirm iarratais FTNI1 a chomhlánú. Tá fáil air óna oifig áitiúil leasa shóisialaigh. Níl fáil air ar líne.

Má bhíonn sé i dteideal Pas Saorthaistil Chomhpánaigh a fháil, féadfaidh an duine sin leanúint agus taisteal leis saor in aisce ar thurais trasteorann ach níl an duine sin i dteideal saorthaisteal a fháil ar iompar poiblí laistigh de Thuaisceart Éireann.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Níl cothrom na Féinne á fháil ag peileadóirí Phort Láirge

Gráinne McElwain

"DÉ réir mar atá na cluichí tábhachtacha ag teacht chun cinn is in olcas atá na hullmhúcháin ag dul agus is magadh ar fad é," a deir Liam Ó Lionnáin, imreoir peile Phort Láirge agus é thar a bheith míshásta leis an dóigh atá cursaí peile ag dul sa chontae faoi láthair.

Ar an Satharn beag seo beidh na peileadóirí as Port Láirge ag tabhairt aghaidh ar Chill Mhantáin sna babhtaí cáilithe den Chraobh, ach níl na himreoirí tar éis traenáil le chéile ach uair amháin in aghaidh na seachtaine le mí anuas ó d'imir siad in aghaidh Luimnigh i gCraobh na Mumhan i mí Bealtaine. Mura bhfuil sin dona go leor, níor éirigh leo traenáil le chéile an tseachtain seo caite ar chor ar bith mar nach raibh a ndóthain imreoirí ann don traenáil.

"Rinne na clubanna go leor gearáin anuraidh faoina laghad cluichí a bhí ar siúl le linn an tsamhraidh mar gheall ar na foirne idirchontae agus tógadh cinneadh níos mó cluichí a imirt i mbliana dá bharr sin. Ar an bhfoireann se'againne imríonn gach peileadóir iomáint club agus bhí cluichí iomána againn gach seachtain ar feadh míosa roimh an gcluiche craoibhe in aghaidh Luimnigh.

"Fiú an tseachtain seo caite, bhí cluiche craoibhe iomána agam agus muid in ainm a bheith ag ullmhú don chluiche mór peile an Satharn beag seo. Ní fheicfeá é seo in aon chontae eile atá dáiríre faoin gcraobh agus faoi rudaí a bhuachan. Níl sé féaráilte agus tá an fhoireann idirchontae peile ag fulaingt dá bharr. Ní tharlaíonn sé seo leis an bhfoireann idirchontae iomána," a deir Liam.

"Ó mhí Eanáir, tá rudaí beaga tar éis tarlú agus anois tá teannas idir na peileadóirí agus Bord an Chontae. Níl costais faighte againn do mhí Aibreáin ná Bealtaine go fóill agus tá roinnt daoine ag déanamh go leor taistil ó Bhaile Átha Cliath agus turasanna fada eile. Rinne muid gearán chuig an GPA agus chuaigh siad i mbun cainte leis an mBord.

"Fuair muid costais mhí Eanáir roimh an gcluiche in aghaidh Luimnigh an mhí seo caite ach níl an t-éadach ná an feisteas ceart faighte ag imreoirí nua atá ar an bpainéal agus ní cóir go mbeadh sé sin ag tarlú." Chaill Port Láirge go dona in aghaidh pheileadóirí Luimnigh sa chraobh 0-7 le 2-12 cé go bhfuair siad an lámh in uachtar orthu níos luaithe i mbliana sa tsraith.

"Ní raibh muid go maith an lá sin ach bhí imreoirí gortaithe agus in easnamh orainn chomh maith. Ní raibh muid céad faoin gcéad aclaí ach an oiread mar bhí fadhb ag roinnt imreoirí ó thaobh traenála de mar nár scaoil na clubanna leo roimh an gcluiche. Chuir gach rud a bhí ag tarlú le Bord an Chontae isteach orainn agus tá imreoirí tuirseach anois dó."

"Tá an bhainistíocht ag déanamh a ndícheall ach bhí orthu cluiche dúshláine a chur ar ceal coicís ó shin mar nár scaoil na clubanna leis na himreoirí. Tá sé sin dochreidte agus muid ag ullmhú don chraobh. Chuir Gary Hurney captaen na foirne ceist orm an dtiocfadh mé ar arís an bhliain seo chugainn agus ba é an freagra a bhí agam ná cén fáth a dtiocfainn mura n-athródh rudaí?"

"Fuair muid an lámh in uachtar ar Chill Mhantáin sa tsraith agus tá a fhios agam go bhfuil muid in ann iad a bhualadh. Tá cosaint an-mhaith againn agus tá Gary Hurney ar ais ó ghortú agus sin buntáiste mhór. Ach tá an painéal in ísle brí agus tá go leor imreoirí den tuairim mura bhfuil Bord an Chontae ag tacú linn cén mhaith atá ann? Chuir Gaelscéal scairt ar rúnaí Bhord an Chontae i bPort Láirge, Tim O'Keefe, agus dar leis níl aon teannas idir na himreoirí agus Bord an Chontae. " Tá costais na bpeileadóirí againn agus íocfar iad go luath agus maidir le feisteas agus bróga, thug muid 38 feisteas amach idir fheisteas traenála agus fheisteas baistí do na peileadóirí i mí Feabhra mar aon le 64 péire bróg peile. Is faoin mbainistíocht atá sé, ach in amanntaí tagann daoine nua isteach ar an bpainéal tar éis na sraithe agus fágann daoine an painéal. Níl againn ach méid áirithe feisteas le tabhairt amach."

"Níl aon difríocht idir na foirne peile agus iomána ó thaobh Bhord an Chontae de agus faigheann na peileadóirí an méid céanna agus a fhaigheann na hiománaithe. Ach le linn na sraithe bailíodh €38,000 ag an ngeata do dhá chluiche iomána sa bhaile i gcomparáid le €1,600 thar ceithre chluiche baile do na peileadóirí. Tá muid ag brath ar airgead ag an gheata chun rudaí a choinneáil ag dul," a dúirt an tUas O'Keefe.

Níl peileadóirí Phort Láirge ag fáil go leor deise chun ullmhúchán a dhéanamh do chluichí de réir Liam Uí Lionnáin.

Imreoirí óga ag cothú iomaíochta

Tá imreoirí óga cosúil le Ciarán Kilkenny ag cothú an-iomaíocht i measc pheileadóirí Bhaile Átha Cliath de réir fhear lárpáirce an chontae, Eamonn Fennell.

Cillian Ó Conchúir

TAR éis dó gortuithe a chur uaidh agus aghaidh a thabhairt ar Lú sa bhabhta ceathrú ceannais, tá Eamonn ag tnúth le teacht Loch Garman go ceanncheathrú an CLG ar an Domhnach agus iad ag iarraidh cuimhní Craobh Laighean na bliana seo caite a ruaigeadh.

Tar éis do Mossie Quinn liathróid ard a chur isteach i dtreo an chúil, tháinig cúlbáire Loch Garman, Anthony Masterson, amach agus bhuail sé an liathróid chun tosaigh lena lámha. Ar an drochuair, bhuail sé cliabhrach chosantóir Loch Garman, Graham Molloy agus isteach leis sa chúl. Chuaigh Baile Áth Cliath agus Fennell ar aghaidh chun Corn Mhic Uidhir a iompar ó Pháirc an Chrócaigh an samhradh seo caite. Bhí an-chuid ama ag Loch Garman smaoineamh ar an méid a d'fhéadfadh tarlú dá mba rud é gur aimsigh siad an bua an lá sin. Tuigeann Fennell é sin ach creideann sé go bhfuil na himreoirí óga atá ag teacht tríd ag brú na foirne ar aghaidh. "Tá an-chuid iomaíochta san fhoireann le linn traenála. Beidh sé deacair (in éadan Loch Garman). Ceithre seachtainí atá ann ón gcluiche deireanach sa craobhchomórtas agus tá a fhios ag gach éinne nach bhfuil aon aclaíocht cosúil le haclaíocht an chraobhchomórtais.

"Is féidir le duine ar bith a rá go bhfuil muid mar rogha na coitiantachta ach ní thugann muid aon aird air sin. Bíonn muid dírithe i gcónaí ar an méid atá amach romhainn agus tá dúshlán mór amach romhainn ar an Domhnach. Is foireann iontach iad Loch Garman. Bhí an t-ádh dearg orainn an bua a fháil orthu an bhliain seo caite agus léiríonn sé sin, mura bhfuil tú ag imirt ag an leibhéal is airde, gur féidir leis na foirne seo tú a ghortú. Caithfimid a bheith aireach dá bharr."

Seans go bhfuil Fennell ag tabhairt aniomarca measa d'fhoireann nár bhuaigh Craobh Laighean ó 1945. Tar éis dóibh Craobh Faoi 21 Laighean a bhuachan anuraidh, tá beart nua imreoirí ag teacht tríd chun meon Bhaile Áth Cliath a thástáil. An rud is tábhachtaí do Fennell ná áit a dhaingniú dó féin i bhfoireann chomh hiomaíoch leis an gceann seo faoi stiúir Pat Gilroy.

"An sprioc atá agam i gcónaí ná cluiche a tosú agus a chríochnú. Tá an aclaíocht agam seachtó nóiméad a imirt. An t-aon rud atá ann ná an chéad chúigear déag a bhaint amach. Bhí an t-ádh orm an fhoireann tosaigh a bhaint amach i gcoinne Lú agus rinne mé dóthain chun fanacht ar an bhfoireann.

"Tugann ceithre seachtainí am duit na gortaithe uile a chur ina cheart. Táim ag tnúth go mór leis agus tá gach imreoir réidh chun aghaidh a thabhairt ar Loch Garman."

Beidh ar Loch Garman an cluiche is fhearr atá imeartha acu le 50 bliain a imirt chun an lá a thabhairt leo agus daoine ag ceapadh go bhfuil Baile Áth Cliath sa chluiche Craoibhe cheana féin. Dar le Fennell, tá aigne na n-imreoirí dírithe ar a bhfuil os a gcomhair amach, seachas ar an méid atá á rá ag na meáin fúthu.

"Bhí an brú i gcónaí ann chun Craobh na hÉireann a bhuachan. Ach tá sé sin déanta againn agus déanfaimid dearmad air sin anois. Nuair a deirtear gur rogha na coitiantachta muid, is cuma linn faoi sin. Caithfimid a bheith muiníneach sa mhéid is féidir linn bhaint amach. Má oibríonn muid go crua sna babhtaí traenála agus lasmuigh de laethanta na gcluichí móra, tá fhios againn gur féidir linn rudaí móra a bhaint amach."

I mbliana tá cuid mhaith imreoirí Faoi 21 tagtha tríd chun an fhoireann sinsear a neartú agus dar le Fennell, tá siad ag léiriú gur féidir leo dul in iomaíocht ag an ngrád sinsear.

"Tháinig Ciarán Kilkenny isteach tar éis na hArdteiste. Níl mórán feicthe agam de. Níl ach dhá chluiche imeartha aige, ach d'imir sé thar barr sna cluichí sin. Is tallann mór é don todhchaí. Tá roinnt imreoirí tar éis teacht suas ón bhfoireann Faoi 21; leithéidí Ciarán (Kilkenny), Emmet Ó Conghaile, Jack McCaffrey, Kevin O'Brien agus Johnny Cooper fiú.

"Tá na fir seo tar éis Craobh na hÉireann a bhuachan agus is imreoirí maithe iad le tabhairt isteach. Déanann siad na babhtaí traenála i bhfad níos deacra. Bíonn iomaíocht uait chun an cúigear déag tosaigh a bhaint amach, ach tá iomaíocht ann chun an 30 (painéal) a bhaint amach."

Cé go gcreideann Fennell go mbeidh ról ag an ádh i gcluichí na foirne i gcoinne Loch Garman, is cinnte go bhfuil Gilroy tar éis gné an áidh a laghdú leis an méid traenála agus ullmhúcháin a dhéanann siad roimh chluichí. Is ait mar a tharlaíonn rudaí sa Craobhchomórtas, áfach, agus má bhíonn an t-ádh le Loch Garman, d'fhéadfadh cath fíochmhar a bheith ann an Domhnach seo.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 27 Meitheamh, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Baile Átha Cliath buailte go dona

Imreoirí Bhaile Átha Cliath agus Chill Chainnigh ag imirt i gCo. Laoise Dé Sathairn seo caite.

CAD é mar cluiche aontaobhach iománaíochta a bhí againn nuair a chuir Baile Átha Cliath agus fathaigh Chill Chainnigh chun páirce an Satharn seo caite. Cad is féidir a rá faoi iománaithe Chill Chainnigh nach bhfuil ráite go mion minic cheana.

Chuireadar chun páirce gan beirt de na hiománaithe is fearr sa tír, Michael Fennelly agus Michael Rice, ach níor chuir sé isteach ná amach orthu in aon chor.

Léirigh na hógánaigh, Cillian Buckley agus Richie Doyle, go bhfuil siad ag an gcaighdeán an-ard atá ag teastáil chun a bheith mar chuid de phainéal na gCat. Agus céard faoi Henry Shefflin? Arís tá sé ag ag teacht ar ais i ndiaidh tamaill fhada gortaithe agus ag taispeáint nach fada go mbeidh sé i mbarr a réime. Bhí Richie Power go hiontach freisin agus é ag teacht ar ais ó ghortú. Ar an dtaispéantas sin is cinnte go mbeidh siad ag bailiú Liam arís i mbliana.

Ach céard faoi Bhaile Átha Cliath bocht ? Níl aon dabht nach bhfuil siad chomh dona san. Bhíodar go hainnis ar an lá agus caithfidh go bhfuil an-díomá ar Anthony Daly agus a chuid roghnóirí. Ach é sin ráite, tá i bhfad níos mó iontu agus tá dúshlán amach roimh Daly anois iad a phiocadh suas taobh istigh de choicís nuair a bheidh siad ag imirt sna cluichí cáilithe.

Deineadh an tarraingt do na cluichí sin maidin Dé Luan agus beidh ar Bhaile Átha Cliath taisteal chuig Inis chun tabhairt faoi fhoireann Davy Fitz (agus Dalo sa chúinne eile). Sa chluiche eile, déanfaidh Uíbh Fhailí an turas go Corcaigh. Tuilleadh faoi na cluichí sin an tseachtain seo chugainn.

Tá a fhios againn anois gurb iad Tiobrad Árann agus Port Láirge a bheidh i gcoinne a chéile i gcraobhchluiche na Mumhan a bheidh á imirt ar Lá Fhéile Naomh Swithin i bPáirc Uí Chaoimh. Bhí ionadh ar chuid maith daoine nuair a roghnaíodh fhoireann Thiobraid Árann gan Eoin Kelly nó Lar Corbett ag tosú. Bhíomar ag ceapadh nach mbeadh Corbett ag tosú ach tháinig sé aniar aduaidh orainn nuair nár piocadh Kelly (captaen buacach 2010) agus nár ghlac sé ach páirt anbheag sa chluiche.

Bhí an coimhlint seo i bhfad níos fearr ná ceann an tSathairn sa Tulach Mhór. Ní raibh an toradh cinntithe gur dtí gur shéid Brian Gavin an fheadóg dheiridh.

Bhaineas an taitneamh as an gcluiche. Thosaigh Corcaigh go láidir agus cheapas go rabhadar roinnt mhaith níos fearr ná na Tiobradaigh sa chéad leath ach níor chuireadar a ndóthain scóranna ar clár na scór sa tréimhse sin. Sa dara leath tharraing na seaimpíní greim ar ais ar an gcluiche le cabhair cúl iontach foirne críochnaithe ag Noel McGrath. Ansin cuireadh John O'Brien den pháirc do na Tiobradaigh ach mar a tharlaíonn go minic, is í an fhoireann leis an gceathrar déag a dhéanann níos fearr.

Déarfainn go bhfuil Corcaigh sásta go leor leis an taispéantas ach tá a fhios acu go raibh gach seans acu an cluiche seo a bhuacaint.

Tá na Tiobradaigh fós ag tochailt ar aghaidh ach rithfidh an t-ádh nó na paidreacha amach sar i bhfad mar is cinnte nach bhfuil siad leath chomh maith agus a bhíodar dhá bhliain ó shin.

Leanfaidh na cluichí cáilithe iománaíochta ar aghaidh an Satharn seo nuair a thiocfaidh Aontroim ar cuairt chugainn i Luimneach agus nuair a chuirfidh Loch Garman agus Ceatharlach chun páirce i bPáirc Loch Garman.

Bhíos an-sásta le taispéantas bhuachaillí Luimnigh i gcoinne Laoise an Satharn seo chaite. Bhí an cluiche buaite againn ag leatham. Sa dara leath, thógamar isteach ceathrar fear ionad, ina measc, an sárimreoir, Declan Hannon, a bhí gortaithe go dtí le déanaí. Scóráil an seanfhondúir, Niall Moran, trí chúl, rud a chinntíonn a áit an Satharn beag seo.

Sa pheil in Uladh an Domhnach seo, beidh coimhlint ghéar idir Dhún na nGall agus Thír Eoghan. Ar ndóigh tá an Dún, agus an t-ádh leo, ag feitheamh ar na buaiteoirí. Tá Jim McGuinness ag leanúint ar aghaidh leis an sárobair a thosaigh sé anuraidh ach ar ndóigh beidh an máistir é fhéin, Mickey Harte, ar an líne freisin agus a sheifteanna féin aige. Táim ag siúil leis an gcluiche seo agus is dócha go dtiocfaidh seaimpíní an chúige as an bpéire seo.

I gConnacht, tá an suíomh ullamh freisin. Ag tosach na bliana níor cheap mé go mbeadh Sligeach sa chraobhchluiche ach tá siad ann agus gach seans acu, ach bheithfeá ag ceapadh go mbeadh Muigh Eo rómhaith dóibh.

Tá cuid maith cluichí cáilithe peile ar siúl an deireadh seachtaine, rud a cháilíonn go mbeidh deireadh tagtha leis an séasúr craoibhe do na foirne a bhuailfear.

Cluichí cáilithe crua geallta

Amharcann **Cillian Ó Conchúir** ar na cluichí cáilithe peile a bheas ar siúl ag an deireadh seachtaine

Lú v an Iarmhí

Dá mba rud é go raibh Lú sa taobh eile den tarraingt i gCúige Laighean, gach seans go dtabharfaidís sárchluiche do Chill Dara nó don Mhí, ach nuair a d'imir siad foireann Bhaile Áth Cliath theip orthu go hiomlán. Anois tugann siad aghaidh ar na babhtaí cáilithe. Tá an bua faighte ag Lú ar an Iarmhí faoi dhó i mbliana, bua sa céad bhabhta de chraobhchomórtas Laighean san áireamh.

Ach tá deacrachtaí ag foireann Lú uimhreacha a chur le chéile chun traenáil agus beidh deacrachtaí acu fanacht i gCraobh na hÉireann. Ní dhéanfaidh an Iarmhí an botúin céanna agus a rinneadar ag tús Chraobh Laighean agus beidh an lá leo, cé go bhfuil captaen na foirne, Gary Connaughton, imithe chuig na Stáit Aontaithe.

Ros Comáin v Ard Mhacha

Is é seo an cluiche is spéisiula sa bhabhta cáilithe seo. Tabharfaidh Ros Comáin aghaidh ar Ard Mhacha tar éis don dá fhoireann cailleadh i gcoinne Ghaillimh agus Thír Eoghain sa chéad bhabhta de Chraobh na gCúigí. An t-aon chúis áthais atá ag muintir Ros Comáin ná go bhfuil an cluiche le n-imirt ar Pháirc de hÍde. Ní raibh Donie Shine ar bharr a mhaitheasa os comhair na gcúl nuair a chliseadar i gcoinne na Gaillimhe.

Ó thuaidh, nuair a cuireadh Kevin Dyas den pháirc i gcoinne Thír Eoghain, ní raibh deis ag foireann Paddy O'Rourke an bhearna a dhúnadh. Léiríodar sa tsraith gur féidir leo sárpheil a imirt agus gach seans gur féidir leo foireann an iarthair a shárú.

Beidh O'Rourke ag súil go mbeidh biseach ar Aaron Kernan agus Justin McMahon a gortaíodh i gcoinne Thír Eoghain.

Uíbh Fhailí v Tiobraid Árann

Tar éis dóibh fíorchluiche a thabhairt do Chiarraí i gCúige Mumhan, tabharfaidh Tiobraid Árann aghaidh ar Uíbh Fhailí. Bhí fir Laighean lofa nuair a thug siad aghaidh ar Chill Dara an deireadh seachtaine seo caite agus beidh fir Peter Creedon ag ceapadh go bhféadfaidh siad an chéad babhta eile a bhaint amach. Beidh Creedon ag iarraidh toradh na bliana seo caite sa chéad babhta cáilithe a sheachaint, nuair a fuair Laois bua cuimsitheach ar Tiobraid Árann.

David Givney, Co. an Chabháin. GRIANGHRAF : PHOTOCALL IRELAND

Ronan Green, Co. Lú ag imirt in aghaidh Callum Mc Cormack , Co. na hIarmhí ag craobhchomórtas Laighean le déanaí. GHRIANGHRAF : PHOTOCALL IRELAND

Ray Finnegan ó Lú sa tóir ar Sheán Gannon ó Cheatharlach. GRIANGHRAF : PHOTOCALL IRELAND

Doire v An Longfort

Chuir An Longfort Laois amach as Craobhchomórtas Laighean sa chéad babhta ach theip orthu an bua a fháil ar an Loch Garman nuair a bhí na deiseanna acu i bPáirc an Chrócaigh sa babhta ceathrú ceannais. Seachtain dár gcionn fuair Loch Garman an bua orthu le cúilín amháin. Beidh siad ag iarraidh dul céim níos faide ná an dara babhta cáilithe, áfach, rud a bhain siad amach anuraidh.

Beidh Paddy Bradley agus Doire ag iarraidh an cáineadh a fuair Maigh Eo dhá bhliain ó shin a sheachaint nuair a chaill na Connachtaigh i gcoinne An Longfoirt sna babhtaí cáilithe. Tar éis do Dhún na nGall an fhoireann a bhaint ó chéile, beidh ar Dhoire a theacht chucu féin go tapa agus a bheith aireach. Má tagann siad le chéile tá deis acu taispeántais mhaithe leanúnacha a thabhairt ar bhealach an chúldorais.

Fear Manach v An Cabhán

Coimhlint áitiúil a bheas ann Dé Sathairn in Inis Ceithleann nuair a thabharfaidh Fear Manach aghaidh ar an gCabhán. Ní raibh lá iontach ag ceachtar foireann sa Chraobh go dtí seo - bhí bua maith ag an Dún ar Fhear Manach agus ag Dún na nGall ar an gCabhán. Tá aithne mhaith ag an gCabhán ar na babhtaí cáilithe le roinnt blianta anuas tar éis dóibh cliseadh sa chéad babhta cáilithe i gcoinne An Longfoirt in 2011, Cill Mhantáin in 2010, Cill Dara in 2008 agus 2006 agus Maigh Eo in 2007. Dúshlán mór é seo d'fhir Peter Canavan chomh maith, foireann a chaill in éadan Londain sna babhtaí cáilithe anuraidh.

Londain v Aontroim

Tar éis bua na bliana seo caite i gcoinne Fhear Manach, beidh Londain ag iarraidh foireann eile a bhualadh sa bhaile i mbliana. Bhíodar ag ceapadh go mbeadh siad in ann foireann Liatroma a chloí i gCraobh Chonnacht i mbliana.

Theip orthu agus is tríd an gcúldoras a rachaidh siad arís i mbliana. Bhuail Aontroim an Iarmhí agus Ceatharlach sna babhtaí cáilithe in 2011 agus beidh siad ag tnúth le níos mó peile a imirt i mbliana.

Laois v Ceatharlach

Tar éis dóibh Lú a bhualadh an bhliain seo caite i gcluiche ceathrú ceannais Chúige Laighean, theip glan ar Cheatharlach sa chúldoras i gcoinne Aontroma. I mbliana chur an Mhí ó chraobhchomórtas na gCúigí iad gan stró. Cé nach bhfuil foireann Laoise aon phioc chomh láidir agus a bhí siad nuair a bhuaigh siad Craobh Laighean in 2003, ba chóir go mbeadh siad in ann an ceann is fearr a fháil ar Cheatharlach.

'Obair baile' déanta ag an Mí do dhúshlán Chill Dara

Tá cúlbáire na Mí, David Gallagher, ag iarraidh díriú ar pheil seachas polaitíocht inmhéanach na foirne agus iad ag tabhairt aghaidh ar Chill Dara, Dé Domhnaigh seo chugainn.

Cillian Ó Conchúir

AG féachaint ar ateacht Chill Dara sa dara leath i gcoinne na Mí anuraidh a bhí cúlbáire na bliana seo ar fhoireann na Mí, David Gallagher. Gan aon tionchar aige ar an gcluiche ná ar an gcaoi ar tháinig Cill Dara ar ais sa chluiche úd agus an bua a bhí acu ar deireadh.

D'éirigh sé as an imirt de bharr gortaithe dá dhroim ach nuair a d'fhág Brian Murphy slán leis an bhfoireann idirchontae anuraidh, d'fhill Gallagher. Tar éis don Mhí Ceatharlach a chur ó Chraobh Laighean an tseachtain seo caite, níl an cúlbáire ag ceapadh go mbeidh lá éasca acu i ceannáras an CLG.

"Níl muid ag cur dallamullóige orainn féin. Is iad Cill Dara rogha na coitiantachta go láidir don chluiche ach táimid tar éis obair chrua a chur isteach an bhliain go léir. Ní dheachaigh cúrsaí rómhaith ach bhíomar ag díriú ar an gcraobhchomórtas, mar a bhíonn gach foireann.

"Tagann teocht an tsamhraidh chugainn nuair a tosaíonn an craobhchomórtas. Sin an fáth a ndéanann tú traenáil ar feadh sé nó seacht mí, go dtugann tú an méid sin ama don pheil Ghaelach. Beimid ag teacht go Baile Átha Cliath le an-chuid muiníne tar éis an chluiche i gcoinne Ceatharlach agus tabharfaimid cluiche maith do Chill Dara."

Fuair an Mhí an bua ar Lú agus Gaillimh anuraidh, sular chlis siad i gcoinne Cill Dara sa tríú babhta cáilithe, 0-14 le 2-11.

Tuigeann Gallagher gur cluiche crua a bhéas ann ar an Domhnach ach tá sé den tuairim go bhfuil foireann Sheamus McEnaney ar an airdeall faoi thallann Chill Dara.

"Ní insíonn stair an chomórtais bréag. Tá siad ann le roinnt blianta anuas, ach tá ár n-obair baile déanta againn orthu agus tá imreoirí maithe againne chomh maith. Tá súil agam gur féidir leo bagairt Chill Dara a laghdú.

"Níl aon amhras ach go bhfuil siad go maith mar aonad. Léirigh siad é sin i gcoinne Uíbh Fhailí. Ach féach, tá súil agam go mbeidh an obair baile atá déanta againn maith go leor chun muid a thabhairt trasna an líne deiridh ar an Domhnach.



Cúlbaire na Mí, David Gallagher.

" Más féidir leo an bua a fháil ar fhoireann láidir Chill Dara, d'fhéadfadh an Mhí na cathanna stairiúla a athnuachan i gcoinne Bhaile Átha Cliath. Is spreagadh é an méid sin do Ghallagher agus don Mhí roimh aghaidh a thabhairt ar Chill Dara, ach diaidh ar ndiaidh a thógtar na caisleáin.

"Tá bealach fada le dul go dtí sin, agus b'fhéidir go mbeidh rud éigin le rá ag Loch Garman faoi sin chomh maith. Aisling a bheadh ann dá mbeadh Baile Átha Cliath i gcoinne na Mí don Chraobh, ach nílimid ag smaoineamh faoi aon aisling seachas an dúshlán mór atá os ár gcomhair i gcoinne Chill Dara."

> **"Is cluiche amaitéarach é agus tugann imreoirí an-chuid dá gcuid ama chun sin a dhéanamh. Ní chóir go n-éireoidh sé polaitiúil, ach sin a tharla."**

Nach ait a mac an saol. Cúpla mí ó shin bhí na sceana amuigh do McEnaney. Anois, leis an Mhí ar tí Chraobh Laighean a bhaint amach, tá dearmad nach mór déanta ar an méid a tharla agus spreagadh tugtha ag an méid a tharla don fhoireann.

"Ní raibh sé éasca le linn na bliana agus bhí fearg sa timpeall. Bhí sé ag éirí polaitiúil - gné nár chóir a theacht isteach sa spórt. Is cluiche amaitéarach é agus tugann imreoirí an-chuid dá gcuid ama chun sin a dhéanamh. Ní chóir go n-éireoidh sé polaitiúil, ach sin a tharla.

"Tá sin fágtha inár ndiaidh againn agus táimid chun ár n-iarracht is fearr a thabhairt. Tá súil agam go bhfuil sé tar éis na himreoirí a neartú don Domhnach. Ní bheidh an méid a tharla mar ábhar cainte más féidir linn cluiche leathcheannais a bhuachan nó Craobh Laighean a bhaint amach.

"Tá daoine ag iarraidh go mbeidh rath ar an bhfoireann agus tá súil agam go dtiocfaidh siad amach chun tacaíocht a thabhairt dúinn."

Ach mar is eol don Mhí, tá líne tanaí idir rath agus cliseadh. Féach siar go tús na sraithe agus ní raibh siad i bhfad uaidh.

"D'fhéadfadh muid a bheith ar thóir áite i Roinn a hAon tar éis trí chluiche, ach ag deireadh na sraithe bhíomar i Roinn a Trí, le cic den liathróid idir Roinn a Dó agus Trí. Caithfidh tú a bheith dírithe ar feadh an 70 nó 75 nóiméad agus más féidir linn é sin a dhéanamh ar an Domhnach ní bheidh muid i bhfad ó Chill Dara."